


Tuarascáil Bhliantúil 17/18

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

www.cit.ie



Clár Chisti Eorpacha Struchtúrtha agus Infheistíochta na hÉireann 2014–2020

Cómhainíthe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach



CISTI STRUCHTÚRTHA AONTAS NA HEORPA





Campas Bhaile an Easpaig CIT



Ceolscoil Chorcaí (CSC CIT)



Coláiste Ealaíne & Deartha CIT (CEDC CIT)



Coláiste Náisiunta Mara na hÉireann (CNMÉ)



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tuarascáil Bhliantúil 17/18

www.cit.ie



Stair

Is fada agus is oiric í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institution, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution nua fairsingthe seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 socraíodh Coláiste Teicniúil a bhunú agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaí a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920aidí, bhí sí rannpháirteach i gcéim in innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh dioplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteach Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960aidí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí foirgníochta ón Institiúid, a bhí plódaithe, go dtí Scoil na Foirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar Scoil na Foirgníochta agus Innealtóireachta Leictreá a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh TD, an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Mar thoradh ar athbhreithniú náisiúnta ar dhaonchumhacht, iarradh ar Institiúidí Ard-Oideachais tograí a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais in 1978 le haghaidh cúrsaí nua céime a chuirfeadh le scileanna daonchumhachta céimithe an fhórsa oibre in Éirinn. Mhol Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí faoi stiúr a Phríomhaí James P Roche ceithre chúrsa céime, Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach, Innealtóireacht Mheicniúil, agus Ríomhaireacht. Bhí dianghníomhaíocht ar siúl sa choláiste chun ábhar cúrsa a ullmhú do na cúrsaí agus chun creidiúnú a lorg ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais. D'éirigh leis an tionscnamh agus bronnadh a gcuid pár ar chéad chéimithe na gcúrsaí sin in 1983. Thuill na cúrsaí an-mheas ó na páirtithe leasmhara sa tsochaí agus sa tionsclaíocht. Ina dhiaidh sin thug Institiúid Innealtóirí Éireann creidiúnú do na cúrsaí le haghaidh bhallaíocht ghairmiúil na hInstitiúide agus thug ballraíocht san Institiúid do chéimithe na gcúrsaí sin in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach, agus Innealtóireacht Mheicniúil. Thug Institiúid na hInnealtóirí Ceimiceacha creidiúnú ar leithligh don chéim in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht) le haghaidh bhallaíocht chorparáideach na hInstitiúide.

Tionóladh na 25ú Comórtais Idirnáisiúnta do Phrintísigh i gColáiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí ó 2 – 17 Meán Fómhair 1979. Tionóladh na Comórtais féin i dtríocha is ceithre scil ceirde i gcampas Bhaile an Easpaig go príomha agus bhí cúig thír déag ón Eoraip, ón Áise agus ó Mheiriceá san iomaíocht. Sheas an dian-ullmhúchán do na comórtais níos mó ná bliain agus ba ghá láithreáin theicniúla ar ardshonraíocht a ullmhú. Bhí breis is sé chéad iomaitheoir agus feidhmeannach ar an láthair agus ba mhór an cúram é cóiríocht a aimsiú do na cuairteoirí sin in óstáin na cathrach agus an chontae. Rinneadh ócáidí sóisialta a réiteach go cúramach do na haíonna agus bhí cuid mhaith imeachtaí cultúrtha agus cuairteanna ar áiteanna áille sa réigiún i gceist. Léiríodh ardleibhéal sástachta le cur i láthair na n-imeachtaí cultúrtha Gaelacha. D'oscail an tAire Oideachais, John Wilson TD, na comórtais agus bhronn an tAire Saothair, Gene Fitzgerald TD, na duaiseanna ag an searmanas dúnta. Thug Uachtarán na hÉireann, an Dr Pádraig Ó hIarghaile, cuairt ar na comórtais. Mheas idir chuireoirí agus an Roinn Oideachais gur éirigh thar barr go hidirnáisiúnta leis na himeachtaí agus bhí Éire sa tríú háit i dtábla na mbonn. Chuir an imeacht go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar ionad don leibhéal is airde d'ullmhúchán agus éachtaí teicniúla.

Rinneadh aonán féinrialaithe de Choláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin

do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag an CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oile chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus ar shaotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na hInstitiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 rinne Micheál Martin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta, Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí a athainmniú mar “Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí”.

In 1998 rinne grúpa athbhreithnithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) agus, mar thoradh ar a gcuid moltaí, chinn an Rialtas in 1999 go dtabharfaí cumhacht don Institiúid a cuid Dioplómaí agus Teastas féin a bhronnadh de réir gnáthaimh a comhaontaíodh le Comhairle Náisiúnta na gDámhachtainí Oideachais. Ba é sin an chéad chéim i dtarmilgean údarás d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a céimeanna oideachais féin a bhronnadh.

In Deireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaid de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoráid i Rinn an Scidigh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é CNMÉ atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh trádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistiú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) lánúdarás dámhachtana a tharmilgean dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmilgean d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh an t-údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmilgean le comhaontú Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQAI) agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá inchomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás seo dámhachtainí a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Le linn na tréimhse 2005 – 2007, cuireadh críoch le agus áitíodh sraith foirgneamh duaiseora d’ardchaighdeán, mar atá Lárionad na Mac Léinn, an tÁras Riaracháin, an tÁras Turasóireachta agus Fáilteachais, agus iad mórthimpeall ar chlós. Cuireann na foirgnimh sin go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraíthe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach agus tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolasbhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta sin don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharáid Mhór, Corcaigh agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheoirse agus tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó na páirtithe leasmhara seachtracha, ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d’ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach. Thug an Comhpháirtí Poiblí Príobháideach, Hochtief, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar láimh go hoifigiúil d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreachta na hInstitiúide ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na hInstitiúide www.cit.ie a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh

de CIT forbraíodh dhá thionscadal breise a raibh mar chuspóir leo seirbhís thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn na hInstitiúide. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne (gateway.cit.ie) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn (www.mycit.com) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990aidí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe TD, Staidiam Spóirt nua.

Is comhoibriú í Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe idir Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bronntóir príobháideach. I mí na Samhna 2007 osclaíodh don phobal í mar Lárionad Eolaíochta, Réadlann agus bialann cois abhann agus ghnóthaigh sí gradam idirnáisiúnta.

Ba sa bhliain 1582 a tógadh an chéad túr, atógadh é in 1733 agus tógadh é mar atá sé inniu in 1829. Rinneadh athnuachan air sna 1960aidí agus fuair Bardas Chorcaí seilbh air in 2001. Baineann tábhacht leis an gCaisleán i gcur chun cinn na hEolaíochta agus suntasacht CIT i measc phobal an oideachais agus na sochaí.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe TD, cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpaig a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as SAM chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuíomh agus an fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht printíseachta dá cuid ar Champas Bhaile an Easpaig. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'institiúidí tríú leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun an Conradh le Tyco a shíniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad Taighde NIMBUS le haghaidh Taighde ar Chórais Leabaithe. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) in 2007, is é NIMBUS an chéad fhoirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léirigh sé comhoibriú agus bainistiú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtír, conraitheoirí tógála agus ag an bhfoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú go dtí córas seachadta curaclaim modúlbnaithe i gcrích faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspóirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlacháin ag CIT. Chomh maith le córas modúlbnaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na cláir fochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Ar 7 Meán Fómhair 2015, cheannaigh an Institiúid foirgneamh i lár na cathrach, 46 Sráid an Chapail Bhuí. Tá ollachar de 1,265mcr ag an bhfoirgneamh thar 4 urlár agus tá sé suite go feiceálach, é ag féachaint amach thar an Meal Theas, é os comhair Sráid an Chapail Bhuí agus é ar bhruach Abhainn na Laoi. Tá sé cóngarach freisin do Dhroichead Coise Nano Nagle. Tá cóiríocht san fhoirgneamh do mhic léinn agus baill foirne as Coláiste Ealaíne agus Deartha Chorcaí CIT.

Le blianta beaga, tá Comhaontuithe sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus Institiúidí go náisiúnta agus ar fud an domhain chun comhoibriú ar chlár acadúla agus taighde. Tá naisc láidre forbartha go háirithe ag an Institiúid le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin, agus le hOllscoil Pune, san India.

Misean agus Luachanna Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluachanna na hInstitiúide.

Ár Misean

Táimid bródúil as an misean agus an ról ar leith atá againn i soláthar an ardoideachais don réigiún agus níos faide i gcéin. Is é ár misean:

Oideachas agus taighde mac léinn-láraithe agus gairm-láraithe a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí mhór sa réigiún agus níos faide i gcéin.

Ár nGealltanais

Tá an Institiúid tiomanta dá ról laistigh den réigiún agus go náisiúnta. Agus ár misean á chomhlíonadh againn thar raon iomlán na ngníomhaíochtaí atá againn, táimid dírithe ar na gealltanais seo a leanas a chuimsíonn tosaíochtaí, éiteas agus luachanna a chomhlíonadh...

- Is Institiúid mac léinn-láraithe í CIT
- Déanann CIT oideachas agus taighde mac-léinn láraithe a sheachadadh
- Cuireann CIT rochtain uileghabhálach ar fáil ar an ardoideachas
- Imríonn CIT ról réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta

Ár bhFÍS

Agus aghaidh againn ar an todhchaí, is uailmhianach agus dúshlánach í an fhís atá againn d'fhorbairt CIT, mar atá:

Beidh CIT ina hionad idirnáisiúnta aitheanta barr feabhais i soláthar oideachais ghairm-dhírthe a chuireann ar fáil daoine gairmiúla, éifeachtacha, eiticiúla a bhfuil an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht ar a gcumas acu.

Ár Spriocanna á mBaint Amach

Tá ár spriocanna straitéiseacha ailínithe le spriocanna náisiúnta níos leithne ar a n-áirítear iad siúd a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030.

An Creat Straitéiseach Bainistíochta

Tá glactha ag an Institiúid le cur chuige solúbtha agus oiriúnaitheach do bhainistíocht straitéiseach agus do phleanáil straitéiseach.

Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2012 – 2016.

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Cork Institute of Technology



Clár na n-ábhar

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

	Leathanach
1. Réamhrá	11
1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach	12
1.2 Ráiteas ón Uachtarán	13
1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas	14
1.4 Gaeilge & Cultúr	15
1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin	16
1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide	19
1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt	24
2. Rialachas	29
2.1 Ballraíocht an Bhord Rialaithe	30
2.2 Cruinnithe den Bhord Rialaithe	31
2.3 Costais an Bhord Rialaithe	33
2.4 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	34
2.5 Foireann Shinsearach na hInstitiúide	35
3. Gnóthaí Acadúla & Mic Léinn	39
3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla	40
3.2 Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	43
3.3 Coistí na Comhairle Acadúla	44
3.4 Forbairt Acadúil	45
3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha a bhí ag feidhmiú in 2017/18	46
3.6 Cúrsaí Faofa Fáilte Éireann agus Ceardaíochta a bhí ag feidhmiú in 2017/18	52
3.7 Cúrsaí Faofa – Páirtaimseartha a bhí ag feidhmiú in 2017/18	53
3.8 Údaráis Bhailíochtaithe	59
3.9 Scrúdaitheoirí Seachtracha	61
3.10 Staitisticí Mic Léinn	70
3.11 Duaiseanna & Éachtaí Mic Léinn agus Céimí	74
3.12 Ombudsman na Mac Léinn	82
3.13 Tuarascáil ar an tSeirbhís Rochtana	83
4. Taighde, Nuálaíocht & Fiontraíocht, Rannpháirtíocht Sheachtrach, Rannpháirtíocht Alumni agus Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE	89
4.1 Taighde	90
4.2 Foilseacháin Taighde	93
4.3 Nuálaíocht & Fiontraíocht	104
4.4 Rannpháirtíocht Sheachtrach	109
4.5 Rannpháirtíocht Alumni	115
4.6 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE	116
5. Acmhainní Daonna	123
5.1 Tuairascáil ar Acmhainní Daonna	124
5.2 Líon na Foirne	125
5.3 Éachtaí Foirne	127
6. Tuarascáil Airgeadais	131
6.1 Tuarascáil Airgeadais 2017/18	132
6.2 Cuntais Iniúchta 2017/18	133
7. Faisnéis Eile	173
7.1 Nuacht & Imeachtaí	174
7.2 Forbairt Champais	179
7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí	182
7.4 Pointí Teagmhála	184



Coláiste Ealaíne & Deartha CIT (CEDC CIT)

1. Réamhrá

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach
- 1.2 Ráiteas ón Uachtarán
- 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas
- 1.4 Gaeilge & Cultúr
- 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin
- 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide
- 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach

Ar son an Bhord Rialaithe, is ábhar gliondair dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2017/18 a chur i láthair.

Tá CIT dírithe i gcónaí ar an oideachas mac léinnláraithe is fearr sa tír a chur ar fáil do na mic léinn. Tá CIT tiomanta do chuidiú le foghlaimoirí a lán-acmhainneacht a bhaint amach agus chun an t-eolas agus an taithí a thabhairt do na mic léinn is gá dóibh chun ardchaighdeán a bhaint amach ina bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil.

Is cúis bróid dom a rá gur éirigh thar barr le 2017/18 le haghaidh CIT agus tharla raidhse éachtaí agus buaicphointí suntasacha i gcaitheamh na bliana. Fuair CIT an Gradam ‘Gnó Mór na Bliana’ de chuid Chumann Gnó Chorcaí. Fuair an Institiúid Gradam don Oidhreacht & Caomhnú is Fearr ag Gradaim Better Building Chorcaí 2017 as Uimh. 46 Sráid an Chapail Bhuí a athchóiriú. D’éirigh thar barr le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí nuair a óstaíodh roinnt comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus chuir leis an taighde agus an nuálaíocht.

Leanann an Institiúid de bheith ag cothú nasc le hollscoileanna idirnáisiúnta, rud a chinntíonn go mbíonn deis ag mic léinn i ndisciplíní éagsúla agus i sainréimsí leas a bhaint as deiseanna uathúla oideachais, taighde agus oiliúna. Le linn na bliana, chuir CIT fáilte roimh chuairteoirí as Coláiste Endicott, SAM agus as Ollscoil Da Nang, Vietnam, d’fhonn comhoibrithe leantacha a neartú.

Ar feadh na bliana, rinne mic léinn CIT ionadaíocht don Institiúid go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta lena gcuid éachtaí suntasacha. Ba mhaith liom agus mo Chomh-Ghobharnóirí iadsan agus foireann acadúil CIT a mholadh i ngeall air sin.

Rinne CIT roinnt buanna i gcúrsaí spóirt i gcineálacha éagsúla spóirt ar a n-áirítear tréantógáil meáchain, CLG fear agus ban, peil Astrálach, curachóireacht, hacaí, cicdhornálaíocht agus spóirt raoin is faiche. Ba mhian linn comhghárdeas a ghlacadh le gach duine a raibh baint acu leo agus cuirimid dea-mhian in iúl don bhliain seo chugainn.

Tá cúrsaí ealaíne agus cultúir ina ndlúthchuid den saol do chách ag CIT. Tharla breis is 180 imeacht le linn 2017/18 ag ionaid thiomnaithe ealaíon CIT agus ar fud an domhain, a raibh idir bhaill foirne, mhic léinn, alumni de chuid CIT, thionscail ealaíon, agus an pobal mór bainteach leo. Leanann CIT de bheith ag cothú spéise agus tiomantas i neartú comhpháirtíochtaí rathúla sna healaíona ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Tá CIT agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí (IT Thrá Lí) ag comhoibriú le chéile i gcónaí ar a slí chun bheith ina hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM). Ar 21 Meán Fómhair 2017, fuair foireann agus mic léinn ag CIT agus IT Thrá Lí litir uaimse agus ó Chathaoirleach Bhord Rialaithe IT Thrá Lí, Lionel Alexander Uas., a thugann breachtuaireasc ar thiomantas an dá institiúid don sprioc sin a bhaint amach. Cloch mhíle shuntasach a bhí sa litir agus sinn ag obair i dtreo ainmniúcháin chumaisc a bhaint amach mar OTM.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú mar Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe chun mo bhuíochas agus meas mór a chur in iúl don bhainistíocht, d’fhoireann agus na mic léinn go hiomlán as a dtiomantas suntasach agus leantach do CIT.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a chur in iúl do mo chomh-Ghobharnóirí a spreagann a gcion ar an mBord Rialaithe agus ar choistí éagsúla d’forbairt na hInstitiúide seo ar bhealach suntasach.

Bob Savage
Cathaoirleach

1.2 Ráiteas ón Uachtarán

Is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a chur i láthair den chéad uair ó chuaigh mé i mbun an róil mar Uachtarán i Meán Fómhair 2017. Le linn na bliana seo caite, lean CIT de bheith ag dul chun cinn mar institiúid. Rinneamar cuid mhaith imeachtaí rathúla náisiúnta agus idirnáisiúnta a cheiliúradh sna réimsí sármhaitheas acadúil, taighde & nuálaíocht, spórt, agus ealaín agus cultúr. Mar is iondual, táimid dírithe i gcónaí ar an oideachas mac léinnláraithe is fearr sa tír a chur ar fáil dár gcuid mac léinn.

I mbliana, fuair CIT an phríomhdhuais agus acaláid mar ‘Cork Business of the Year – Large Category Award 2017’ ó Chumann Gnó Chorcaí i ngeall ar na buntáistí eacnamaíochta, chomh maith leis na gnéithe ollmhóra sóisialta agus cultúrtha a thugann sí don réigiún.

B’ábhar áthais do CIT clár I Wish 2018 a sheoladh, tionscnamh chun mic léinn bhaineanna a ghríosadh, a mhisniú agus a spreagadh le gairmeacha beatha in STEM a roghnú. Sheol an Institiúid freisin a céad Straitéis Fiontraíochta riamh agus bhí sí ar cheann de na chéad Institiúidí Ardoideachais sa tír a d’fhoilsigh straitéis thraseagraíochta a bhí dírithe ar an bhfiontraíocht.

Reachtáladh tríú Comhdháil Idirnáisiúnta UNESCO ar feadh trí lá i Meán Fómhair 2017. Ba í Corcaigh an chéad chathair Eorpach a d’óstaigh an chomhdháil dhomhanda clúiteach seo le breis is 500 toscaire as níos mó ná 95 tír i láthair. Ar an tríú lá, thug toscairí cuairt ar Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NCMI) agus chuaigh abhaile agus dea-thuairim acu faoi CIT.

Tá CIT ag saothrú go dícheallach i gcomhar le IT Thrá Lí ar mhaithe le bheith ainmnithe mar OTM. Fuair idir fhoireann agus mhic léinn ag CIT agus IT Thrá Lí litir i Meán Fómhair 2017 ó na Cathaoirligh faoi seach de chuid Bhord Rialaithe gach Institiúide a léirigh tiomantas an dá institiúid d’ainmniú mar OTM a bhaint amach. D’aibhsigh an litir cloch mhíle shuntasach agus CIT agus IT Thrá Lí ag obair as lámha a chéile chun an sprioc sin a bhaint amach. Léirigh achtú Acht TU 2018 i Márta 2018 an tslí a rachaidh tionscadal na hOTM chun cinn go foirmiúil.

D’éirigh le cuid mhaith iarrachtaí spóirt i gcaitheamh na bliana agus san áireamh bhí peil na mban agus na bhfear, dornálaíocht, curachóireacht, hacaí, cicdhornálaíocht agus cluichí raoin is faiche. D’éirigh le Club Tréantógála Meáchain CIT cúig is fiche curiarracht náisiúnta a bhuachan agus roghnaíodh é beirt chomhalta le haghaidh Chraobhchluichí an Domhain.

Is dlúthchuid den Institiúid i gcónaí iad na healaíona agus an cultúr. I mí na Nollag 2017, d’oscail Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Tony Fitzgerald, 46 Sráid an Chapail Bhuí mar chuid de champas CEDC CIT. Bronnadh duais ar CIT sa Chatagóir Oidhreacht agus Caomhnú ag Gradaim Better Building Chorcaí 2018 as caomhnú an fhoirgnimh. Lena chois sin, bhí 182 imeacht d’ardchaighdeán ealaíne agus cultúir ar siúl le linn 2017/18 ag láithreacha tiomanta agus ar an ardán idirnáisiúnta. San áireamh sna himeachtaí sin bhí amharcealaíona, ceol, amharclannaíocht, léachtaí agus léirithe poiblí a raibh baint ag idir fhoireann, mhic léinn, alumni, thionscail na n-ealaíon agus an pobal leo.

Ar deireadh, ba mhian liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár mic léinn, leis an bhfoireann agus leis na páirtithe leasmhara, nach mbeadh dul chun cinn agus forbairt CIT indéanta dá n-oireasa. Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun buíochas mór a chur in iúl dár mBord Rialaithe agus don Chathaoirleach Bob Savage Uas. as a dtacaíocht le linn na bliana. Is fearrda mar áit í CIT an cion a thug siad.

A bhúi libh go léir an bhliain iontach agus rathúil agus táim ag súil le breis mhór tuarascálacha dearfacha sna blianta atá le teacht.

Míle buíochas le gach éinne.

An Dr Barry O’Connor
Uachtarán

1.3 Ráiteas Maidir le Comhionannas

Is fostóir comhdheiseanna í CIT. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann leithcheal ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, datha, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Saothróidh CIT i gcónaí chun cleachtais éagóracha a dhíothú agus cuirfidh agus forbróidh sí éiteas an chomhionannais laistigh den Institiúid.

1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

Ar na samplaí sonracha faoina bhfuil an Institiúid ag tacú le Cultúr na hÉireann tá teagasc Ceol Traidisiúnta na hÉireann sna Ranna Staidéir Sreanguirlisí agus Staidéir Gaothuirilís, Cnaguirlisí, Gutha & Drámaíochta. Rinneadh blas-seisiún ceithre sheachtain de Ranganna Seite na hÉireann a thairiscint don fhoireann.

Tá an Ghaeilge ar fáil mar ábhar roghnach, dar teideal 'An Ghaeilge' (LANG6014), sa Roinn Staidéir Spóirt, Áineasa & Luathóige do na cúrsaí seo a leanas

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Oideachas Luathóige
- Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Oideachas Montessori
- Baitsiléir Ealaíon in Oideachas Luathóige

Lena chois sin, tá sí le fáil freisin mar Mhodúl Saor-Rogha, agus thug mic léinn as cúrsaí éagsúla faoin modúl seo.

Tá deis ar fáil ag mic léinn de chuid na hInstitiúide a bheith páirteach i gCumann Ceoil Thraidisiúnta na hÉireann inar féidir leo idirghníomhú ar bhonn sóisialta le mic léinn eile a bhfuil spéis dá leithéid i gCeol Traidisiúnta na hÉireann. Eagraítear seisiúin ceoil go rialta in ionaid i gCeolscoil Chorcaí CIT agus in ionaid ar fud na cathrach. Tacaíonn Oifig Ealaíon CIT go mór mór le gníomhaíochtaí Gaeilge agus Cultúir.

1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar cheithre phríomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbruachbhailte thiar Chathair Chorcaí
Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
Ceolscoil Chorcaí (CSC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) atá suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas, a bhfuil achar 35 heicteár ann, suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Ghnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin, an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla, an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Seachtracha agus an Leas-Uachtaráin d'Airgeadas & Riarachán.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad Taighde NIMBUS suite ar an gcampas seo freisin.

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT)

Cuimsíonn CEDC CIT trí roinn. Tá Roinn na Mínealaíne agus na hEalaíne Feidhmí agus an Roinn Ealaíon i Slainte agus Oideachas bunaithe i lar na cathrach – an chéad cheann san fhoirgneamh i Sráid Sharman Crawford, foirgneamh ó na luath-1900aidí atá liostaithe, agus an dara ceann san fhoirgneamh sainchomhartha a fuarthas agus a athchóiríodh le déanaí ag Uimh. 46 Sráid an Chapail Bhúí. Ina bhfuil lonnaithe freisin an MA Ealaíne & Próisis. Is cuid de CEDC CIT freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig.


Ceolscoil Chorcaí CIT (CSC CIT)

Téann stair CSC CIT siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarchláir, Staidéar Ceoltóireachta & Acadúil, Staidéar Sreanguirlisí, agus Staidéir Gaothuirlisí, Cnaguirlisí, Gutha & Drámaíochta.


Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ)

Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingeas tráchtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (CCÉ). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid tráchtála den Choláiste.

1.5 Cairt Eagrúcháin Acadúil na hInstitiúide (1 de 2)



1.5 Cairt Eagrúcháin Acadúil na hInstitiúide (1 de 2)



1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide

Feidhmíonn na Lárionaid agus an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha

1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD)

Trí bhíthin RCCD, tá CIT ag athrú dearcaí i leith na heolaíochta, na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta go dearfach agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad barr feabhais i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíocht a bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCCD lárionad barr feabhais san eolaíocht ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún, rud a chothaíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann 100,000 cuairteoir cuairt ar RCCD in aghaidh na bliana.

2. Lárionad Rubicon

Is Lárionad Goir ar champas CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta tosaithe eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliaint, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirse Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tár éis áit a bhaint amach mar chatalaíoch don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m². Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhíú agus forás gnólachtaí dianeolais go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

3. Aonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar na Tionscadail de chuid an Chiste Nuálaíochta Straitéise (SIF) atá á dtreorú ag CIT *An tOideachas san Fhostaíocht* (Timthriall 1) agus *Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla* (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná 9 nInstitiúid Teicneolaíochta agus 2 Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear *Aistriú Eolais sa Churaclam* atá á threorú ag WIT, an *Tionscadal Foghlama Solúbtha* atá á threorú ag IIT agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschur na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteachta a phríomhshruthú.

Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta

1. An Lárionad Taighde BIO-EXPLORE

Is é atá sa Lárionad Taighde Bith-Fhionnachtana ná grúpa ildisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, ó Cheimic, Fisic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleighis. Cuirfidh an Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht ildisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil don tionsclaíocht agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn BIO-EXPLORE:

- MEDIC – an Lárionad d'Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforba

Dhá sprioc ardleibhéal atá ag MEDIC, mar atá, cur le hacmhainn Taighde Bithleighis agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí leighis agus táirgí a bhfuil acmhainn tráchtála iontu a fhorbairt. Déanfaidh MEDIC na feistí agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtálaithe (e.g. cuideachta atá ann cheana féin trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischiudeachtaí campais).

Díríonn MEDIC ar thrí shnáithe taighde: feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice i bhfeistí leighis amhail ionchlannáin ortaipéideacha); Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar siúl d'fhonn táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróic agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fhisiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach; agus Leigheas Theiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnáimhe, comhdhúilí athghiniúnacha agus antabhaicéireacha.

- Taighde Micribhitheolaíochta/Víreolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus a comhdhúile nua antaimiocróbacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine;
- Taighde ar an mBithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíocha;
- Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a fhorbairt;
- Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghníomhaithe – dírithe ar leithlisiú, tréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící na mais-speictriméadrachta a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fiosraithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha le Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí agus le Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaithe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach don tionsclaíocht agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá Cumann na nInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhbhall é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta don Taighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar cláir shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

3. Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCAE)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006 agus Comhairle Chathair Chorcaí. Agus gairm na haitireachta laistigh den réigiún ag tacú leis, is fiontar uathúil é Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht thrasinstiúideach.

Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

4. An Lárionad d'Ardfhótónaic & Anailís Próisis (CAPP)

Déanann CAPP taighde feidhmeach agus bunúsach araon ar an bhfótónaic le haghaidh feidhmeanna i réimsí atá chomh héagsúil leis an teileachumarsáid, feistí leighis, bia agus déantúsaíocht cógasáíochta. Is éard atá san fhótónaic ná solas a ghiniúint agus a ionramháil agus is príomhtheicneolaíocht chumasaithe í i raon leathan topaicí. Cuimsíonn Lárionad CAPP breis is 20 taighdeoir agus mac léinn iarchéime, agus tá sé lonnaithe i saotharlanna ar champas Bhaile an Easpaig (tá sé le bogadh go dtí foirgneamh nua taighde CREATE), agus in Institiúid Náisiúnta Tyndall mar chuid den chomhoibriú CIT@Tyndall. Ó 2008, bronnadh maoiniú air de bhreis is €10m, ó fhoinsí státchiste agus neamh-státchiste araon, ar a n-áirítear SFI, Fiontar Éireann, ÚAO, AE FP7 agus tionsclaíocht, agus d'fhoilsigh breis is 60 páipéar piara-léirmheasta. Tá sainchúram, ag Gateway Technology agus CAPP atá maoinithe ag Fiontar Éireann, ar leanúint ón Lárionad Feabhsúcháin Taighde CAPP a bhí ann roimhe sin, díriú ar rannpháirtíocht i dtionscal agus i dtaighde feidhmeach comhoibritheach. Déanann CAPP idirghníomhaíochtaí rathúla le breis is 30 cuideachta náisiúnta agus Eorpacha, sa raon sainchomhairleoireacht ghearrthéarma ó FMEA agus Process Excursions go tionscadail chomhoibritheacha ilbhliantula tionsclaíocha agus acadúla.

Is comhpháirtí é CAPP i Lárionad Taighde Chomhtháite Fótónaice na hÉireann (I-PIC a maoiníodh le déanaí. Ceann de na seacht Lárionad Taighde é sin a mhaoinigh SFI in 2013 sa chistiú stáit/tionscail/taighde is mó riamh in Éirinn, a mbeidh iomlán de €300m i gceist leis thar 6 bliana. Ba í CIT an t-aon institiúid teicneolaíochta a maoiníodh sa ghla. Laistigh de lárionad I-PIC, a chosain €23, beidh CAPP ag obair ar thionscadail in éineacht le 5 chuideachta réigiúnacha, cuideachtaí ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánacha, chomh maith le croíthaighde a bhaineann go hábhartha le gach ball den lárionad.

5. Lárionad NIMBUS don Taighde i gCórais Leabaithe Líonraithe

Is foirgneamh taighde úrscothach de 1,800m² a tógadh le sainchuspóir é Lárionad Taighde NIMBUS arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Chórais Leabaithe Líonraithe a chnámh droma. Is é an t-aon lárionad taighde in Éirinn é atá tiomanta don réimse sin. Cuimsíonn NIMBUS an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionsclaíochta le Lárionad Taighde NIMBUS agus cuireann “siopa aon stad” ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad NIMBUS deis ar fáil don tionsclaíocht úsáid a bhaint as saotharlanna tionsclaíochta agus teacht ar chlár tacaíochta. Tá foireann de bhreis is 80, idir thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime, lonnaithe ann.

Tá freagracht phríomhúil ar thaighdeoirí NIMBUS as feidhmiú agus sochar a bhaint as an Leaba Tástála Náisiúnta Fuinnimh Inmharthana Tógála a cuireadh i gcrích in 2013 ar Champas Bhaile an Easpaig. Tá an leaba tástála, nach bhfuil a leithéid eile in Éirinn, arna páirtmhaoiniú i gcomhar le United Technologies Research Centre, corparáid ilnáisiúnta Mheiriceánach.

Oibríonn NIMBUS an tsaoráid um Nuálaíocht Córas agus Seirbhísí Uisce i gcomhar le Comhairlí Chontae agus Chathair Chorcaí agus imríonn ról tábhachtach i Lárionad Mhala um Nuálaíocht Córas.

6. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ar Champas Bhaile an Easpáig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choisctheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar ar tugadh tacaíocht dó. I ngach tír ina bhfuil lárionad barr feabhais dá leithéid is ag, nó i gcomhar le, rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadhbheathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionsclaíochta.

Is comhlacht neamhspleách é an CTC, arb é a misean comhairle agus cabhair a thabhairt don tionsclaíocht, don rialtas agus don tsochaí araon maidir le patrún inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta níos fearr. Cinntíonn iontaofacht agus cáil an CTC measúnú neamhchlaonta ar shaincheisteanna comhshaoil. Is é atá mar sprioc aige tomhaltas agus patrún táirgeachta a bhogadh i dtreo chur chuige atá níos coiscthigh, trí Tháirgeacht Níos Glaine agus úsáid na Teicneolaíochta Níos Glaine. Baineann buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil le táirgeadh níos glaine. Ó shin i leith, tá forás tagtha air sin go dtí “táirgeacht inbhuanaithe” a bhfuil san áireamh inti gnéithe amhail freagracht shóisialta chorparáideach.

Óna thús, aithníodh CTC mar lárionad barr feabhais i réimse an bhainistithe comhshaoil agus mar cheann den dream is mó a chuireann an táirgeacht níos glaine agus na cuir chuige coisctheacha le haghaidh chosaint an chomhshaoil chun cinn in Éirinn agus san Eoraip. Bhí sé gníomhach riamh i dtaighde agus sainchomhairleacht i gcúrsaí comhshaoil chun comhairle mhaith agus cabhair a chur ar fáil do raon leathan cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. Orthu siúd áirítear cuideachtaí aonair, grúpaí earnálacha, agus scátheagraíochtaí tionsclaíochta. Tá punann tionsclaíoch de bhreis agus 500 cuideachta ag CTC. Ar na cliant eile tá údarás áitiúla, áisíneachtaí náisiúnta agus Ranna Rialtais chomh maith le roinnt Stiúirthóireachtaí Ginearálta de chuid Choimisiún na hEorpa. Chuir CTC 140 tionscadal taighde ar an gcomhshaoil i ngníomh le breis agus 120 comhpháirtí as breis is 30 tír.

7. Lárionad CREATE

Osclaíodh Lárionad CREATE go hoifigiúil ar 6 Meitheamh 2014. Maoinítear é tríd an ÚAO faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú-Leibhéal, Timthriall 5. Tá achar 1,600m² i Lárionad CREATE ar dhá urlár agus cuireann sé spás ar fáil le haghaidh breis is 60 taighdeoir agus dá gcomhpháirtithe acadúla agus gnó, ar chostas de bhreis is €4m. Ar na príomh-chomhpháirtithe tá Coláiste Ollscoile Chorcaí, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Teagasc (Moorepark) agus Ospidéal Ollscoile Chorcaí.

Tá taighde CREATE dírithe go príomha ar an réimse taighde sláinte trasnáisiúnta agus cuimsíonn sé trí réimse chomhlántacha de na heolaíochtaí bitheacha, teicneolaíochtaí bithleighis agus ard-bhithíomhú d’fhonn taighde a spreagadh in Ard-Innealtóireacht Theiripeach. Éascóidh sé cur chuige níos cumasctha a chuireann foirne idirdhisciplíneacha ar fáil go sonracha a bhfuil speisialtachtaí acu san fhisic, ceimic, bitheolaíocht agus in innealtóireacht bhithleighis chun fíorfhadhbanna domhanda a réiteach.

Déanfaidh nádúr ildisciplíneach na timpeallachta nua taighde fionnachtain den scoth a spreagadh agus aistriú na fionnachtana sin chuig feidhmeanna nua feabhsaithe agus giniúint paitinní, ceadúnas agus cuideachtaí tosaithe sa réigiún agus go náisiúnta.

1. Bhí **Billy Lyons** BSc i dTeicneolaíocht Faisnéise agus **John Buckley** BBus (Onór) i gCuntasaíocht mar chuid d'Fhoireann rathúil Iománaíochta Chiarraí a bhuaigh Craobh B na hÉireann F21 ar 9 Meán Fómhair 2017. Bhí **Robbie Hanley** 4ú bliain BBus (Onór) i nGnó agus a chéile foirne **Darragh Fanning** 3ú bliain BBus i nGnó mar chuid d'fhoireann Luimnigh a ghnóthaigh trófaí Chraobh A na hÉireann F21 san Iománaíocht nuair a fuair siad an bua ar Chill Chainnigh le linn an deireadh seachtaine céanna.
2. Tar éis próiseas breithnithe dian míosa a rinne painéal oirirc moltóirí idirnáisiúnta, ghnóthaigh foireann mic léinn Gascon Medical de **Vincent Forde** agus **Conor O'Brien** Gradam University Start Up World HealthTech Leadership ar 19 Deireadh Fómhair 2017.
3. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl le haghaidh Dámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta ar 19 Deireadh Fómhair 2017. Trí sheisiún bronnta a bhí ann agus fuair 809 réamhchémí a gcuid pár.
4. Bhí Gradaim na Dáimhe Gnó agus Daonnachtaí ar siúl ar 19 Deireadh Fómhair 2017. Rinne an ócáid seo éachtaí na gcéimithe ab fhearr as na Scoileanna Gnó agus Daonnachtaí a cheiliúradh. Bronnadh 46 gradam.
5. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl le haghaidh Scoil na nDaonnachtaí, CEDC CIT agus Comhdhámhachtainí CIT/UCC ar 20 Deireadh Fómhair 2017. Trí sheisiún a bhí ann agus fuair 566 réamhchémí as Scoil na nDaonnachtaí, 163 as CEDC CIT, agus 91 comhdhámhachtainí CIT/UCC a gcuid pár.
6. Bhí Searmanas Bronnta CSC CIT ar siúl ar 20 Deireadh Fómhair 2017. Bronnadh 29 gradam lánaimseartha agus 189 páirtaimseartha. Bronnadh na gradaim seo a leanas ar mhic léinn a chuir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach i gcrích i gCeoltóireachta i mí an Mheithimh seo caite:

Gradam	Ainm	Roinn
An mac léinn is oirirce sa tSraith Shóisearach	Sarah Jane Kennedy	Roinn Staidéar Méarchláir
	Oscar Casey & Alexander O'Rourke	Roinn Staidéar Sreanguirlisí
	Ella McCarthy & Clodagh Sweeney	Roinn Staidéar Gaothuirlisí, Cnaguirlisí, Gutha & Drámaíochta
An mac léinn is oirirce sa tSraith Idirmheánach	Loraine O'Donovan (Buan-Trófaí Maud O'Hanlon)	Roinn Staidéar Méarchláir
	Kate O'Shea (Trófaí Cuimhneacháin Bernard B. Curtis)	Roinn Staidéar Sreanguirlisí
	Ionstraiminteach: Karl Sullivan & Eimear Corby Drámaíocht: Amaya Gillespie Guth: Marnina Winkler	Roinn Staidéar Gaothuirlisí, Cnaguirlisí, Gutha & Drámaíochta
An mac léinn is oirirce sa tSraith Shinsearach	Kevin Jansson (Buan-Trófaí Bridget Doolan)	Roinn Staidéar Méarchláir
	Callum Owens & Stéphane Petiet	Roinn Staidéar Sreanguirlisí
	Ionstraiminteach: Eoin Allen Drámaíocht: Abigale Owens Guth: Fiona Falvey	Roinn Staidéar Gaothuirlisí, Cnaguirlisí, Gutha & Drámaíochta
Na mac léinn is oirirce sa Roinn Ceoltóireachta & Staidéir Acadúil	Laoise Deasy	Clár Windwise
	Aisling Martin	Ceoltóireacht Shóisearach
	Cian Deasy	Ceoltóireacht Shinsearach

Na mic léinn is oirirce Iar - Ghrád 8	Gráinne Ní Luasa	Roinn Staidéar Méarchláir
	Kevin Jansson	Roinn Staidéar Sreanguirlisí

Ar 20 Deireadh Fómhair 2017, bronnadh duaiseanna ar mhic léinn lán-aimseartha mar seo a leanas:

Gradam	Ainm	Bliain
Mic léinn na Céime Baitsiléir Ceoil (Onór) is airde áit	Serena Sheane	Bliain 1
	Gráinne Ní Luasa	Bliain 2
	Rebecca Archer	Bliain 3
	David McElroy	Bliain 4 (Mac Léinn BMus na Bliana)
	Aoife Chawke	An tráchtas is fearr
	Anthony Mulholland	Scoláireacht Cuimhneacháin John Vallery
	Murrough Connolly	Scoláireacht Taistil Cuimhneacháin Barbara Harris
Mic léinn na Céime Baitsiléir Ceoil (Onór) i gCeoil Tíre is airde áit	Conor O'Brien	Bliain 1
	Alison Ronayne	Bliain 2
	Louis Cormack	Bliain 3
	Dearbhaile Maclean	Bliain 4 (Mac Léinn BAPM na Bliana)
Mic léinn na Céime Baitsiléir Ceoil (Onór) i Staidéar Amharclannaíochta & Drámaíochta is airde áit	Dearbhaile Skehan	Bliain 1
	Amber Deasy	Bliain 2
	Sinéad Pollard	Bliain 3
	Aisling McCarthy	Bliain 4 (Mac Léinn BATDS na Bliana)
Mic léinn na Céime Máistir is airde áit	Miriam Roycroft	Máistir Múinte i gCeoil (Taibhiú, Stiúradh, Cumadóireacht)
	Luke Daly	Máistir Múinte i gCeoil & Teicneolaíocht

- Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile le haghaidh na Dáimhe Gnó ar 23 Deireadh Fómhair 2017. Trí sheisiún a bhí ann agus fuair 810 réamhchémí a gcuid pár.
- Bhí Gradaim Mhic Léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha CSC CIT ar siúl ar 23 Deireadh Fómhair 2017 agus bronnadh 29 gradam lánaimseartha agus 187 gradam páirtaimseartha.
- Bronnadh Céimeanna ar mhic léinn CSC CIT ar 26 Deireadh Fómhair 2017. Fuair 102 réamhchémí a gcuid pár.
- Bhuaigh Capella Lyrica (cór a bhfuil 35 mac léinn lánaimseartha ann) de chuid CSC CIT an chéad duais i gcomórtas guth na mban amháin agus an phríomhdhuais freisin ag Féile Córacha Idirnáisiúnta Dhoire ar an Domhnach 29 Deireadh Fómhair 2017.

11. Bhí na Craobhchluichí do Chorn FAI na bhFear agus na mBan ar siúl i Staidiam Aviva ar an Domhnach 4 Samhain 2017.
- Fuair foireann na mban de chuid Chathair Chorcaí FC an bua 1 – 0 ar Waves UCD. D’imir mic léinn reatha, iarmhí léinn agus baill foirne róil mhóra i gcabhrú leis an dá fhoireann i mBua na Craoibhe Coirn. Ba iad a rinne ionadaíocht d’fhoireann na mban **Amanda Buden** (Bain. Áineasa & Fóillíochta, BBus (Onór) 2017), **Natalie O’Brien** (Bain. Áineasa & Fóillíochta 2016, BBus (Onór) 2017), ball foirne Giom. CIT, agus **Courtney O’Keefe** (Bain. Áineasa & Fóillíochta 2016, BBus (Onór) 2017) agus **Kate O’Donovan** (Eolaíochtaí Bitheacha Bliain 1).
 - Ar fhoireann na bhfear bhí **Alan Bennett** (Captaen Foirne) (Bain. Áineasa & Fóillíochta 2004, BBus (Onór) 2005).
12. Ó 9 – 23 Samhain 2017, chuir Oifig na nEalaíon Taispeántas Duaiseanna STEAM i láthair i Lárionad Taispeántais James Barry. Bronntar an gradam ar ealaíontóirí ag Taispeántas na Céime Mínealaíne de chuid CEDC CIT a bhfreagraíonn do nó a iniúchán a saothar téamaí, próisis nó modheolaíochta eolaíochta i bhformáid nua agus nuálaíoch. Ba iad faighteoirí 2017 **Liudmila Kalinka** agus **Shane Power**.
13. Rinne an Dámh Ghnó agus Daonnachtaí triúr dá cuid céimithe ardghradamacha a onórú ag céad dinnéar Ghradam Alumni na Dámhe ar 23 Samhain 2017 in CIT. Bronnadh duais a rinne mac léinn CEDC **Barbara Kenneally** ar **Peter Kelly**, **John Cleary** agus **Will Sliney**.
14. Bhí Bronnadh Bliantúil Duaiseanna na hInstitiúide chun sárchéimithe 2017 a onórú ar siúl ar 27 Samhain 2017 i Seomra na Comhairle. Bronnadh na gradaim seo a leanas ar 17 gcéimí.

Ainm	Cursa	Gradam
Anne O’Toole	Baitsiléir Gnó i gCuntasaíocht	Mac Léinn Céime Baitsiléir is Fearr
Amy Kate Fala	Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Bia & Teicneolaíocht	Mac Léinn Céime Baitsiléir is Fearr
Caoimhe Conlon	Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreonach	Mac Léinn Céime Baitsiléir is Fearr
Shane Daniel Wright	Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Mhuirí	Mac Léinn Céime Baitsiléir is Fearr
Dexter O’Regan	Baitsiléir Gnó (Onór) i gCórais Faisnéise	Mac Léinn Céime Onór is Fearr
David William Jermyn	Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Leictreach	Mac Léinn Céime Onór is Fearr
Paul Richard Kingston	Baitsiléir Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Leictreach	Mac Léinn Céime Onór is Fearr
Helen O’Shea	Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Ealaín Chomhaimseartha Fheidhmeach (Ceirmeacht, Gloine, Teicstílí)	Mac Léinn Céime Onór is Fearr
Jane Delaney	Ard-Diplóma in Eolaíocht Sonraí & Anailísíocht	Mac Léinn Céime Onór is Fearr
Mary Hegarty	Baitsiléir Ceoil (Onór)	Mac Léinn Céime Onór is Fearr
Colin Gerard McGrath	Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Mhuirí	Mac Léinn Céime Onór is Fearr
Roisín O’Brien	Máistir Ealaíon i dTeiripe Ealaíne	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
Elliot Lawler	Máistir Eolaíochta i Slándáil Faisnéise	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
Claire O’Donoghue	Máistir Eolaíochta i gCleachtas Margaíochta	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
Richard John Paul Gough	Máistir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
Siun Milne	Máistir Ealaíon i dTaibhiú Ceoil	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
Siun Milne	Máistir Ealaíon i dTaibhiú Ceoil	Mac Léinn is Fearr Foriomlán
Jodie Kerins	Máistir Gairmiúil Oideachais in Ealaín & Dearadh	Duais Marshall Hutson- Mac Léinn Oideachais Ealaíne

15. Reachtáladh Searmanas Bliantúil Duaiseanna na Dámhe Innealtóireachta & Eolaíochta ar 28 Samhain 2017. Rinne an ócáid seo na céimithe ab fhearr ón Dámh a cheiliúradh. Bronnadh 60 duais.
16. Bhí Duaiseanna Céimithe Deartha 2017 de chuid Institiúid Dearthóirí na hÉireann ar siúl in Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ar 30 Samhain 2017 agus iontrálacha ó 484 céimí. Bhí roinnt céimithe de chuid CIT curtha ar an ngearrliosta. Ba iad seo a leanas buaiteoirí CIT agus a gcatagóirí:

Ainm	Catagóir	Tionscadal	Duais
Victor Gekker Ailtireacht, CEDC	Amharc-chumarsáid Ábhair Chlóite (seachas leabhair)	[Re] coding the “City” in A Festival of Time	Buaiteoir
Carol-Ann Kelleher Ailtireacht Istigh	Dearadh Uilíoch	Nexo Sleep Pods	Molta
Carol-Ann Kelleher Ailtireacht Istigh	Ailtireacht/Dearadh Istigh	Nexo Sleep Pods	Molta
Carol-Ann Kelleher Ailtireacht Istigh	Buaiteoir Ove ARUP	Nexo Sleep Pods	Molta
Victor Gekker Ailtireacht, CEDC	Amharc-chumarsáid. Léiriú á úsáid i nDearadh	[Re] coding the “City” in A Festival of Time	Molta

17. Bronnadh Duais ‘Pearsa Chorcaí na Míosa’ ar mhac léinn CSC CIT **Kevin Janssen** do mhí Eanáir 2018.
18. D’óstaigh CIT Debate Science: Parlaimint Mhic Léinn na hEorpa ó 24 – 26 Eanáir 2018. Roghnaíodh seisear mac léinn le freastal ar Chraobh-Shearmanas Oscailte Pharlaimint Mhic Léinn na hEorpa agus ar chuid de phríomhimeac htaí rannpháirtíochta poiblí ESOF a réachtáladh in Toulouse na Fraince i mí Iúil.
19. Ghnóthaigh an mac léinn PhD de chuid CIT/CAPPA **Simone Ladanza** an chéad áit i gcomórtas Famelab Chorcaí, a chuireann chun cinn ardchoincheapa taighde eolaíochta a chur in iúl don phobal ginearálta.
20. Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile i gCNMÉ ar 15 Feabhra 2018. Fuair 95 réamhchémí a gcuid pár.
21. Ar 16 Feabhra 2018, bronnadh Duais Mhic Léinn Leibhéal 8 ar **Nick Bailey**, a chuir i gcrích clár an BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha mar mhac léinn ar líne, ag Dinnéar Bliantúil agus Duaiseanna Mic Léinn de chuid chraobh Phoblacht na hÉireann d’Institiúid na nInnealtóirí Struchtúrtha.
22. Bronnadh an chéad dámhachtain Chomh-Dhochtúireachta le CIT/UCC in UCC ar 23 Feabhra 2018. Dámhachtain idir Eolaíochtaí Bitheacha in CIT agus Micribhitheolaíocht in UCC a bhí ann.
23. Bhí Craobhchluichí Idirollcoile de chuid Chumann Dornálaíochta Tríú Leibhéal Lúthchleasaíochta na hÉireann (IATBA) ar siúl ag an Staidiam Náisiúnta Dornálaíochta, Baile Átha Cliath ó 4 – 17 Márta 2019, agus bhí na Cluichí Ceannais ar siúl Lá Fhéile Pádraig. D’fhill Club Dornálaíochta CIT, faoi stiúir Chaptaen an Chlub, **Alex O’Keeffe**, agus Cóitseálaí John O’Donovan le 4 Bhoon Óir agus 2 Bhoon Airgid. Is mar seo a leanas liosta na mbuaiteoirí boinn:

Daniel Glavin	Bonn óir
Patricia O’Sullivan	Bonn óir
Paul Barathay	Bonn óir
Ahmed Kone	Bonn óir
Chloe Healy	Bonn Airgid
Ian Kelleher	Bonn Airgid

24. Bhronn an tUachtarán agus Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe Scoláireachtaí Rísam 2017 ag searmanas ar 12 Márta 2018 i Seomra na Comhairle. Is í an Scoil Staidéir Chéimí a d’fhorbair tionscnamh Rísam mar chuid dá thiomantas leanúnach do Dhochtúir Fealsúnachta in Oideachas agus Taighde. Lánscoláireachtaí atá iontu a chuimsíomh táillí, stípin mhíosúil agus roinnt costas ábhartha eile. Fuair an Institiúid breis is 50 iarratas PhD Rísam a mbíonn i gceist leis lántogra taighde ag maoirseoirí acadúla ionchasacha agus mic léinn PhD. Rinne painéal seachtrach Ardoideachais a bhfuil taithí acu gach ceann de na lántograí a bhreithniú agus astu siúd moladh 5 thogra le haghaidh maoinithe. Tá na faighteoirí ag déanamh taighde chasta i réimse na sláinte ginearálta pobail. Mar seo a leanas atá an liosta de na scoláireachtaí PhD a bronnadh:

Faighteoir	Roinn	Teideal agus Togra Taighde
Sarah Davis	Bainistíocht & Fiontar	Smart Ageing and Renewal through Entrepreneurial Skills Training
Madhumidha Murugan	Eolaíochtaí Bitheacha	On chip, compact and low cost optical sensors
Averil Kiely	Eolaíochtaí Bitheacha	Targeting the DNA Damage Response in Cancer: Functional characterisation of novel protein interactors
Garreth Lawrence	Eolaíochtaí Bitheacha	Battle of the bugs: development of a microbially-derived therapy against <i>Fusobacterium nucleatum</i> , a bacterial pathogen linked with colorectal cancer
Susan Goulding	Eolaíochtaí Bitheacha	Defining the potential of gene therapy with Bone Morphogenetic Protein 2 (BMP2) as a novel therapeutic approach in Parkinson's disease

25. Reachtáladh an Bronnadh don 22ú Duaiseanna Chumann & Gníomhaíochtaí Mic Léinn 2018 CIT ar 21 Márta 2018 in Halla Nexus, Campas Bhaile an Easpaig. Bronnadh 15 dhuais. Thug an Searmanas Bronnta deis aitheantas a léiriú do chion deonach oifigeach choistí na gcumann a chomhordaigh gníomhaíochtaí i gcumainn le linn na bliana.

Duaiseanna Cumainn	
Cumann na Bliana	Cumann na hIndia
An Cumann Acadúil is Fearr	Innealtóireacht Shibhialta & Struchtúrtha
An Cumann Nua is Fearr	Debate
An tmeacht is Fearr	"Bad Girls" - Ceoldráma
An tmeacht Beag is Fearr	"Mean Girls" – Prom - LADT
Duais Rísam Uile	"Cocoon" & "Trash 2 Cash"
An Cumann is Mó Feabhas	Anime & Manga

Sáréacht i nGníomhaíochtaí Cumainn & Coláiste Uile	
Kiran Shaju , Innealtóireacht Bhithleigheis 4ú Bliain	Ceannaire Foirne, Enactus

Duaiseanna Aonair	
Avinash Nagarajan , Córais Ríomhaire, 2ú Bliain	Indian, ISS
Ellen Twomey , BITeic Chógaisíochta, 4ú Bliain	Anime & Manga, Biteicneolaíocht
Konrad Im , Forbairt Pobail, 1ú Bliain	LADT
Oscar Ting , Innealtóireacht Cheimiceach & Bithchógaisíochta, 3ú Bliain	Mic Léinn Idirmáisiúnta
Alison Spitere , Eolaíocht Chothaithe & Sláinte, 4ú Bliain	Damhsa
Maggie Keating , Staidéar Amharclainne & Drámaíochta, 3ú Bliain	Ceoldráma

Best Fresher	
Nuttawud (Zach) Nutchanat , Riarachán Gnó, 1í Bliain	LADT & Enactus

26. Ar 19 Aibreán 2018, d'ostaigh Aontas na Mac Léinn Gradaim Chomhairle an Aontais inar bhronn an Dr Barry O'Connor, Uachtarán, an Dr Áine Ní Shé, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, agus an Dr Dan Collins, Riarachán Acadúil & Bainisteoir Gnóthaí Acadúla Teastais Tuilleamais mar aitheantas dá gcion deonach do shaol an champais ar ionadaithe ranga. Tá ionadaithe ranga i gcroílár fhás agus forbairt an Aontais agus imríonn siad ról tábhachtach sa phróiseas cumarsáide idir mic léinn, baill foirne agus Aontas na Mac Léinn. Cuireann siad go mór le rannpháirtíocht mhac léinn in CIT ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. I mbliana fuarthas 84 ainmniúchán. Ba iad na Faighteoirí Gradaim:

- **Jamie Cotter**, Córais Ríomhaire, 2ú Bliain
- **Konrad Im**, Forbairt Pobail, 1ú Bliain
- **Megan Kearney**, Bainistíocht TF, 4ú Bliain
- **Nuttawud (Zack) Nutchanat**, Riarachán Gnó, 1ú Bliain
- **Owen Good**, Margaíocht, 1ú Bliain
- **Ronan Burke**, Meáin Dhigiteacha Chruthaitheacha, 1ú Bliain

Fuair **Konrad Im** an gradam clúiteach "Ardlua an Uachtarán" mar aitheantas as an tsársheirbhís eiceachtúil d'Aontas na Mac Léinn in CIT.

27. Ar 25 Aibreán 2018, reáchtáladh Gradaim Spóirt 2018 CIT san fhoirgneamh Turasóireachta & Fáilteachais. Bhí slua breá mac léinn, ball foirne, ball foirne ar scor, cóitseálaithe, tuismitheoirí, ionadaithe Comhlachtaí Rialaithe éagsúla agus cairde ann chun meas a léiriú ar chion luachmhar Chlubanna Spóirt agus a gcuid ball agus tacaíocht á tabhairt acu don eispéaras mac léinnláraithe.

Thug an ócáid deis iontach don Institiúid aitheantas a thabhairt do na mic léinn a bhain feabhas amach ina rogha spóirt i gcaitheamh na bliana seo caite. Tá na gradaim bunaithe ar sháréachtaí ina spórt agus/nó ar riaradh Clubanna laistigh den Institiúid. Ba iad seo a leanas na gradaim a bronnadh:

Faighteoirí Gradam Spóirt CIT 2018

11 Buaiteoir Aonair Gradaim

Ainm	Club	Cúrsa
Patrick Bracken	Iománaíocht	Cuntasáíocht
Shane O'Leary	Cairtéireacht	Ardteicneolaíocht Déantúsaíochta
Rachel O'Mahony	Tréantógáil Meáchain	Eolaíochtaí Feidhmeacha & Biteicneolaíocht
Paul Murphy	AFL	Staidéar Gnó
Zuzana Hustakova	Leadóg	Innealtóireacht Cheimiceach & Próisís
David Mulcahy	Badmantan	Bainistíocht Foirgníochta
Conor Hughton	Seoltóireacht	Eolaíocht Loingseoireachta
Andrew Jeffers	Curachóireacht	Forbairt Bogearraí & Líonrú Ríomhaire
Raymond Walsh	Lúthchleasaíocht	Spórt agus Aclaíocht
Anthony Casey	Peil	Spórt agus Aclaíocht
Ross O'Connor	Tréantógáil Meáchain	Bainistíocht Iompair

Gradam Mac Léinn Céad Bhliana

David Kenny (Club Lúthchleasaíochta)	<ul style="list-style-type: none"> Seaimpín Craobhe Rás-Siúl Raon & Faiche Allamuigh Ollscoile Buaiteoir Óir Craobhchomórtais Shóisearachta Náisiúnta 10KM
---	--

Gradam Éachta Céimí

Derek Kavanagh Céimí Baitsiléir Eolaíochta Roinn na Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta	<ul style="list-style-type: none"> Buaiteoir Bonn Uile-Éireann Iarimreoir Sigerson
--	--

Gradaim Rísam Uile x 2

1.	Club Cairtíneachta
2.	Club Dornálaíochta

Gradam Club na Bliana

Club Tréantógála Meáchain

28. Reáchtáladh an 32ú Taispeántas Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bithleighis Chorcaí ar 26 Aibreán 2018 in Halla Nexus, Lárionad na Mac Léinn, Campas Bhaile an Easpaig. Ba é téama Thaispeántas 2018 ná "Universal Design-Design for All regardless of their age, size or disability". Agus é sa 32ú bliain dó, is é Taispeántas Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bithleighis Chorcaí, le breis is 200 seastán, an ócáid innealtóireachta oideachasúla is mó in Éirinn agus san Eoraip. Agus an fhiontraíocht, forbairt táirge ildisciplíneach nuálach agus rannpháirtíocht tionscail á gcomhcheangal aige, léirigh an t-imeacht mac léinnláraithe cuid mhaith taispeántán mórthéamach lena linn, ar a n-áirítear carranna Foirmle 1 agus macasamhlacha de stiúideó/aireagáin Leonardo da Vinci. Is imeacht seamhnach é Taispeántas Chorcaí i gcúir chun cinn na hinnealtóireachta ar leibhéal náisiúnta/idirnáisiúnta agus eiceachóras an-rathúil nuálach oideachasúil campais á dheardh.

Sular seoladh an Taispeántas, bronnadh na gradaim sáréachta seo a leanas.

Bronnadh Gradaim CIT ag an Uachtarán

Uimh	Teideal an Ghradaim	Faigheoir	
1.	Gradaim Chuimhneacháin x 2 Tim Sexton	<p>Stryde Tech TM- Mobility Enablement Device Design and Development Foireann Ildisciplíneach Nuálach Tionscnaimh Mic Léinn CIT Muireann Hickey, Kevin Hayes, Cian O'Leary, Jonathan Mullane, Alexander Sologub</p> <p>StrokeSense Medical Application Device Design & Development Foireann Ildisciplíneach Nuálach Tionscnaimh Mic Léinn CIT Kevin O'Regan, Ciara Cronin, Cathal Merz, Jamie Coleman, Emmet Cadogan, Conor McCarthy, Thom van der Kley</p>	<p>Chun aitheantas a thabhairt do sháréachtaí ar a n-áirítear: Fiontar Éireann Craobhchomórtais Náisiúnta Fiontraí Mic Léinn Buaiteoir Gradam Náisiúnta Cruickshank Intellectual Property Attornys Buaiteoir Gradam Náisiúnta 2017 Duais CIT don Nuálaíocht An Táirge is Nuálaí ó thaobh na Teicneolaíochta de Buaiteoir Gradam na hInstitiúide 2017</p> <p>Chun aitheantas a thabhairt do sháréachtaí ar a n-áirítear: Fiontar Éireann Craobhchomórtais Náisiúnta Fiontraí Mic Léinn Intel Buaiteoir Gradam Náisiúnta 2017 Duais CIT don Nuálaíocht An Deis Ghnó is Fearr Buaiteoir Gradam na hInstitiúide 2017</p>
2.	Gradam Cuimhneacháin Richard Hale	<p>Pendulife TM Dearadh agus Forbairt Feiste Leighis Iompair Foireann Ildisciplíneach Nuálach Tionscnaimh Mic Léinn CIT Ciara Doherty, Patrick Collins, Richard Moynahan, Keith Lawlor, Pádraig O'Callaghan, Yola Versteegh</p>	<p>Chun aitheantas a thabhairt do sháréachtaí ar a n-áirítear: Fiontar Éireann Craobhchomórtais Náisiúnta Fiontraí Mic Léinn Tuillteanais don tSármhaitheas Buaiteoir Gradam Náisiúnta 2017</p>

29. Reáchtáladh Craobhchomórtais an Universal Design Grand Challenge in Óstán Radisson Blu, Baile Átha Cliath ar 24 Bealtaine 2018. Cuireann an Universal Design Grand Challenge an tsármhaitheas chun cinn i dtionscadail mhic léinn a léiríonn réitigh a oibríonn do chách. Tá sé ar oscailt do mhic léinn sa tríú leibhéal sa dá bhliain dheiridh dá gcuid staidéir, d'iarchéimíthe agus do chéimíthe nua chun an tionscadal mic léinn is fearr dá gcuid a chur isteach i gcomórtas don Ghradam. Ceithre thionscadal as CIT a cuireadh ar an ngearrliosta.

Duine aonair/Foireann	Tionscadal	Catagóir	Gradam
Foireann Multidisciplinary Innovative Product Development Laboratories	Safety Snooze	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	Céad Áit
Foireann Multidisciplinary Innovative Product Development Laboratories	Ziplt!	Gradam Rogha na nDaoine don Údarás Náisiúnta Míchumais	Céad Áit
Frank Dowling , BSc (Onór) Ailtireacht, CIT/UCC CCAE	Bantry Town - Multi Generational Social Housing Project	Comhshaol tógtha	Céad Áit
Foireann Multidisciplinary Innovative Product Development Laboratories	Poschair	Mór-Dhúshlán um Dhearadh Uilíoch don Údarás Náisiúnta Míchumais	Gradam Craobhiomaitheora

30. Reáchtáladh an Gradam Global Citizen 2018 ar 19 Bealtaine in Halla an Uachtaráin, Plás Blackhall, Baile Átha Cliath. Léirigh an ócáid seo meas ar an obair chrua a rinne deonaigh idirnáisiúnta fillte. Fuair siad a nGradam Global Citizen Cré-umha, Airgid agus Óir. Is clár é an Gradam Global Citizen a spreagann deonaigh idirnáisiúnta chun leas a bhaint as a dtaithe thar sáile chun dul i mbun gnímh agus feachtas ar cheartas domhanda a mhéadú ar theacht ar ais go hÉirinn dóibh. Fuair an mac léinn i gCúram Sóisialta, **Caroline Wright**, Gradam Cré-umha Global Citizen tar éis di obair dheonach a dhéanamh le

SERVE i Mósaimbín le linn samhradh 2017. Fuair an céimí i gCúram Sóisialta, **Jackie Ní Fhógartaigh**, atá ina hintéirneach Cumann faoi láthair, Gradam Airgid Global Citizen as a cuid oibre deonaí le EIL Éireann in Guatamala.

31. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an tsamhraidh ar siúl i gCNMÉ ar 20 Meitheamh 2018. Fuair 82 réamhchéimí a gcuid par.
32. Ghnóthaigh an mac léinn PhD **Yvonne O'Byrne**, ball d'fhoireann Hacaí Ban na hÉireann, Bonn Airgid ag Corn Domhanda Hacaí na mBan a bhí ar siúl i Lárionad Hacaí agus Leadóige Lee Valley i Londain ó 21 Iúil go 5 Lúnasa 2018.
33. Taispeánadh trí chlár faisnéise le céimithe ón MA in Iriseoireacht mar aon le Meáin Nua de chuid na Roinne Meán Cumarsáide in Amharclann Rory Gallagher. Roghnaíodh na trí scannán Every Step I Take le **Jennifer Regan**, A Sea of Plastic le **Manuela Dei Grandi** agus Re-Joyce – Poetry in Modern Ireland le **Ryan Grace** le bheith páirteach i bhFéile Idirnáisiúnta Scannán Mic Léinn CampusDoc san Ísiltír.
34. Ghnóthaigh an mac léinn iarchéime agus taighdeoir **Philip Shine** de chuid CIT gradam Taighdeora Iarchéime Chumann Eolaíochta Comhshaoil na hÉireann. Bhí Philip ina mhac léinn taighde dochtúireachta faoi mhaoirseacht an Dr Michael D. Murphy agus an Dr Ted Scully sa ghrúpa taighde MeSSO i Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictir & Próisis in CIT.
35. Bronnadh céad Scoláireacht na Céime Biteicneolaíochta Cógaisíochta Janssen/CIT ar **Tadhg McCarthy**, Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa chúrsa céime Biteicneolaíochta Cógaisíochta. Cuimsíonn an sparánacht bliana seo tacaíocht airgid le linn an chúrsa agus deis socrúcháin oibre a dhéanamh ag campas UC Rinn a' Scidígh Janssen Sciences Éireann.

3.12 Ombudsman na Mac Léinn

D'fhaomh an Bord Rialaithe an Polasaí Gearáin Mic Léinn ag cruinniú dá gcuid ar 1 Iúil 2010. D'éiligh an polasaí sin go mbunófaí ról nua "Ombudsman na Mac Léinn" in CIT agus leag amach téarmaí tagartha dá ról, agus é ag tuairisciú don Uachtarán.

Cuireann Ombudsman na Mac Léinn comhairle ar mhic léinn agus cuidíonn leo maidir le réiteach a aimsiú ar bhealach neamhfhoirmiúil ar fhadhbanna nó ábhair ghearáin a bhaineann le baill foirne nó seirbhísí de chuid na hInstitiúide.

D'fhéadfadh na seirbhísí a chuireann Ombudsman na Mac Léinn ar fáil saincheisteanna ábhartha mic léinn a atreorú le haghaidh réitigh ag na seirbhísí sin de réir mar is iomchuí.

Bíonn gach fiosrúchán de chuid Ombudsman na Mac Léinn faoi rún, ach amháin i gcás go mbeadh bagairt thromchúiseach ann ar bheatha nó ar mhaoin.

Ceapachán Ombudsman na Mac Léinn

Iarradh ainmniúcháin ón bhfoireann acadúil. Rinne an tUachtarán an ceapachán tar éis athbhreithnithe a raibh baint ag an gCláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Uachtarán Aontas na Mac Léinn leis.

- Ceapadh Paul Sliney Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil, ó 24/9/2010 go 31/1/2012.
- Ceapadh Kevin Kelly Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil, ó 1/2/2012 go 31/1/2013.
- Ceapadh John P. Murphy Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil, ó 1/2/2013.

3.13 Tuarascáil ar an tSeirbhís Rochtana

Seirbhís Rochtana CIT tiomanta do rannpháirtíocht a leathnú, rochtain a nhéadú, agus tacú le torthaí dearfacha oideachasúla i gcomhair grúpaí faoi ghannionadaíocht. Tá an tSeirbhís Rochtana tiomanta go láidir do sheirbhís d'ardcháilíocht ghairmiúil agus macléinn láraithe a chur ar fáil. Cuirtear é sin i gcrích trí thiomantas tréan do phrionsabail na hinchuimsitheachta agus trí oibriú go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara.

Cuireann an tSeirbhís Rochtana raon tacaíochtaí ar fáil do ghrúpaí mic léinn atá faoi ghannionadaíocht ag an tríú leibhéal. Tacaímid le micléinn faoi mhíchumais, mic léinn lánfhásta, sealbhóirí dámhachtainí Breisoideachais, mic léinn faoi mhíbhuntáiste soc-eacnamaíochta, agus baill de mhionghrúpaí eitneacha.

Cuireann an tSeirbhís Rochtana raon leathan tacaíochtaí réamhiontrála, iontrála agus iariontrála ar fáil a fheabhsaíonn eispéaras acadúil agus torthaí foghlama na mac léinn a théann i ngleic leis an tSeirbhís. Cuimsíonn na tacaíochtaí tacaíochtaí pearsanta, tacaíochtaí acadúla agus tacaíochtaí airgeadais.

Chathair Foghlama

Tá baint ag CIT leis an tionscnamh i gCorcaigh Foghlaim ar Feadh an tSaoil a Fhorbairt agus d'oibrigh go comhoibritheach le comhghleacaithe i gComhairle Chathair Chorcaí, Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí, agus UCC. I dtairiscint UNESCO chun an 3ú Comhdháil idirnáisiúnta ar Chathracha Foghlama a thabhairt go Corcaigh. I Meán Fómhair 2017, d'óstaigh Corcaigh Comhdháil trí lá a thug le chéile níos mó ná 500 ionadaí de chuid Líonra Domhanda Cathracha Foghlama UNESCO. Ba é a bhí mar aidhm ag an gComhdháil cathracha a threorú i gcur i bhfeidhm na foghlama ar feadh an tsaol d'fhonn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil.

Le bheith sonrach faoi, ba iad cuspóirí na comhdhála ná tuiscint ar ról na foghlama ar feadh an tsaol a fhorbairt i mbaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) agus moltaí a dhéanamh le foghlaim ar feadh an tsaol a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis na SFlanna a bhaint amach. Ar na cainteoirí ag an Searmanas Oscailte bhí an Comh. Tony Fitzgerald, Ard-Mhéara Chorcaí, an tAire Mary Mitchell O'Connor, agus Ed Lee, Méara San Francisco, SAM, ceann de chomhchathracha Chorcaí.

Ba iad na comhpháirtithe i gCorcaigh a bhfuil baint acu leis na príomhghnéithe de Chathracha Foghlama UNESCO a chur i gcrích a thug na móróráidí, Ann Doherty Uas. PF Chomhairle Cathrach Chorcaí, Ted Owens Uas. PF Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, an Dr Barry O'Connor, Uachtarán CIT, agus an tOllamh Patrick O'Shea, Uachtarán UCC, ar rialachas comhtháite agus comhpháirtithe il-leasmhara a chur chun cinn d'fhonn todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do chathracha.

Cuimsíodh cuairteanna ar chomharsanachtaí Foghlama agus ar na comhpháirtithe ó chlar Chathair Foghlama Chorcaí. Tugadh na toscairí de réir a rogha ar thuras ar CIT go dtí CNMÉ, áit ar thug an tUachtarán buneolas ar an Institiúid, agus stiúraigh Conor Mowlds Uas., Ceann CNMÉ, turas ar na saoráidí. Bhí comhghleacaithe as na Dámha go léir bainteach le CIT a léiriú ar an mbealach ba dhearfáí.

Ar deireadh thiar, baineann tionscnamh na Cathrach Foghlama le feabhsú cáilíocht an tsaol do na saoránaigh i ngach tír chomhpháirtíochta; go háirithe sna réimsí oideachas agus foghlaim, sláinte, pobal, eiceolaíocht, agus geilleagar. Tá CIT tiomanta do chuidiú le Corcaigh chun Cathair Foghlama inchuimsitheach, inbhuanaithe a chruthú do chách ar feadh a saoil. Trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le Comhairle Chathair Chorcaí, BOO Chorcaí, UCC, FSS, agus pleanáil fhadtéarmach agus comhoibriú iláisiúnta, thug UNESCO aitheantas dár gcuid iarrachtaí agus sinn ag bogadh chun Stádas Cathrach Foghlama a bhaint amach.

EcCo Well

Is cur chuige comhtháite é EcCo Well chun cáilíocht saoil níos fearr a sheachadadh do na saoránaigh ar bhealach inbhuanaithe. Cuireann EcCo Well straitéisí inchuimsitheachta chun cinn chun na tionchair dhearfacha a uasmhéadú ar na deiseanna sláinte agus oideachasúla do na saoránaigh go léir chomh maith le hinbhuanaitheacht timpeallachta agus eacnamaíochta na cathrach a fhorbairt, a mbeidh mar thoradh air breis comhionannais, inchuimsitheachta sóisialta, agus ar deireadh thiar cáilíocht an tsaol.

Tá grúpa ceannaireachta EcCo Well Chorcaí tar éis a bheith ag obair ar bhealaí chun an coincheap seo a chur i bhfeidhm i réigiún Chathair Chorcaí. In Eanáir 2018, d'eagraigh Coiste EcCo Well imeacht dar teideal 'What's on Your Mind?' Seimineár Spáis Oscailte a bhí ann a thug léargas ar ghníomhaíochtaí sláinte intinne ar fud Chorcaí. D'fhreastail roinnt comhghleacaithe ar an imeacht sin. Ar na tionchair bhí: Sláinte Intinne Linbh: Óige Chnoc na hAoine, Súgradh Lasmuigh agus Sláinte Intinne:

Mucky Boots, Cur chun cinn Sláinte Intinne Láthair Oibre PSYCHED, Inchinn – Micribhithóm Putóige: UCC, Clar Folláine Scoileanna Iarbhuideachais.

Clár Seirbhíse Phríosúin Chorcaí

Tá caidreamh bunaithe ag CIT le comhghleacaithe i Seirbhís Phríosúin Chorcaí. Tugadh cuireadh do Peter O'Brien, Leas-Ghobharnóir, Edel Cunningham, Ceann Oideachais, agus Colm Carey, Comhordaitheoir Athlonnaithe agus céimí de chuid CIT láithreoireacht a dhéanamh ag cruinniú den Fhoireann Shinsearach i Nollaig 2017 chun eolas a thabhairt faoi na deiseanna foghlama le haghaidh príosúnach agus a dteaghlach trí Thionscadal Dillon's Cross.

Níos déanaí an mhí sin, shocraigh an tOifigeach Rochtana go dtabharfadh breis is 20 pearsanra de chuid CIT cuairt ar Lá Oscailte Phríosúin Chorcaí áit a raibh deis ag baill foirne dul i dteagmháil le príosúnaigh agus na saoráidí oideachais a fheiceáil ann. Ag eascairt as an gcéad teagmháil rannpháirtíochta sin, d'eagraigh an tSeirbhís Rochtana clár 'Sraith Léachtaí' pólótach sé seachtaine do na príosúnaigh, a ndearna 62 freastal air. Mar chuid den chlár rinne an tSeirbhís Rochtana teagmháil le mná céile, cailíní, agus máithreacha na bpríosúnach agus trí Thionscadal Dillon's Cross thug deis dóibh leas a bhaint as na léachtaí céanna.

Maoiniú do Chlar Rochtana ar an Ardoideachas (PATH)

D'fhógair an Roinn Oideachais & Scileanna Maoiniú PATH, scéim dhírthe agus é bunaithe chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas 2015-2019. Tá roinnt spriocanna sa Phlean Náisiúnta Rochtana d'fhonn rannpháirtíocht shainchatagóirí mac leinn a mhéadú. Ar na spriocghrúpaí bhí lucht iontrála as grúpaí soc-eacnamaíochta faoi ghannionadaíocht; iontrálaithe le míchumais, iontrálaithe lánfhasta; baill de phobal Lucht Siúil na hÉireann; mic léinn ag iontráil ar bhonn dámhachtaine breisoideachais; agus foghlaimeoirí solúbtha páirtaimseartha.

Bhí an tOifigeach Rochtana agus an tOifigeach Míchumais gafa san aighneacht i gcomhair Maoiniú Path. Rinne Braisle Réigiún an Deiscirt iarratas ar chistiú a raibh CIT, UCC, IT Thrá Lí, WIT agus It Cheatharlach bainteach leis (agus UCC ina hinstiúid cheannais). Fuair an Bhraisle ciste PATH 2 (Sparánachtaí 1916) do 35 sparánacht mhic léinn (7 in aghaidh na hinstiúidí Ardoideachais) agus maoiniú PATH 3 chun tionscadal SOAR a chur i gcrích.

Ta trí phríomhshnáithe ag tionscadal SOAR (PATH 3): Lucht Siúil san Oideachas, Aistrithe a Chumasú, agus Nascadh Pobal: Nascadh Curaclaim. Déanfaidh an tionscadal SOAR a dtiocfaidh tús leis i Meán Fómhair 2018, eiseamláirí pobal-leabaithe agus cultúr-mhóthálacha a fhorbairt chun ardaidhm agus éacht a mhéadú. Is ceann de na príomhthorthaí tionscadal SOAR é forbairt struchtúr braisle a chumasóidh comhroinnt scothchleachtais thar instiúidí a mbeidh sinéirgí i bhforbairt tionscnamh nua mar thoradh air.

Clár na Scoileanna Nasctha

Oibríonn Clár Seirbhíse Rochtana na Scoileanna Nasctha i gcomhpháirtíocht le foirne scoile, pobail áitiúla, foireann CIT, agus mic léinn as bunscoileanna agus iarbhuinscoileanna chun tacú le rannpháirtíocht níos mó ag mic léinn a mbíonn míbhuntáiste soc-eacnamaíochta ag cur as dóibh san ardoideachas. An bhliain acadúil seo caite, d'oibrigh Seirbhís Rochtana CIT le 21 scoil dara leibhéal sa chathair agus sa chontae. I Meán Fómhair 2017, tháinig méadú air sin go 22 tar éis athbhreithnithe DEIS i scoileanna agus sainaithníodh Gaelcholáiste Mhuire AG mar scoil DEIS.

Cuireann Seirbhís Rochtana CIT raon clár ar fáil go bliantúil agus tacaíonn le Scoileanna Nasctha dara leibhéal i gCorcaigh. Tacaíonn an tSeirbhís Rochtana le mic léinn a gcuireann míbhuntáiste soc-eacnamaíochta as dóibh agus iad ag cur isteach ar an ardoideachas trí chlár cuimsitheach tionscnamh le haghaidh scoileanna agus pobal faoi Chlár na Scoileanna Nasctha. Tá mar aidhm ag an gclár

- Rochtain ar an ardoideachas a éascú do mhic léinn, a chuimsíonn mic léinn de mhionlucht eitneach a gcuireann míbhuntáiste soc-eacnamaíochta as dóibh trí chonairí iontrála rochtana ardoideachais
- Rochtain ar chonairí iontrála a éascú isteach in CIT (an Scéim Dul Chun Cinn)
- Raon tacaíochtaí iariontrála a chur ar fáil do mhic léinn mar chabhair ina n-aistriú isteach in oideachas tríú leibhéal

Oibríonn beirt Chomhordaitheoirí Tionscadail le 11 scoil an duine. Chuaigh an caidreamh le Príomhoidí, Treoirchomhairleoirí agus Comhordaitheoirí Baile Scoile Pobail sna Scoileanna Nasctha dara leibhéal ó neart go neart. Cuimsíonn an clár réamhiontrála tacaíochtaí i gcomhair scoileanna: Cruinnithe Athbhreithnithe Múinteoirí, Cruinnithe Athbhreithnithe Múinteoirí Eolaíochta, Tionscnaimh Sheachtain na Matamaitice, Scileanna Staidéir an tSathairn, Seisiúin Fhaisnéise do Thuismitheoirí, etc.

Comhoibriú leis an Earnáil Phríobháideach

Tá Seirbhís Rochtana CIT bainteach leis an earnáil phríobháideach i dtaca le clár réamhiontrála a chuireann aistriú isteach sa tríú leibhéal chun cinn agus iad dírithe go mór mór ar an eolaíocht agus an innealtóireacht. Is é an ceann is rathúla de na clár sin ná an Clár Rochtana ar Oideachas, Droichead chuig an Fhostaíocht (ATE BTE). Agus é anois sa ceathrú Pas dó agus ina 12ú

bliain, rinne an clár obair leis na céadta mac léinn dara leibhéal agus chuir sparánachtaí ar fáil freisin do mhic léinn a théann chun cinn go breisoideachas agus ardoideachas.

Scéim Dul Chun Cinn do Scoileanna Nasctha

Oibríonn na Comhordaitheoirí Tionscadail le mic léinn sa tsraith shinsearach i scoileanna nasctha chun eolas a thabhairt faoin Scéim Dul Chun Cinn do Scoileanna Nasctha. Is scéim iontrála forlíontach chuig CIT an Scéim Dul Chun Cinn le haghaidh lucht fágála scoile ag 22 scoil nasctha. Tugtar an deis do mhic léinn rathúla cur isteach ar chlár staidéir in CIT ar bhonn pointí laghdaithe. Cuireann an Institiúid tacaíocht iariontrála ar fáil do na rannpháirtithe i bhfoirm ionduchtaithe agus treoshúimh agus acadúil, treoir oideachasúil agus cúnamh airgeadais.

Eolaíocht don Saol

Tionscnaimh i gcomhair Scoileanna Rochtana

Is é príomhaidhm an chlár ná mic léinn a spreagadh agus a ghríosadh agus tacú leo chun staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht ag an dá leibhéal Sóisearach agus Sinsearach i scoileanna iarbhunoideachais agus chun staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht ag an tríú leibhéal.

Le linn na bliana, rinne an Dr Sharon Lawton le cabhair ó Róisín Ormond, Intéirneach Rochtana agus David Hodge obair ar an gClár Eolaíocht don Saol a bhainistiú. Cheadaigh an Coiste Cistithe Rochtana cistiú chun David Hodge a cheapadh ar feadh aon lá amháin in aghaidh na seachtaine ar feadh na bliana acadúla chun tacú le Sharon i seachadadh tionscnaimh Eolaíocht don Saol.

Chomhscríobh an Dr Lawton agus David Hodge iarratas ar chistiú chuig SFI agus d'éirigh leo beagnach €300,000 a fháil chun comórtas Róbataice VEX a leathnú.

Clár na Mac Léinn Lánfhásta

Spreagann CIT iarratais go láidir ó iarrthóirí lánfhásta agus bíonn i gcónaí ag forbairt bealaí iontrála níos leithne d'fhonn rannpháirtíocht fhoghlaiméoirí lánfhásta a mhéadú. D'imir athruithe suntasacha ag an leibhéal náisiúnta i dtaca le tacaíocht airgeadais d'fhoghlaiméoirí lánfhásta a dhéanann staidéar go lánaimseartha agus méadú ar an líon atá fostaithe tionchar tromchúiseach ar an obair a dhéanaimid.

Tá iarrachtaí suntasacha déanta le blianta beaga anuas ag Ceanna Roinne chun líon na mac léinn lánfhásta a mhéadú in CIT. Ach cuireann an oiread sin tosca seachtracha isteach ar iontráil ar staidéar lánfhásta sa lá inniu. I gcomórtas leis an líon mór iarratas ó mhic léinn lánfhásta, bíonn an líon a ghlacann áit ar chúrsaí íseal mar sin féin. D'imir deiseanna méadaithe ar jabanna tionchar diúltach ar CIT agus í ag iarraidh na spriocanna náisiúnta a bhaint amach atá leagtha síos d'Fhoghlaiméoirí Lánfhásta. 144 (méadú de 9) Iontrálaí Lánfhásta a chláraigh ar chlár staidéar in CIT don bhliain acadúil 2017/2018.

Seirbhís Tacaíochta Míchumais CIT (STM)

Cuireann an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais (STM), atá á bainistiú ag an Oifigeach Tacaíochta Míchumais, Laura Coleman, timpeallacht inchuimsitheach oideachasúil chun cinn, áit a ndéantar foghlaim neamhspleách agus forbairt scileanna atá inaistrithe don láthair oibre a spreagadh. Meastar go gcomhdhéanann mic léinn faoi mhíchumas 5.7% faoi láthair den phobal iomlán mic léinn san ardoideachas in 2016/17 (AHEAD 2018). Cuimsíonn foireann STM 4 bhall lánaimseartha (Oifigeach Míchumais, Comhordaitheoir Tionscadal Míchumais, Oifigeach Cuiditheach Teicneolaíochta, agus Comhordaitheoir Tacaíochta Foghlama), chomh maith le beirt bhall foirne a oibríonn go páirtaimseartha mar thacaíocht foghlama in CNMÉ, CEDC CIT, agus CSC CIT.

Líon na mac léinn atá cláraithe le STM

Chláraigh líon iomlán de 801 mac léinn leis an STM in 2017/18, ardú de 6% ó 756 in 2016/17. Bhí 641 mac léinn lánaimseartha agus 161 mac léinn páirtaimseartha, agus printísigh san áireamh. Chuimsigh an líon foriomlán 54 mac léinn lánfhásta freisin agus 4 mac léinn idirnáisiúnta/Erasmus/neamh-AE. Is ionann é sin agus 6.4% de phobal iomlán mic léinn CIT (12,530), méadú de 6.2% in 2016/17.

Cláraigh an STM 204 iontrálaí nua (ardú de 13% ó 181 in 2016/17). Ba é líon iomlán na gclárúcháin STM ná 268 in 2017/18 (a chuimsíonn mic léinn iontrála go díreach, mic léinn idirnáisiúnta/Erasmus/ agus printísigh), ardú de 6% ó 253 in 2016/17.

D'éirigh líon na mac léinn STM ar speictream an Uathachais (de 17%), le fadhbanna sláinte intinne (de 41%) agus lean Tinnis Shuntasacha Leanúnacha de bheith ag méadú (de 25%) i mbliana. Tháinig méadú ar líon na mac léinn i mbliana le Lagú Radhairc, ach tháinig laghdú ar an líon mac léinn le Lagú Éisteachta. Lean líon na mac léinn le Difríoachtaí Sain-Fhoghlama de

bheith ard i gcónaí i ngeall i bpáirt ar an méadú leanúnach ar líon na bprintíseach a chláraigh le STM i mbliana. Bhí dhá dhifriocht foghlama nó níos mó, riochtaí sláinte nó míchumais, ar líon iomlán de 31% de na mic léinn STM.

An Ciste i gcomhair Mac Léinn le Míchumais (CMM)

Maoiníonn Rialtas na hÉireann agus cómhaoiníonn an Clár ESF d'Infhostaitheacht, Inchuimsitheacht agus Foghlama (PELL) 2014-2020 an Ciste i gcomhair Mac Léinn le Míchumais. Soláthraíonn sé an phríomhfhoinsé maoinithe le haghaidh tacaíochtaí do mhic léinn STM incháilithe. Tháinig méadú suntasach ar líon na mac léinn CIT atá incháilithe do chistiú i mbliana (méadú de 7.7% ón mbliain seo caite)

CIT agus an Bealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas (DARE)

Is scéim mhalartach iontrálacha tríú leibhéal í DARE le haghaidh fágáilithe scoile ar imir a míchumais tionchar diúltach ar a gcuid oideachais dara leibhéal. Déanann DARE áiteanna ar phointí laghdaithe a thairiscint d'fhágáilithe scoile ar cuireadh breis dúshláin oideachasúil rompu i ngeall ar mhíchumais san oideachas dara leibhéal. Tá CIT ina cuid de DARE ó 2012 agus is ceann é de na príomh-mheicníochta a úsáideann CIT chun rochtain a chur chun cinn agus rannpháirtíocht a mhéadú do mhic léinn le fadhbanna foghlama, riochtaí leighis agus míchumais agus iad ar cheann de na grúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas.

Tacaíocht Airgeadais

Is é Ciste Cabhrach Mic Léinn ESF an phríomhfhoinsé tacaíochta airgeadais atá ar fáil do mhic léinn lasmuigh den scéim náisiúnta SUSI. Cuireann Ciste Cabhrach Mic Léinn ESF cúnaimh airgeadais ar fáil do mhic léinn lánaimseartha a bhfuil fadhbanna airgeadais ag cur as dóibh agus iad ag freastal ar choláiste. Féadfaidh mic léinn cur isteach ar Chúnamh Mic Léinn chun cuidiú leo déileáil le fadhbanna sealadacha airgeadais nó fadhbanna leanúnacha. Cionroinntear an ciste atá cionroinnte go bliantúil ag an ÚAO de réir 40% ar bhonn FTEanna agus 60% ar bhonn líon na mac léinn san institiúid as spriocghrúpaí soc-eacnamaíochta, de réir mar a mbailítear trí bhailiúchán shonraí Rochtana Cothroime.

I Meán Fómhair 2017, cuireadh in iúl athrú ar na critéir d'IAO áit ar deonadh cionroinnt imfhálaithe le haghaidh mac léinn páirtaimseartha arbh thuismitheoirí aonair iad nó baill de ghrúpaí rochtana eile, bhí spriocghrúpaí incháilithe anois le cur isteach ar an gciste. Ba í an chionroinnt €465,868, asar cionroinneadh €76,591 d'iaratasóirí rochtana páirtaimseartha.

In 2017-18, tugadh tacaíocht airgeadais do 410 mac leinn. Is méadú de 105 mac leinn é sin ón mbliain roimhe. Ba mhic léinn lánfhasta iad 50% de na mic léinn a bhain leas as tacaíocht airgeadais SAF in 2017-18.

Tá ciste níos lú in CIT ar a dtugtar Ciste Cruatain 2. Cuireann an ciste sin tacaíocht ar fáil do mhic léinn nach féidir a chistiú as Ciste Cabhrach ESF i ngeall ar shrianta/neamhincháilitheacht. Sa bhliain acadúil seo cuidíodh le 49 mac léinn tríd an gciste cruatain agus ba é an méid iomlán a íocadh ná €40,315.



Rádlann Chaisleán Na Carraige Duibhe CIT



4. Taighde, Nuálaíocht & Fiontraíocht, Rannpháirtíocht Sheachtrach, Rannpháirtíocht Alumni, agus Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 4.1 Taighde
- 4.2 Foilseacháin Taighde
- 4.3 Nuálaíocht agus Fiontraíocht
- 4.4 Rannpháirtíocht Sheachtrach
- 4.5 Rannpháirtíocht Alumni
- 4.6 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

4.1 Taighde

Méadracht Taighde

Tá achoimre ar mhéadracht/torthaí taighde CIT do 2017/2018 sa tábla seo a leanas

Méadracht	Líon Tuairiscithe
Cistiú Tionscadal Taighde faighte (Náisiúnta) ¹	23
Cistiú Tionscadal Taighde faighte (AE/Idirnáis)	12
Tionscadal Taighde le baint mhór ag tionscal	6
Foilseacháin Irise (piara-léirmheasta)	91 (le feiceáil in Scopus)
Foilseacháin Irise (eile)	9
Foilseacháin Chomhdhála (piara-léirmheasta & eile)	62 (le feiceáil in Scopus)
Léirmheasanna leabhair	68
Láithreoireachtaí ar cuireadh	23
Mórsheimineáir, collóiciaim a óstaíodh	13
Imeachtaí móra for-rochtana a raibh baint ag an bpobal leo (>100 lucht freastal)	21
Cathaoirleacht/Óstú ar chomhdhálacha	4
Dámhachtainí/Aitheantas	4
Aschuir Ealaíne/Léirithe	Mórán CSC/CEDC

Gan Dearbháin Nuálaíochta ná coimisiúin Taighde ar Conradh a chur san áireamh¹

Gradam Cré-umha Athena SWAN

Le linn 2017/18, cuireadh tús leis an obair a bhain le Gradam Institiúideach Cré-umha Athena SWAN a bhaint amach do CIT.

Bunaíodh Cairt Athena SWAN in 2005 ag Advance HE, áisíneacht neamhspleách neamhbhrabúsach sa RA atá tiomanta d'fheabhsú leanúnach teagasc agus foghlama, comhionannais agus éagsúlachta, agus ceannaireachta agus rialachais san ardoideachas sa Ríocht Aontaithe agus go hidirnáisiúnta. Tá mar aidhm ag Cairt Athena SWAN tiomantas do chur chun cinn gairmeacha beatha ban san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic, agus leigheas (STEMM) a spreagadh agus aitheantas a thabhairt d'fhostaíocht san ardoideachas agus taighde. Cuireadh leis an gCairt ó shin chun aitheantas a thabhairt don obair a dhéantar sna healaíona, daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta, gnó, agus dlí (AHSSBL) i róil ghairmiúla agus tacaíochta, agus le haghaidh trasbhaill foirne agus mac léinn. Is é atá i bpróiseas Athena SWAN ná tiomantas chun deireadh a chur le bacainní a chuidíonn le gannionadaíocht agus cur chuige dírithe a ghlacadh ar cheisteanna a bhféadfadh bunús inmheánach nó seachtrach a bheith leo. Déanann na hiarratasóirí anailís mhion ar shonraí institiúideacha, sainaitníonn mórcheisteanna, agus foilsíonn gníomhphlean do na trí bliana dar gcionn d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin.

Aibhsíonn figiúirí atá foilsithe ag an ÚAO neamh-chomhionannas mar fhadhb d'earnáil an ardoideachas in Éirinn, agus seoladh Cairt Athena SWAN in Éirinn go luath in 2015. Ó 2019 i leith, beidh gá le Gradam Cré-umha Athena SWAN agus tiomantas léirithe don chomhionannas inscne le go mbeidh institiúidí ardoideachais in Éirinn incháilithe le haghaidh cistithe taighde sa todhchaí.

In CIT, bunaíodh Foireann Féin-mheasúnaithe Athena SWAN faoi choimirce an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Seachtracha i Lúnasa 2017, agus reáchtáladh an chéad chruinniú i Meán Fómhair 2017, agus bunaíodh ceithre ghrúpa fócais chun na réimsí spéise a aibhsíodh sa suirbhé a iniúchadh. San áireamh sna réimsí sin bhí ábhar buartha maidir le harduithe céime, taithí ar chineálacha saoire, deiseanna d'fheabhsú feidhmíochta, agus struchtúr eagraíochta agus timpeallacht oibre. Caitheadh an chéad leath de 2018 ar anailís sonraí agus pleanáil le haghaidh gníomhaíochtaí, agus é mar rún cur isteach ar an nGradam Cré-umha i Samhain 2018.

Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD CIT)

Rinne an Réadlann an tSeachtain Náisiúnta Spáis a ailníonn leis an tSeachtain Dhomhanda Spáis 2-9 Deireadh Fómhair 2017 a chomhordú le tacaíocht mhaoinithe ó SFI. Chomhordaigh RCCD na himeachtaí áitiúla agus náisiúnta go léir le 140+ imeacht go háitiúil agus go náisiúnta, ar a n-áirítear imeachtaí suaitheanta a spreag RCCD ag CIT, UCD, TCD agus Ceanncheathrú Innealtóirí Éireann. Trí theagmhálacha agus caidrimh atá ag teacht chun cinn a rinneadh le linn an Chlár Staidéir Spáis 2017 (SSP17), bhí 20+ imeacht ar siúl a bhain le scoileanna inar ghlac saineolaithe idirnáisiúnta spáis as ESA agus ar fud an domhain páirt.

Rinne RCCD Cit ceiliúradh ar a bheith ag feidhmiú ar feadh 10 mbliana ag imeacht a réachtáladh sa réadlann i mí na Nollag ag a raibh 60 aoi i láthair. Ó d'oscail sí na doirse, tá fáilte curtha ag an tsaoráid roimh 1 mhilliún cuairteoir. Fuair RCCD an dara sciar dá gcuid de chistiú straitéiseach ó SFI de thart ar €145k per annum do 2018 agus 2019.

124. Pietropaoli B., Delaney K., Pesch D., Ploennigs J. (2018). Probabilistic occupancy level estimation based on opportunistic passive wi-fi localization. *Lecture Notes in Networks and Systems*. Volume 15, 932-952. Retrieved from www.scopus.com.
125. Cunningham L., Murphy O. (2018). Embracing the universal design for learning framework in digital game based learning. Paper presented at Studies in Health Technology and Informatics. Volume 256, 409-420. Retrieved from www.scopus.com.
126. Busby K., Harrison J. (2018). Universal design in architectural education – Community liaison on 'Live projects'. Paper presented at Studies in Health Technology and Informatics. Volume 256, 205-213. Retrieved from www.scopus.com.
127. Murphy D.J., O'Brien B., Murphy M.D. (2018). Development of a labour utilisation decision support tool to efficiently measure grass herbage mass using a rising plate meter. Paper presented at ASABE 2018 Annual International Meeting. Retrieved from www.scopus.com.
128. Breen M., Upton J., Murphy M. (2018). Photovoltaic systems on dairy farms: An economic analysis. Paper presented at ASABE 2018 Annual International Meeting. Retrieved from www.scopus.com.
129. Shine P., Upton J., Scully T., Shaloo L., Murphy M.D. (2018). Comparing multiple linear regression and support vector machine models for predicting electricity consumption on pasture based dairy farms. Paper presented at ASABE 2018 Annual International Meeting. Retrieved from www.scopus.com.
130. Connolly M., Dusparic I., Iosifidis G., Bouroche M. (2018). Adaptive Reward Allocation for Participatory Sensing. *Wireless Communications and Mobile Computing*. Volume 2018. Retrieved from www.scopus.com.
131. Leahy K., Gallagher C., O'Donovan P., Bruton K., O'Sullivan D.T.J. (2018). A robust prescriptive framework and performance metric for diagnosing and predicting wind turbine faults based on SCADA and alarms data with case study. *Energies*. Volume 11, Issue 7. Retrieved from www.scopus.com.
132. Byrne E., Hobbs J., Doran J. (2018). Visualization of firm linkages in the chicago ICT cluster. *Regional Studies, Regional Science*. Volume 5, Issue 1, 94-97. Retrieved from www.scopus.com.
133. Perry M., Ferreira J. (2018). Moneywork: Practices of use and social interaction around digital and analog money. *ACM Transactions on Computer-Human Interaction*. Volume 24, Issue 6. Retrieved from www.scopus.com.
134. Delaney K., O'Keeffe M., Fragou O. (2018). A Design Framework for Interdisciplinary Communities of Practice Towards STEM Learning in 2nd Level Education. Paper presented at Advances in Intelligent Systems and Computing. Volume 715, 739-750. Retrieved from www.scopus.com.
135. Gallagher C.V., Bruton K., Leahy K., O'Sullivan D.T.J. (2018). The suitability of machine learning to minimise uncertainty in the measurement and verification of energy savings. *Energy and Buildings*. Volume 158, 647-655. Retrieved from www.scopus.com.

136. Stafeev S.S., Nalimov A.G., O'Faolain L., Kotlyar M.V., Kotlyar V.V. (2018). Tight focusing of a nonhomogeneously polarized optical vortex. Paper presented at Progress in Biomedical Optics and Imaging - Proceedings of SPIE. Volume 10717. Retrieved from www.scopus.com.
137. Kennedy C.R., Jaksic V., Leen S.B., Brádaigh C.M.Ó. (2018). Fatigue life of pitch- and stall-regulated composite tidal turbine blades. *Renewable Energy*. Volume 121, 688-699. Retrieved from www.scopus.com.
138. Jaksic V., Kennedy C.R., Grogan D.M., Leen S.B., Brádaigh C.M.Ó. (2018). Influence of Composite Fatigue Properties on Marine Tidal Turbine Blade Design. Paper presented at Solid Mechanics and its Applications. Volume 245, 195-223. Retrieved from www.scopus.com.
139. Orihuela L., Millán P., Roshany-Yamchi S., García R.A. (2018). Negotiated distributed estimation with guaranteed performance for bandwidth-limited situations. *Automatica*. Volume 87, 94-102. Retrieved from www.scopus.com.
140. Escaño J.M., Withephanich K., Bordons C. (2018). Fuzzy model based predictive control of reaction temperature in a pilot plant. Paper presented at Advances in Intelligent Systems and Computing. Volume 642, 1-11. Retrieved from www.scopus.com.
141. Mangan S., Malone S., Ryan M., McGahan J., Warne J., Martin D., O'Neill C., Burns C., Collins K. (2018). Influence of team rating on running performance in elite Gaelic football. *Journal of Strength and Conditioning Research*. Volume 32, Issue 9, 2584-2591. Retrieved from www.scopus.com.
142. Shareef M.A., Dwivedi Y.K., Mahmud R., Wright A., Rahman M.M., Kizgin H., Rana N.P. (2018). Disaster management in Bangladesh: developing an effective emergency supply chain network. *Annals of Operations Research*. Retrieved from www.scopus.com.
143. Sheehan R., Gallet A., Ghorbel I., Eason C., Carroll L., O'Brien P., Shen A., Duan G.-H., Gunning F.C.G. (2018). Repeaterless data transmission at 1310 nm using silicon photonic integrated circuit. Paper presented at Proceedings of SPIE - The International Society for Optical Engineering. Volume 10686. Retrieved from www.scopus.com.
144. Schulz S.A., Hu C., Upham J., Boyd R.W., O'Faolain L. (2018). Controllable low-loss slow light in photonic crystals. Paper presented at Proceedings of SPIE - The International Society for Optical Engineering. Volume 10548. Retrieved from www.scopus.com.
145. Stafeev S.S., Nalimov A.G., O'Faolain L., Kotlyar M.V., Kotlyar V.V. (2018). Subwavelength focusing of azimuthally polarized optical vortex. Paper presented at Proceedings of SPIE - The International Society for Optical Engineering. Volume 10774. Retrieved from www.scopus.com.
146. Dillane M., Goulding D., Fedorov N., Dubinkin I., Erneux T., Viktorov E.A., Kelleher B. (2018). Non-Adler excitable interplay between lasing quantum dot states. Paper presented at Proceedings of SPIE - The International Society for Optical Engineering. Volume 10682. Retrieved from www.scopus.com.
147. Butler S.M., Bakoz A.P., Liles A.A., Viktorov E.A., O'Faolain L., Hegarty S.P. (2018). Frequency modulated external cavity laser with photonic crystal resonator and microheater. Paper presented at Proceedings of SPIE - The International Society for Optical Engineering. Volume 10682. Retrieved from www.scopus.com.
148. Kovalev A.V., Viktorov E.A., Rebrova N., Vladimirov A.G., Huyet G. (2018). Theoretical study of mode-locked lasers with nonlinear loop mirrors. Paper presented at Proceedings of SPIE - The International Society for Optical Engineering. Volume 10682. Retrieved from www.scopus.com.
149. Pavić K., Perković I., Pospíšilová Š., Machado M., Fontinha D., Prudêncio M., Jampilek J., Coffey A., Endersen L., Rimac H., Zorc B. (2018). Primaquine hybrids as promising antimycobacterial and antimalarial agents. *European Journal of Medicinal Chemistry*. Volume 143, 769-779. Retrieved from www.scopus.com.
150. Kovalev A.V., Tykalewicz B., Goulding D., Kelleher B., Wishon M.J., Locquet A., Citrin D., Viktorov E.A. (2018). Feedback-induced discretisation of the relaxation oscillation frequency in a semiconductor laser. Paper presented at Proceedings of SPIE - The International Society for Optical Engineering. Volume 10682. Retrieved from www.scopus.com.
151. Korti M., Slepneva S., Habruseva T., Merghem K., Huyet G., Gottesman Y., Ramdane A., Benkelfat B.-E., Seddiki O. (2018). Quantum-dash semiconductor laser characterization using continuous tuning optical swept source. Paper presented at Optics InfoBase Conference Papers. Volume Part F121-ASSL 2018. Retrieved from www.scopus.com.

152. Petrov A.Y., Gaafar M.A., Jalias D., O'Faolain L., Li J., Krauss T.F., Eich M. (2018). Indirect transitions at a free carrier front in a silicon slow light waveguide. Paper presented at Optics InfoBase Conference Papers. Volume Part F108-NP 2018. Retrieved from www.scopus.com.
153. Leseq S., Debicki O., Foucault J., Ouvry L., Correvon M., Dudnik G., Barrett J., Rea S., McGibney A., Birot F., De Chaumont H., Sevrin L., Banach R., Razavi J., Herveg J., Grandjean N., Jackson C., Buckley S., Di Matteo A., Di Palma V., Ó'Murchú C., Mathewson A., O'Keeffe R. (2018). Towards a portable smart spatial exploration system for environment perception. Paper presented at Smart Systems Integration 2018 - International Conference and Exhibition on Integration Issues of Miniaturized Systems. 408-411. Retrieved from www.scopus.com.
154. O'Donoghue G., Kennedy A., Puggina A., Aleksovskaja K., Buck C., Burns C., Cardon G., Carlin A., Ciarapica D., Colotto M., Condello G., Coppinger T., Cortis C., D'Haese S., De Craemer M., Blasio A.D., Hansen S., Iacoviello L., Issartel J., Izzicupo P., Jaeschke L., Kanning M., Ling F., Luzak A., Napolitano G., Nazare J.-A., Perchoux C., Pesce C., Pischon T., Polito A., Sannella A., Schulz H., Simon C., Sohun R., Steinbrecher A., Schlicht W., MacDonncha C., Capranica L., Boccia S. (2018). Socio-economic determinants of physical activity across the life course: A "DEterminants of Diet and Physical ACTivity" (DEDIPAC) umbrella literature review. PLoS ONE. Volume 13, Issue 1. Retrieved from www.scopus.com.

4.3 Nuálaíocht agus Fiontraíocht

Fiontraíocht Mhic Léinn

Cuireadh tús le clár 2018 Student Inc. sa Rubicon ar 5 Meitheamh. Bhí 12 fiontraí mic léinn ar an gclár i mbliana agus a smaointe gnó á bhforbairt acu:

Baill Ghrúpa	Cúrsa	Bliain	Ainm Cuideachta	Cur Síos ar an gCuideachta
Patrick O'Sullivan	Meáin Dhigiteacha Chruthaitheacha	2	Extra Man	Suíomh agus aip comhroinnte scileanna piara le piara a thugann slí shábháilte agus áisiúil le gur féidir le fostóirí gearrthéarmacha nascadh le cuardaitheoirí poist.
MaryRose Shanahan	Gnó	3	Sweat Pads	Pillíní allais ascaille d'fhir agus mná a chaitheann léinte éadroma san obair agus gá acu le suaimheas intinne.
Rachel Ryan	Ealaíona Cócaireachta	3	The Natural Selection Company	Glótháin atá lán de vitimíní agus mianraí agus ar bheagán siúcra atá dírithe ar leanaí a bheith ag ithe go sláintiúil.
Malgorzata (Margaret) Urbanowicz	Margaíocht	4	L'aissez	Caifé eispéaraís do dhaoine cruthaitheacha áit a ndéantar bianna áitiúla as táirgí áitiúla.
Aisling Reardon	PR mar aon le Meáin Nua	1	Café Craft	Caifé faiseanta a riarann 5 shainmhias, tairiscintí uathúla in arán daite ar phlátaí faiseandírthe.
Eabha Hennessy	gCP le Meáin Nua	4	Diffract	Imeacht ealaíon agus cultúr dírithe ar electronica agus atmaisféar damhsa. Slí d'ealaíontóirí ailtéarnacha chun pobal a chruthú a d'fhéadfadh oibriú le chéile.
Conor McGowan	Gnó	1	Smartphone Tutorial	Seirbhís teagaisc fóin chliste i samhail 1:1.
Aaron Comerford	Ealaíona Cócaireachta	3	Ready Steady Food Co.	Cuideachta atá paiseanta faoi dhea-bhia, sillithe agus ceol. Ag freastal ar mhargaí difriúla le raon beag táirgí d'anlann te agus anlann jerk BBQ.
Zachary Dair	Forbairt Bogearraí	1	Dair Game Development Studio	Stiúideo Forbartha cluichí indie chun cluichí a chruthú mar sheirbhís siamsaíochta chun eispéaraís uathúla a chruthú le gur féidir le himreoirí nascadh, comhroinnt, cuimhneamh agus pléisiúr a fháil.
Alan Coffey	Córais Faisnéise	2	EZ Clip	Baineann an smaoinemh le píosa trealaimh sabháilteachta don ghíom. Coscann an "EZ Clip" meáchain de bheith ag titim ón mbarra. Tá an dearadh in áit dearaidh reatha atá deacair le húsáid agus a ndéanann úsáideoirí gíom neamhshuim de ar fad.
Martin Condon	Eolaíocht Luibhe	4	Ballae Mushrooms	Beacáin d'ardcháilíocht a fhás agus a dhíol agus iad a phróiseáil ina dtáirgí luachmhara eile amhail seacláid the nó tae.
Hugh McCarthy	Eolaíocht Luibhe	4	Ballae Mushrooms	Beacáin d'ardcháilíocht a fhás agus a dhíol agus iad a phróiseáil ina dtáirgí luachmhara eile amhail seacláid the nó tae.

Tar éis Clár Student Inc. a chur i gcrích, chuir na mic léinn fiontraí a gcuid gnólachtaí i láthair don phobal gnó ag ócáid ar 31 Lúnasa 2018. Bhí breis is 50 duine i láthair ag na láithreoireachtaí as an bpobal gnó agus foireann CIT a bhfuil spéis acu san fhiontraíocht. Fuair clár 2018 cistiú seachtrach de €30,000 chun an clár a mhaoiniú.



Chuaigh cúigear mac léinn as Ollscoil Danang, Vítneam in éineacht le mic léinn CIT ar feadh míosa agus a smaointe gnó á bhforbairt acu taobh le taobh leis na mic léinn as Éirinn. Chaith na mic léinn mí sa Rubicon agus tugadh tacaíocht dóibh ansin mar chuid den duais a bhuaigh siad sa Chomórtas Tionscnaimh Runway in Danang, Vítneam. Eascaíonn sé sin as clár iomlán a thug George Bulman, Lárionad Rubicon, agus an Dr Helen McGuirk as Lárionad Hincks do 170 mac léinn agus 20 ball foirne in Vítneam le linn Márta agus Aibreáin.

Seachtain na Nuálaíochta agus Duais 2017-2018 CIT don Nuálaíocht

Chuireadh 48 iarratas isteach ar Dhuais CIT don Chomórtas Nuálaíochta a reáchtáladh le linn Sheachtain na Nuálaíochta i Márta, a raibh 230 mac léinn as an gcoláiste bainteach leis. Den 48 iarratas rinneadh gearrliosta de 16 a bhí san iomaíocht sa bhreithniú deiridh i Lárionad Rubicon.

Chuimsigh na duaiseanna €10,000 airgid a bhí urraithe ag LEAnna Chathair agus Chontae Chorcaí, mar aon le Duais Forbartha NIMBUS de €3,000. Bronnadh na duaiseanna sin ag searmanas taispeántais agus gradaim.

Tá na foirne a bhuaigh le feiceáil thíos.

Duais	Tionscadal	Ranna	Maoirseoirí
Duais CIT don Nuálaíocht - €4,000	Safely Snooze	Innealtóireacht Bhithleighis Innealtóireacht Mheicniúil & Gnó i Margaíocht	Hugh McDonald, Lisa Murphy & Scott McGowan
Deis Ghnó is Fearr - €1,500	Zipit	Innealtóireacht Bhithleighis Innealtóireacht Mheicniúil & Gnó i Margaíocht	Hugh McDonald, Lisa Murphy & Scott McGowan
An Coinceap is Fearr - €1,500	MacGlas	Innealtóireacht Bhithleighis Innealtóireacht Mheicniúil	Seán F. O'Leary
An Tairiscint is Fearr - €500	ICTUM	Innealtóireacht Bhithleighis Innealtóireacht Mheicniúil & Gnó i Margaíocht	Hugh McDonald, Lisa Murphy & Scott McGowan
Gradam Nuálaíochta Sóisialta/Enactus - €1,000	Village Grub	Amharc-chumarsáid	Gwen Lettice
Duais an Uachtaráin - €1,000	Three D	Máistir Gnó	John Meyler
Duais Forbartha NIMBUS - €3,000	SEA SOAP	Innealtóireacht Mhuirí	Jane O'Keefe

Gradaim Fiontraíochta Mic Léinn Fhiontar Éireann

Bhí dhá thionscadal ag CIT i measc na ndeich gcinn i gcrabhbhcomórtas Ghradaim Fiontraíochta Mic Léinn Fhiontar Éireann a bhí ar siúl i nGaillimh i lár mhí an Mheithimh (as breis is 1,000 go náisiúnta). Chuaigh foireann as CIT ar aghaidh chun Gradaim Fiontraíochta Mic Léinn Fhiontar Éireann a ghnóthachtáil. Ba í CIT an t-aon Institiúid Ardoideachais ag a raibh dhá fhoireann sa deich gcinn deiridh. Fuair an fhoireann bhuach as CIT duais de €10,000.

Ba é MacGlas an iontráil bhuach a bhí forbartha ag grúpa idirdhisciplíneach mac léinn as Innealtóireacht agus Gnó. Is áis nua é MacGlas atá ceaptha chun cabhrú le daoine a bhfuil Meath Macúlach ag cur as dóibh, an phríomhchúis sa domhan thiar a

gcailltear amharc, a mbíonn mar thoradh air go gcailltear an t-amharc lárnach diaidh ar ndiaidh. Trí theicneolaíochtaí atá ann cheana féin a chumrú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach nua agus nuálach chun leas agus optamú a bhaint as amharc imeallach slán an fhulaingeora, cuidíonn MacGlas le daoine gnáthinniúlacht a athghabháil, amhail léitheoireacht, rud nárbh fhéidir a dhéanamh i ngeall ar an ngalar.

Ghnóthaigh CIT an comórtas roimhe sin in 2013 agus 2016. Tá an comórtas buaite anois níos minice ag CIT ná ag aon institiúid tríd leibhéal eile sa tír.



MacGlas, CIT – Elaine Leahy, David O'Donovan, Daniel Crowley, Ryan Breen, Michael Ahern, Brian Fitzpatrick, agus Colm Nicholl.

Intéirigh Fiontair

D'oibrigh na hIntéirigh Fiontair Mhic Léinn le 520 mac léinn Céad Bhliana tríd an modúl Cruthaitheacht, Nuálaíocht agus Obair Foirne le linn na bliana acadúla. D'oibrigh na mic léinn sin mar chuid d'fhoireann le smaointe gnó a chruthú a ndéantar a reic ansin d'fhoireann i Lárionad Rubicon mar "Chanbhás Eiseamláire Gnó (CEG)". Reachtáladh comórtas reacta i mí na Nollag do na buaiteoirí as gach grúpa ranga agus bronnadh duais ar an CEG ab fhearr.

Aistriú Teicneolaíochta/Aistriú Eolais

Méadrachtaí Aistrithe Teicneolaíochta

Sprioc-Aschuir Aistrithe Teicneolaíochta 2017	Sprioc 2017	Iarbhir
Roghanna & Tascanna Ceadúnais	5	5
Seachghnóthaí cláraithe	1	1
Comhaontuithe Taighde le tionscal	43	67
IDFanna	15	20
Iarratas tosaíochta paitinne comhadaithe	3	3

Le linn mhíonna an tsamhraidh, cuireadh críoch le agus foilsíodh dhá threoir d'Aistrithe Teicneolaíochta CIT

- An Inventors Guide to Spinout Companies
- An Inventors Guide to Technology Transfer

Cuireadh an dá threoir ar fáil ar Gateway na Foirne agus ar láithreán gréasáin CIT.

Lárionad Rubicon New Frontiers

Rinneadh 98 iarratas ar Chlár New Frontiers 2017/2018 agus bhí 14 áit ar fáil. Cuireadh tús leis an gclár ar 27 Meán Fómhair. Tagann lucht na ngnólachtaí as raon leathan earnálacha agus bíonn cúlraí gnó agus teicniúla ag na rannpháirtithe. Meallann an clár roinnt fiosrúcháin ón iasacht, agus tugadh áit amháin d'fhiontar ó thar lear.

Reáchtáladh taispeántas New Frontiers in Halla na Mílaoise, Halla na Cathrach ar 24 Aibreán. Thart ar 150 duine a rinne freastal as an bpobal gnó sa réigiún. Ghnóthaigh Joe Perrott de chuid Remote Signals **an duais don deis ghnó ab fhearr**, gnólacht bunaithe ar Idirlíon na nEarraí. Ar na duaiseoirí eile bhí Kieran Gleeson de chuid Freight Station **don phlean gnó ab fhearr**, ardán SAAS don tionscal iompair bhóthair, agus ghnóthaigh CyCA OncoSolutions **an duais don ghnólacht ba nuálaí** as réiteach druga nua a sheachadadh; is é an Dr Nusrat Sanghamitra atá i gceannas ar an gcuideachta sin.


Cuireadh trí rannpháirtí as New Frontiers ar an ngearrliosta le haghaidh craobhacha réigiúin IBYE (Fiontraí óg Éireannach ab fhearr) agus ghnóthaigh rannpháirtí amháin, Joe Perrott, an duais don Smaoineamh Gnó is Fearr.

Taispeántas Exxcel

Chuir 13 tionscadal tús leis an gClár Fiontraíochta Exxcel Female STEM ar 11 Samhain.

Reáchtáladh taispeántas Exxcel in Vertigo, Halla an Chontae, ar 21 Bealtaine agus rinne thart ar 50 ball den phobal gnó freastal air. D'aibhsigh an ócáid deiseanna gnó agus dul chun cinn an 12 rannpháirtí cláir a chuir an clár fiontraíochta i gcrích. Ba í Rose Fitzgerald, mac léinn PhD CIT, an buaiteoir foriomlán lena gnó Pen-side Diagnostics. Is feiste nuálach diagnóiseach é pen-side atá éasca agus tapa le húsáid agus é forbartha le haghaidh galar riospráide i muca.

Príomhtháscairí Feidhmíochta Rubicon



Duaiseanna DELTA

D'óstaigh an Fóram Náisiúnta na chéad Duaiseanna náisiúnta DELTA (Sármhaitheas Disciplíneach i bhFoghlaim, Teagasc agus Measúnú) ar 21 Márta 2018 i mBaile Átha Cliath, chun grúpaí disciplín laistigh d'institiúidí a léirigh éachtaí marthanacha i bhFeabhsú Teagaisc agus Foghlama a cheiliúradh. Tá na Duaiseanna DELTA ceaptha chun sármhaitheas i dteagasc san Ardoideachas a chur ar taispeáint agus a neartú trí aitheantas a thabhairt don fhiúntas a bhaineann leis an teagasc ag an leibhéal náisiúnta. Cuireadh 48 iontráil isteach as líAO agus cuireadh 18 ar ghearrliosta (3 as CIT). Bronnadh 11 duais agus bhí buaiteoir ag CIT sa chatagóir Gnó mar aitheantas as an obair a dhéanann sí i réimse na fiontraíochta mic léinn.

Thug an Duais aitheantas don chur chuige mac léinnláraithe don Oideachas Fiontraíochta a fheidhmítear tríd an nGrúpa ACE (Dlús a chur le Fiontraíocht Champais), a chuimsíonn an Oifig Nuálaíochta agus Fiontair, Ranna Acadúla sna ceithre champais, Taighde, Lárionad Rubicon, Aontas na Mac Léinn CIT, Intéirigh Fhiontair Mhic Léinn, agus Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta. Bhí mar thoradh ar obair an ghrúpa seo cuid mhaith gníomhaíochtaí úrnua mic léinn, ar a n-áirítear: Student Inc., céad chlár luasaire na hÉireann, agus an Canbhás Eiseamláire Gnó do lucht na Chéad Bhliana faoina ndéanann breis is 500 mac léinn Céad Bhliana a smaointe gnó a reic d'fhoireann Rubicon gach bliain.

4.4 Rannpháirtíocht Sheachtrach

Achoimre ar Ghníomhaíocht Tacaíochta Mic Léinn (Aitheantas Réamhfhoghlama) ag Campas Leathnaithe CIT le linn 2017/2018:

Cásanna ARF le haghaidh creidiúna 297 cás le linn na bliana a raibh baint ag measúnóirí leo. Is mar seo a leanas atá miondealú ar na cásanna ARF:

- Ó thaithí 44
- Foirmiúil 235
- Neamhfhoirmiúil 2
- Teaghlaim 16

Gníomhaíocht ARF thar na leibhéil:

- Leibhéal 6 – Foirmiúil 202, Neamhfhoirmiúil 2, Ó thaithí 25, Teaghlaim 10
- Leibhéal 7 – Foirmiúil 31, Ó thaithí 10, Teaghlaim 2
- Leibhéal 8 – Foirmiúil 1, Ó thaithí 8, Teaghlaim 4
- Leibhéal 9 – Foirmiúil 1, Ó thaithí 1

Tugadh 18 gceardlann chun tacú le hiarrthóirí i mbliana. Seachadadh na ceardlanna sna chéad sé seachtaine de sheimeastar ar bhonn dorais oscailte, áit ar spreagadh iarrthóirí chun leas a bhaint as tacaíocht de réir mar ba ghá. Mar aon leis sin, bhí tacaíocht duine-le-duine ar fáil ach í a iarraidh. Lena chois sin, cuireadh tacaíocht ar fáil duine le duine ar bhonn leanúnach le linn na bliana de réir mar ba ghá.

- Féile Foghlama Chorcaí ar Feadh an tSaoil, ceardlann ar mheas a bheith ar an bhfoghlaim ó bhainteach an phobail, CCS CIT 21 Márta. Rinne an cheardlann scrúdú ar conas breith ar ghnáthfhoghlaim a fuarthas i suíomh pobail agus í a dhéanamh sofheicthe chun leas a bhaint as deiseanna sa todhchaí sa láthair oibre agus san oideachas.
- Tacaíocht a thabhairt d'ardchásann a iontrála le BBus i mBainistíocht Slabhra Soláthair, MA i dTeiripe Súgartha, MA in Iriseoireacht mar aon le Meáin Nua, BSc i mBainistíocht Iompair, BSc in GMP agus Teicneolaíocht, MA i Margaíocht Dhigiteach, BSc (Onór) i Néalríomhaireacht, Teastas Leibhéal 8 i Léiriú Teilifíse.
- Tacú le cásanna ARF le haghaidh Socrúchán Oibre PLAC7009 i gcomhair Diplóma in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bithchógaisíochta.
- I mbliana, cuireadh isteach casanna ARF le haghaidh measúnaithe thar an gcóras rphoist, agus rinneadh bailíochtú ar theastais bhunaidh/tras-scríbhinní ag ceardlanna am lóin/tae.

Foghlaim Obairbhunaithe (FOB) agus Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF)

Tríd an gCampas Leathnaithe a bheith bainteach, chuidigh CIT le cur i láthair na hÉireann ag cruinniú ullmhúcháin FQFAG ar Ghníomhaíocht Foghlama Piara trí eiseamlairí a thabhairt den chleachtadh atá aici ar chomhoibrithe leis an tionsclaíocht agus leis an mórphobal ar aitheantas agus bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Ba é téama an GFP ná 'ról páirtithe leasmhara i gcur i ngníomh mholtaí 2012 ar bhailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla'.

Tríd an gCampas Leathnaithe, ba í CIT an comhpháirtí ardoideachais le haghaidh tionscnaimh ina ndeachaigh 10 BOO ó gach cearn den tír i gcomhpháirtíocht le Beairicí áitiúla Fórsa Cosanta ar mhaithe le uasoiliúint a chur ar bhailí foirne i ndisciplíní neamh-mhíleata ag leibhéil 3 – 5 ar an NFO. Tá cruinnithe ullmhúcháin ar siúl idir an QQI, ETBI agus na Fórsaí Cosanta. Tá Deirdre Goggin de chuid Campas Leathnaithe CIT ar choiste bainistíochta Thionscadail An Tobar de chuid BOO Chorcaí atá ina thionscadal ARF leis na Fórsaí Cosanta agus le Beairic Uí Choileáin ag an leibhéal áitiúil. Mar chuid den tionscadal, bhí 9 ball pearsanra ag lorg ARF ar dhámhachtainí FETAC ag Leibhéal 4, 5 agus 6.

Bronnadh teastais i leith Mhodúl ARF leibhéal 9 le 10 gcreidiúint i bPolasaí, Cleachtas agus Oideolaíocht ar 11 bhall foirne as BOO Chill Chainnigh/Ceatharlach agus ar bhall foirne amháin as IT Cheatharlach. Thug Deirdre Goggin agus an tOllamh Irene Sheridan an modúl trí fhoghlaim chumasctha. Rinne an Dr Barry O'Connor, Uachtarán CIT an bronnadh ar 12 iarrthóir rathúla ar 14 Meán Fómhair 2017 i gCill Chainnigh.

Féile Bhailíochtaíthe Choimisiún na hEorpa

Ar 17 Bealtaine 2018, thaistil BBC Studio Works ar son Choimisiún na hEorpa go Corcaigh chun agallaimh a chur d'fhonn físpíosa a fhorbairt maidir le bailíochtú. Ba í Deirdre Goggin an príomhphointe teagmhála agus eagraí mar aon le duine de na rannpháirtithe san agallamh. Thug Shane Cronin TEL (rannpháirtí mic léinn) agus ba úí Sinéad O'Neill, Ceann Straitéise, Boston Scientific Éireann a bhain leas as ARF, an rannpháirtí mic léinn, agus thug Ronan Emmett, Acmhainní Daonna Boston Scientific Éireann dearcadh tionscail. Lena chois sin, rinne an BBC an próiseas meantóireachta a thaifeadadh le Phil O'Leary agus Shane Cronin. Rinneadh an píosa scannaíochta le haghaidh giota físeáin don fhéile bhailíochtaíthe a reáchtáladh sa

Bhruiséal ar 14 agus 15 Meitheamh 2018. Chuimsigh an físeán indearcaí as ceithre thír Eorpacha. Roghnaigh an Coimisiún Campas Leathnaithe CIT chun fiúntas bhailíochtaí a léiriú ina chuid idirghníomhaíochtaí le tionscal ag an bhféile i Meitheamh a ndearna an tOllamh Irene Sheridan agus Deirdre Goggin ionadaíocht dó.

Féadfar an físeán a aimsiú ag:

<http://ec.europa.eu/avservices/video/player.cfm?ref=1157148&sitelang=EN&lg=EN&devurl=http://ec.europa.eu/avservices/video/player/config.cfm>

Gníomhaíochtaí Foghlama

- Reáchtáladh clinicí foghlama ar 3, 10 agus 17 Bealtaine 2018 in GE Healthcare i gcomhar le CAMMS agus an Roinn Eagrúcháin agus Forbartha Gairmiúla.
- Rinne CAMMS modúl PLC a sheachadadh do bhaill foirne Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann i Lúnasa.
- Chuir CIT tús le Teastas i mBainistíocht Maoirseachta a sheachadadh le IT Thrá Lí mar chuid den sainaitheantas scileanna de chuid an Fhóirne Scileanna Réigiúnaigh ar 6 Deireadh Fómhair in IT Thrá Lí. Bhí baint ag CAMMS agus an Roinn Eagrúcháin agus Forbartha Gairmiúla le forbairt agus seachadadh an chláir. Bhí 16 mhac léinn páirteach ann as cuideachtaí amhail DairyMaster, Tricel, Astellas, Borgwarner, SouthDoc, Scotia Clinic, Ospidéal Ollscoile Chiarraí agus O'Sullivan Darcy Engineering.

Imeachtaí Taighde agus Cleachtais WBL/ARF

Rinneadh ionadaíocht do CIT tríd an gCampas Leathnaithe ag na himeachtaí seo a leanas:

- 28 Meán Fómhair 2017 – chuir Deirdre Goggin eiseamláir CIT de Dhearbhu Cáilíochta in ARF i láthair ag imeacht do sholáthraí oiliúna Íoslannach.
- 24 Deireadh Fómhair 2017 – comhdháil QQI ar Dhititiú, Baile Átha Cliath.
- Bhí an tOllamh Irene Sheridan ina cathaoirleach ag seisiún den Chomhdháil HELLIN ar an bhFoghlaim ar Feadh an tSaoil in Ollscoil Luimnigh i mí na Nollag.
- Rinne an tOllamh Irene Sheridan athbhreithniú agus eagarthóireacht ar thuarascáil na hÉireann a baineadh amach as an suirbhé ar Staid an Chomhoibrithe Ollscoile-Gnó agus chuir sí achoimre ar thorthaí na hÉireann i láthair Choimisiún na hEorpa ag ceardlann ar 15 Nollaig 2017.
- 20 Eanáir 2018 – Imeacht speisialta chun teagmháil le FBManna in Oriel House, Baile an Chollaigh.
- 5 Aibreán 2018 – Clinic Foghlama in Boston Scientific i gcomhair na Seachtaine Foghlama dá gcuid, a chomhordaigh Deirdre Goggin, a ndearna Mike McGrath agus Ciara Lavelle CAMMS freastal air.

Springboard 2017/2018

- Líon iomlán na n-iaratasóirí Springboard agus Scileanna TFC – 385
- Líon iomlán na mac léinn CIT ar glacadh leo/a cláraíodh – 177

Teideal an Chláir	Roinn
Dioplóma in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bithchógaisíochta	Innealtóireacht Phróisis, Fuinnimh & Iompair
Teastas i mBainistíocht Slabhra Soláthair Bithchógaisíochta	Innealtóireacht Phróisis, Fuinnimh & Iompair
Teastas i gCleachtais Déantúsaíochta Seomra Íonghlain	Innealtóireacht Phróisis, Fuinnimh & Iompair
Teastas in Eolaíocht in Oibríochtaí Déantúsaíochta Biteicneolaíochta	Innealtóireacht Phróisis, Fuinnimh & Iompair
Teastas i bhForbairtí Innealtóireachta Próisis	Innealtóireacht Phróisis, Fuinnimh & Iompair
Teastas i mBainistíocht Tionscadail TFC	CAMMS
Ard-Dioplóma in Eolaíocht i Néalríomhaireacht (TFC)	Eolaíocht Ríomhaire
Ard-Dioplóma in Eolaíocht i Sonraí & Anailíseacht (TFC)	Matamaitic

Springboard+ 2018

Thiomsaigh Campas Leathnaithe CIT 20 clár Springboard agus 2 chlár TFC agus chuir isteach iad ar mhaoiniú. Astu siúd, tugadh maoiniú do 7 gcúrsa Springboard agus 2 chúrsa TFC i Marta 2018. Faomhadh maoiniú ar fad de €730,150 do CIT agus rinneadh 259 áit mhic léinn a thairiscint thar 9 gclár.

Seo thíos achoimre de na cúrsaí atá beartaithe:

Teideal Cláir TFC	Roinn	Creidiúintí	Leibhéal
Dámhachtain Sainchuspóireach i Margaí Caipitil	Córais Cuntasaíochta & Faisnéise	20	8
Teastas in Eolaíocht d'Oibríochtaí Déantúsaíochta Bithchógaisíochta	Inn. Próisis, Fuinnimh & Iompair	10	6
Teastas i mBainistíocht Slabhra Soláthair Bithchógaisíochta	Inn. Próisis, Fuinnimh & Iompair	20	8
Teastas in Eolaíocht Bhailíochaithe	Inn. Próisis, Fuinnimh & Iompair	10	7
Teastas i gCleachtas Déantúsaíochta Seomra Íonghlain	Inn. Próisis, Fuinnimh & Iompair	10	6
Teastas in Uathoibríocht & Rialú	CAMMS	20	7
Teastas Iarchéime i nDearadh & Forbairt Faisnéise	Eolaíocht Ríomhaire	30	9
Teideal Cláir TFC	Roinn	Creidiúintí	Leibhéal
Ard-Diplóma in Eolaíocht in Eolaíocht Sonraí & Anailíseacht	Matamaitic	60	8
Ard-Diplóma in Eolaíocht i Néalríomhaireacht	Eolaíocht Ríomhaire	60	8

Ar na gníomhaíochtaí ar mhaithe le Fóram Scileanna an Iar-Dheiscirt bhí:

- Margaíocht agus Cur Chun Cinn: Fógraín – Bailíochtú ábhair mhodúil thar chlár eolaíochta le cinntiú go bhfuil naisc CIT agus Coláistí eile nasctha.
- Meáin Shóisialta: Pleanáil, cur i ngníomh nó measúnú straitéisí digiteacha le haghaidh Scileanna Réigiúnacha.
- Anailísiú Twitter: 1,105 imprisean le linn gnáthsheachtaine móide fás rialta ar imprisean orgánacha.
- Tacaíocht riaracháin le haghaidh idirghníomhaíochtaí ceannacháin agus airgeadais.

Rannpháirtíochtaí le Cuideachtaí agus Eagraíochtaí

Rinneadh cuid mhaith rannpháirtíochtaí le cuideachtaí agus eagraíochtaí seachtracha ar a n-áirítear:

Rohus Country Market Innishannon	Bandon Motors	RCI	Forcepoint
Motorsport Ireland (Cás beo)	Comhairle Chontae an Chláir	AMAZON	Tandem
Project Management Ltd.	Jaguar Land Rover	Eli Lilly	Sophus
Sam Maguire i nDún Mhánmhaí	Wisetek	Stryker	De Royal
West Cork Underwater Search and Rescue	Fáilte Éireann	MSD Brinny	NIMBUS
Carbon Group	Mervue Labs	BMS TORQUE SOLUTIONS	MEDIC
Janssen Group	William O'Brien Public Storage	Cumann Gnó Bhaile an Easpaig	BT Global
Edelia Coaching	Fehilly, Timoney & Co.	Bandon Office Supplies	DB Alliance
Clustermarket	Model Railway Village Cloch na Caoilte	Eli Lilly	J&J
GE Healthcare	Fórsaí Cosanta	Cara Partners	DePuy
Atlantic Flight Training Academy	Alimentary Healthcare	Irish Guide Dogs	Kart Racing Ireland

Cuairteanna IDA

Idirghníomhaíochtaí Cuideachtaí/Cuairteanna ar CIT.

Rinne CIT 10 gcuairt a d'iarr an IDA a éascú le linn na bliana.

Tráchtairéacht/ráitis thipiciúla:

- 'Tá siad ag smaoineamh ar Innealtóireacht Bogearraí agus ról T&F a chur leis an oibríocht atá acu i gCorcaigh agus ba mhaith leo tuilleadh a fhoghlaim faoin tallann a bheadh ar fáil chun na ról sin a chomhlíonadh. Ba mhaith leo deiseanna a phlé maidir le breis intéirneach a ghlacadh ó CIT'

- Tharla plé maidir leis an gcuraclam bogearraí agus conas a ullmhaíonn CIT mic léinn sa tionscal
- An caidreamh atá ag CIT le cuideachtaí ilnáisiúnta eile i gCorcaigh agus ar fud na tíre
- Comhairle a chur ar an CTO faoi chomh maith is atá Corcaigh mar láthair le gnó a dhéanamh ó thaobh dearcadh an cholaiste
- Tharla plé i dtaca leis an gclár reatha intéirnigh atá á reachtáil le CIT
- Infhaighteacht mac léinn agus cathain a bheidh cúrsa curtha i gcrích/céim bainte amach

Gníomhaíochtaí Meán Sóisialta agus Cur chun cinn

Rinne pearsanra an Champais Leathnaithe naoi gcás-staidéar nua a fhorbairt, ag díriú freisin ar Twitter agus LinkedIn.


Rannpháirtíocht Twitter agus LinkedIn

Achoimre Mhíosúil					
Mí	Giolcacha	Imprisin Giolca	Cuairtean na Próifíle	Luanna	Leantóirí Nua
Aibreán	35	42.5K	802	63	28
Bealtaine	18	23.2K	401	36	21
Meitheamh	12	9,944	115	48	3

Bain úsáid as hashtag#CollaborateWithCIT thar Twitter agus LinkedIn

Caidrimh ag FB Macha le CIT – comhoibriú idir Campas Leathnaithe agus Seirnbhís Ghairmeacha CIT


Imeacht ‘SME’s Engage with CIT’ ar 12 Aibreán 2018, ar fhreastail 29 cuideachta air, a ndearnadh suirbhé orthu uile faoina n-eispéaras. Fuarthas 24 suirbhé aiseolais comhlánaithe. Cuirtear achoimre ar na torthaí i lathair thíos:



1. Conas ba mhaith leat go gcabhródh Campas Leathnaithe leat?

D'fhreagair 20


Níor fhreagair 5



2. Cad a spreagfadh thú le comhoibriú le CIT?

D'fhreagair 23


Níor fhreagair 2



3. Cad a chuirfeadh bac ort comhoibriú le CIT?

D'fhreagair 12

Níor fhreagair 13



Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Eile

- Díríonn tuarascáil na hÉireann, atá bainte amach as suirbhé State of University-Business Cooperation, ar an gcomhoibriú idir líAO agus eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha sna 28 Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh agus na 5 thír comhlachaithe. Ba í CIT an comhpháirtí Éireannach don staidéar trí Champas Leathnaithe CIT. Fuarthas sampla deiridh de 17,410 freagra as líAO agus gnólachtaí. Déanann sé sin den suirbhé an staidéar idirnáisiúnta ar chomhoibriú idir líAO agus gnólachtaí is mó a rinneadh riamh.
- Sheol an tUachtarán, an Dr Barry O'Connor, Straitéis Rannpháirtíochta CIT go foirmiúil ar 5 Meán Fómhair.
- Ghlac an tOllamh Irene Sheridan áit ar Bhord QQI.

Bhí cuid mhaith il-aschur taighde ann freisin ar a n-áirítear páipéir chomhdhála, tuairiscí agus caibidlí leabhair.

4.5 Rannpháirtíocht Alumni

Forbraíonn Oifig Alumni CIT agus spreagann caidreamh le mic léinn agus alumni trí raon clár agus tionscnamh, d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'uailmhianta oideachais agus taighde na hInstitiúide.

Spreagtar Alumni chun a gcuid sonraí teagmhála a choinneáil cothrom le dáta trí rphost, láithreán gréasáin, láithreán líonra sóisialta nó teagmháil dhíreach leis an Oifig Alumni.

Is dlúthchuid de ghníomhaíochtaí Oifig Alumni CIT an rannpháirtíocht ar fud na hInstitiúide i rith na bliana, iad ag oibriú leis na haonaid seo a leanas:

- An tSeirbhís Ghairmeacha
- An Oifig Nuálaíochta agus Fiontair
- An Oifig Spóirt
- Aontas na Mac Léinn
- An Oifig Rannpháirtíochta Mic Léinn
- Campas Leathnaithe
- An tAonad Margaíochta
- Ranna agus baill foirne acadúla aonair

Ar bhuaicphointí 2017/2018 bhí

- Chláraigh 50 alumni nua trí mheán an tairseach clárúcháin ar líne.
- Rinne 52 alumni a gcuid sonraí a nuashonrú tríd an tairseach 'Nuashonraigh do Chuid Sonraí ar líne'.
- D'éisigh an Oifig Alumni 15 Charta Leabharlainne Alumni do 2017/2018.
- Bhuaile Grúpa Comhairleach Alumni CIT le chéile faoi dhó in 2017/2018 áit ar pléadh tionscnamh éagsúil rannpháirtíochta alumni.
- Bailíodh faisnéis ó 51.5% de chohórt chéimithe 2017 sa Suirbhé ar Thorthaí Aschuir Céimí 2017.
- Ghin an Clár Ambasadóra Alumni Mic Léinn 20 uair an chloig d'obair dheonach ó mhic léinn do ghníomhaíocht alumni le linn 2017/2018.
- I gClár Comh-Mheantóireachta CIT, rinne 22 péire meantaithe mic léinn agus meantóirí alumni rannpháirtíocht le chéile agus chomhroinn eolas thar thréimhse 6 mhí le linn 2017/2018. Ba mhéadú de 15 péire é sin. Ghin an clár 176 uair a' chloig d'obair dheonach ó alumni agus cairde na hInstitiúide.
- Chuaigh Feachtas Bronnta Alumni 2017 i bhfeidhm go dearfach i dtéarmaí rannpháirtíochta le alumni ag staid luath agus ghin sé breis 'is maith liom' ar leathanach Facebook Alumni le linn trí lá na mbronntaí
- Chuaigh an Clár Buail le Céimí de chuid CIT i bhfeidhm ar 356 mac léinn agus 20 alumni. Is comhoibriú é an clár le baill foirne acadúla ar fud na hInstitiúide agus tugann an Oifig Rannpháirtíochta Mic Léinn tacaíocht dó mar chuid de Thionscadal Aistrithe CIT. Filleann alumni ar an gcampas chun a gcuid eispéaras a chomhroinnt le mic léinn i suíomh neamhfhoirmiúil.

4.6 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

Clárúcháin Idirnáisiúnta 2017/2018

- Ba é líon iomlán na mac léinn nua-iontrála neamh-AE don bhliain acadúil 2017/2018 ná 86.
- Chuimsigh na clárúcháin sin 6 mhac léinn Malairte, 38 mac léinn fochéime, 39 mac léinn iarchéime agus 3 mac léinn PhD.
- Tháinig méadú de 167% ar líon CIT de na clárúcháin neamh-AE nua-iontrála ón mbliain acadúil 2016/2017 go dtí an bhliain acadúil 2017/2018.
- Tháinig méadú ar líon iomlán na gclárúcháin neamh-AE de 63% ón mbliain acadúil 2016/2017 go dtí an bhliain acadúil 2017/2018.

Ba í an chúis ba mhó leis an earcaíocht mhéadaithe ná na hiarrachtaí a mhéadaigh láithreach CIT i bpríomh-mhargaí amhail An India, An Mhalaeisia, Vítneam, SAM agus Ceanada. Dhírigh an Oifig Idirnáisiúnta ar Ghníomhaire Oideachais agus caidrimh le hollscoileanna idirnáisiúnta a fhorbairt.

Comparáid idir Clárúcháin Iomlána Neamh-AE do na blianta acadúla 2016/2017 agus 2017/2018 de réir Dáimhe, Scoile agus Roinne.

	2016/17 Mic léinn iarbhír	2017/18 Mic léinn iarbhír
Líon iomlán na mac léinn	92	149
Dámh Ghnó agus Daonnachtaí	2016/17	2017/18
Scoil Ghnó	6	19
Scoil na nDaonnachtaí	5	11
CEDC CIT	2	12
CSC CIT	1	6
Dámh Innealtóireachta & Eolaíochta	2016/17	2017/18
CNMÉ	7	3
Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta	16	22
Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis	34	39
Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta	21	37

Clárúcháin Neamh-AE don bhliain acadúil 2017/2018 de réir tíre

Tír	Líon na Mac Léinn Cláraithe
Ceanada	9
An tSín	5
An Aetóip	1
An India	20
Poblacht Ioslamach na hIaráine	1
An Choiré	2
An Mháláiv	1
An Mhalaeisia	7
Oileáin Mhaildiv	1
An Nigéir	6
St Lucia	1
An Phacastáin	1
An Araib Shádach	2
Seychelles	2
Singapore	1
An Afraic Theas	1
An Úcráin	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá	16
Vítneam	8
An Bhrasaíl	0
Oman	0
Iomlán	86

Scoláireachtaí Idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann

Fuair CIT cúig Scoláireacht Rialtas na hÉireann don bhliain acadúil 2017/18. Chuimsigh na scoláireachtaí tarscaoileadh táille teagaisc ó CIT, agus stípin de €10,000 ón ÚAO. Bhronn CIT ceithre cinn de na cúig Scoláireacht de chuid Rialtas na hÉireann mar seo a leanas: beirt mhac léinn Indiacha Máistir, mac léinn Máistir amháin as Vítneam, agus mac léinn Máistir amháin as an Malaeisia.

Imeacht Speisialta

“Tết Việt” (Bliain Úr Vítneam) – d’eagraigh mic léinn Vítneam de chuid CIT “Tet Viet” (Bliain Úr Vítneam) den chéad uair ar 17 Feabhra 2018. Thug an Oifig Idirnáisiúnta, agus Oifig na nEalaíon tacaíocht don ócáid. Bhí Leas-Ardmhéara Chathair Chorcaí, an Comh. Paudie Dineen, Leas-Uachtarán CIT do Ghnóthaí Seachtracha, an Dr Orla Flynn, agus thart ar 50 duine eile i láthair ag an imeacht ar a n-áirítear mic léinn idirnáisiúnta as CIT agus UCC mar aon le roinnt léachtóirí de chuid CIT.

Misin Oideachais

Isteach	Amach
An Mhalaeisia	SAM
An Téalainn	Vítneam
SAM	An Téalainn
Ceanada	An Mhalaeisia
An tSín	An India
Oman	Oman
An Nigéir	
An Afraic Theas	
An Chéinia	
Hong Kong	

Erasmus+KA103 – Soghluaisteacht idir Tíortha Cláir do 2017-2018

Maoiniú iomlán do 2017-2018

	Catagóir	Iarrtha	Ceadaithe	Méid €
1	Malartuithe Staidéir	65	65	100,290
2	Cúrsaí Oiliúna	55	45	57,480
3	Cuairteanna Léachtóireachta	12	12	13,985
4	Oiliúint Foirne	10	10	11,520
5	Tacaíocht Eagraíochta		132	41,400
	Deontas Iomlán			224,675

Erasmus+KA103 – Soghluaisteacht idir Tíortha Cláir do 2017-2018

Líon soghluaisteachta a baineadh amach

	Catagóir Soghluaisteachta	Líon Iomlán Bainte Amach go Dáta
1	Malartuithe Staidéir	71
2	Cúrsaí Oiliúna (Intéirneachtaí)	40
3	Malartuithe Teagasc	11
4	Oiliúint Foirne	10
	Iomlán na Soghluaisteachtaí	132

Mic Léinn Erasmus Isteach 2017-2018

Líon iomlán na mac léinn isteach do 2017-2018: 188 (intéirigh san áireamh)

Is í an Scoil Ghnó a chuir an líon mac léinn is mó thar sáile i mbliana. Rinne cuid mhaith de na mic léinn sin staidéar BBus (Onór) i nGnó Idirnáisiúnta le Teanga, agus éilítear seimeastar nó dhó a chaitheamh thar lear chun scileanna teanga eachtraí a fhorbairt. D'éirigh le naonúr de na mic léinn sin socrúcháin oibre a aimsiú sa Fhrainc agus sa Ghearmáin. Chuir Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha mic léinn chuig cuideachtaí sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa RA chun socrúcháin oibre a dhéanamh. Ghin an caidreamh láidir atá ag an Roinn le hOllscoil na Burgúine – IUT Dijon, líon mór socrúcháin oibre ina gcuideachta

taighde ar champas, IMIDA. Lena chois sin, rinne duine de na mic léinn a shocrúchán ag lárionad IMIDA sa chríoch Fhrancach Chairibeach Guadalupe.

Erasmus+KA103 – Soghluasteacht idir Tíortha Cláir do 2017-2018 – Tuairisc Dheiridh, Anailís agus Measúnú

Cuireadh an tuairisc dheiridh ar ghníomhaíochtaí soghluasteachta Erasmus+KA 103 idir tíortha cláir de chuid CIT isteach i nDeireadh Fómhair 2017. I mbliana, d'fhostaigh an tÚAO measúnóir seachtrach chun tuairiscí deiridh gach IAO in Éirinn a athbhreithniú agus scór faoin gcéad a thabhairt dóibh. Tugadh scór foriomlán de 85 as 100 do CIT. Chuimsigh ráitis an mheasúnóra an dearbhú “go raibh an ráta sástachta foriomlán do bhaill foirne agus mic léinn isteach an-ard*, ag breis is 90%, agus i gcásanna áirithe ag 100%, rud a léiríonn iarrachtaí ollmhóra na hInstitiúide chun eispéaras fiúntach agus tairbheach a chinntiú don uile dhuine a bhí i gceist.”

Moltar an achoimre tionscadail as breith ar “spríoc straitéiseach na hInstitiúide maidir lena clár idirnáisiúnaithe agus as conas a oireann Erasmus dó”. Tugadh faoi deara freisin “Go raibh an taithí agus an dea-chleachtas a forbraíodh trí chlár Erasmus tar éis a bheith ina bhun agus ina chomhlánú le cuid mhaith gníomhaíochtaí idirnáisiúnta domhanda de chuid na hInstitiúide”. Thug an measúnóir faoi deara freisin gurb é an ganntanas cóiríochta mic léinn ba chúis leis an laghdú tuairiscithe ar líon na mac léinn Erasmus isteach.

*(sonraí as suirbhéanna ar rannpháirtíocht foirne agus mic léinn)

Soghluasteacht Foirne Erasmus

Agus é ag teacht le straitéis idirnáisiúnta CIT, baineadh leas as maoiniú soghluasteachta foirne Erasmus le haghaidh ball foirne teagaisc agus neamhtheagaisc araon. Cuidíonn soghluasteacht foirne Erasmus le forbairt foirne, deiseanna líonraithe agus comhroinnt eolais le comhghleacaithe ag institiúidí nó fiontair thar lear. Bhain an Scoil Ghnó tairbhe as maoiniú soghluasteachta teagaisc le cur ar chumas léachtóirí páirt a ghlacadh i ndianchlár Todhchaithe Cruthaitheacha Eorpacha in Oslo go déanach in Eanáir, mar aon leis an dianchlár a reáchtáil an Scoil Ghnó in Hogeschool Utrecht. Chuir an Oifig Idirnáisiúnta/Erasmus maoiniú breise ar fáil i dtreo costais mhic léinn ar na cláir sin. Fuarthas amach gur mó an seans go smaoiníodh mic léinn a dhéanann freastal ar na cláir ghearrstaidéir seo thar lear ar dhul ar sheimeastar Erasmus nó malartú bliana iomláine nó socrúcháin.

Soghluasteacht Erasmus Amach 2017-2018

- Thug Christine Pybus, CEDC CIT, cuairt oiliúna foirne Erasmus ar Choláiste Ealaíne Central St Martin's i Londain i Meán Fómhair 2017. Síniadh comhaontú déthaobhach le Central St Martin's le linn an tsamhraidh.
- Thaisil Pamela Hardesty, CEDC CIT, go dtí Acadamh Ealaíon Vilnius, sa Liotuáin, chun comhthaispeántas saothar mic léinn in Ealaíona Comhaimseartha Feidhmeacha a eagrú in Acadamh Ealaíon Vilnius ar 18 Meán Fómhair 2017. Is é an tríú huair agus an uair dheiridh a léiríodh an taispeántas seo ar thionscadal comhoibrítheach an-rathúil é idir mic léinn teicstíil CEDC CIT, Coláiste Ealaíne Tartu na hEastóine agus Acadamh Ealaíon Vilnius na Liotuáine é.
- Rinne baill foirne Erasmus san Oifig Idirnáisiúnta freastal ar dhá imeacht oiliúna agus líonraithe le linn Aibreán 2018. D'fhreastail Margaret Mulderriig ar chur i láthair agus ceardlann Erasmus Going Digital a d'eagraigh Coimisiún na hEorpa agus Fondúireacht Ollscoil na hEorpa, a bhí ar siúl ag Ollscoil Eotvos Lorand in Budapest. Tabharfar isteach an córas nua digiteach cáipéisíochta agus Erasmus Dashboard níos déanaí i mbliana.
- D'fhreastail Mary Burton-Quinn ar Chomhdhail na gComhordaitheoirí Erasmus ag an Universidad de Murcia a d'eagraigh Cumann Eorpach na gcomhordaitheoirí Eorpacha.

Ar chuirteanna eile foirne a bhí maoinithe ag Erasmus, bhí cuairteanna léachtóireachta a rinne baill foirne acadúla.

- Thug an Dr Gabriella Mayer cuairt léachtóireachta Erasmus ar an Conservatorio Statale di Music E F Dall' Abaco Di Verona go luath i mBealtaine.
- Chuir an Dr Claudia Wagner páipéar i láthair ag seimineár in Universidad de Alicante i Márta 2018.
- Thug Christine Pybus cuairt léachtóireachta ar an Universitatea Cluj Napoca na Romáine i Márta.
- Thug an Capt William Kavanagh, CNMÉ, cuairt ar Ollscoil Eolaíochta Feidhmí Jada sa Ghearmáin.
- Thug Frances Clerkin cuairt ar roinnt eagraíochtaí oiliúna i Malta.
- Joanna Shuks, oifigeach teicniúil CEDC – cuairt oiliúna jabscáthaithe agus líonraithe ar Universidad Jaume1, Castellon na Spáinne (Deireadh Fómhair 2017).
- Maria Murray, léachtóir i Roinn na Meán Cumarsáide – Ollscoil Lahti Eolaíochtaí Feidhmeacha (An Fhionlainn) chun féidearthachtaí malartaithe mic léinn a mheas sa réimse Meán Dhigiteacha Chruthaitheacha agus Físchumarsáid.
- Thug an Capt William Kavanagh, CNMÉ, cuairt ar Jade Hogeschool, Elsfleth Coláiste Mara sa Ghearmáin ó 29 Bealtaine go 1 Meitheamh. Ba é ba aidhm leis an gcuairt ná torthaí foghlama an MSc nua i mBainistíocht Idirnáisiúnta Mhuirí (IMM) a phlé, struchtúr tráchtas agus modhanna taighde, le súil lena chur i bhfeidhm i Meán Fómhair 2018. Fuair an Capt Kavanagh oiliúint sa chóras Moodle a úsáidtear chun an MSc a sheachadadh in IMM. Beartaíodh breis malartuithe léachtóireachta freisin le linn na cuairte.

- Ghlac Hugh McCarthy, de chuid CSC CIT, páirt i bhfóram “Crossing Borders in Higher Arts Education” ag an Escola Superior de Musica E Artes do Espectaculo (ESMAE) in Porto ar 8 Meitheamh agus thug sraith léachtaí ag an institiúid le linn na cuairte.
- D’fhreastail Emmett Coffey agus Frank O’Donovan Ar Fhéile Scannáin CampusDoc in Utrecht ó 15 go 18 Meitheamh. Rinne siad measúnaithe ar chláir faisnéise mhic léinn lena bheith curtha isteach ar Fhéile FilmCraftCork CIT in 2019. Taispeánadh obair Chlár Faisnéise a bhí déanta ag mic léinn Iriseoireachta CIT ag an bhFéile i mbliana. Eagraíodh an chuairt oiliúna seo chun an nasc idir na clair Iriseoireachta ag Hogeschool Utrecht (HU) agus an MA in Iriseoireacht mar aon le Cruthú Ábhair Dhigitigh in CIT a neartú. Thug sé deis freisin do Emmett agus Frank naisc a dhéanamh le dhá institiúid eile: Manchester Metropolitan University (MMU) agus Scoil na hIriseoireachta ag City University New York (CUNY), comhpháirtí san Fhéile CampusDoc. Reáchtáladh plé le baill foirne as HU, CUNY agus MMU maidir le trí thionscadal ar leith, ar a n-áirítear
 - Scoil samhraidh i ndéanamh clár faisnéise
 - Seomra Nuachta Idirnáisiúnta Comhtháite a chruthú chun saothar mac léinn a chur ar taispeáint
 - Clár idirnáisiúnta MA ar dhéanamh clár faisnéise a mbeadh baint aige le HU, CUNY, MMU agus Roinn na Meán Cumarsáide de chuid CIT.
- Rinne Margaret Mulderrig freastal ar Sheachtain Foirne Erasmus ag Ollscoil Metropolia Eolaíochtaí Feidhmeacha san Fhionlainn (11 – 13 Meitheamh 2018). Tá comhpháirtíocht an-rathúil Erasmus ag CIT le Metropolia ó lár na 1900aidí. Tháinig mic léinn Metropolia as Innealtóireacht agus Eolaíocht go CIT le staidéar a dhéanamh, agus rinne mic léinn CIT as Innealtóireacht Mheicniúil agus Eolaíochtaí Bitheacha intéirneachtaí ann. D’éascair roinnt torthaí an-dearfacha as comhráite na seachtaine, ar a n-áirítear
 - Raon féidearthachtaí nua do mhic léinn CIT chun staidéar a dhéanamh ag Metropolia ar chúrsaí baitsiléara a mhúintear trí Bhéarla
 - Chomhroinn Metropolia a smaointe agus dea-chleachtais i réimse an idirnáisiúnaithe don uile mhac léinn (chomh maith leis an modúl traidisiúnta malartuithe seimeastair nó intéirneachtaí), amhail soghluaisteacht ghearrthéarmach Erasmus, ar aon dul leis an iar-eiseamláir Dian-Chlár Erasmus. Pléadh samplaí agus smaointe maidir le soghluaisteachtaí fíorúla. Tugtar seicliosta idirnáisiúnaithe do gach mac léinn de chuid Metropolia sa chéad bhliain, agus spreagtar iad le taithí idirnáisiúnta a chuimsiú isteach ina bhfoghlaim, cibé staidéar go fisiciúil thar sáile nó a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí mar “idirnáisiúnu sa bhaile”, amhail tionscadail soghluaisteachta fíorúla le mic léinn as institiúidí comhpháirtíochta.

Cuairteanna Erasmus Isteach

- Thug grúpa as Oifig Gnóthaí Mic Léinn agus Idirnáisiúnta as Institiúid Teicneolaíochta Blekinge (BTH), Karlskrona, An tSualainn, cuairt ar CIT ar 20 Meitheamh. Bhí an plé dírithe ar an gcéim i mBainistíocht Tionsclaíochta BTH a mhúintear trí Bhéarla, agus ar na féidearthachtaí a bhain le mic léinn a mhalartú sna réimsí gnó agus teicneolaíocht/innealtóireacht. Thug an tOllamh John Barrett cur i láthair ar na tionscadail agus saoráidí atá ag NIMBUS agus ar na féidearthachtaí a bhí ann chun tionscadail a chur ar fáil do mhic léinn isteach as BTH. Tá an acmhainn sa seimeastar tionscadail idirnáisiúnta atá á thairiscint ag BTH sa chéim Bainistíochta Tionsclaíochta i gcomhair rannpháirtíochta ag mic léinn CIT.
- Thug an tOllamh Frederic Debeaufort as Ollscoil na Burgúine (IUT Dijon) cuairt ar CIT go luath i Meitheamh chun intéirneachtaí mic léinn a phlé agus cuairt a thabhairt ar mhic léinn as IUT a bhí ar socrúcháin le cuideachtaí i gCorcaigh. Le linn na cuairte, bhuaill an tOllamh Debeaufort le baill acadála foirne as Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha chun an clár malartaithe intéirneachta a phlé. Faoi lathair, tá deichniúr mac léinn as Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha de chuid CIT i mbun intéirneachtaí ag lárionaid taighde in Dijon.
- Thug Steve Walsh Uas., Hochschule Kiel na Gearmáine, cuairt ar CIT chun soghluaisteacht isteach a chur chun cinn sna réimsí Staidéar Gnó agus Innealtóireacht Mheicniúil. Thug an tOllamh Ger Kelly cuairt fhille i mBealtaine le páirt a ghlacadh i measúnuithe mic léinn.
- Thug an tOllamh Martine Stirling, Université de Nantes, cuairt ar an Roinn Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta chun na malartuithe reatha mac léinn sna réimsí sin a phlé.
- Thug an tOllamh Wojciech Kujawski as Ollscoil Copernicus in Torun na Polainne, cuairt ar CIT i Marta. Is é a réimse saineolais na taighde scannánach.

Maoiniú Erasmus+KA107 – Soghluaisteacht idir Thíortha Cláir agus Comhpháirtíochta (Soghluaisteacht Chreidiúna Idirnáisiúnta)

Tionscadal Uimh. 2017-1-IE02KA107-000537 (2017-2019)

I mí Feabhra 2017, cuireadh iarratas isteach ar Mhaoiniú Chreidiúna Soghluaisteachta Idirnáisiúnta Erasmus don tréimhse 2017-2019. Thug an tÚAO maoiniú ina dhiaidh sin le haghaidh malartuithe dáimhe idir na tíortha seo a leanas. Tá an tionscadal á chomhordú ag an Dr John Hobbs, an Scoil Ghnó. Thug an Dr Hobbs cuairt ar an Universidad del Rosario, sa Chólóim le linn mhí na Samhna 2017. Thug an Dr Pio Fenton cuairt ar an Ollscoil Eacnamaíochta, Ollscoil Danang in Aibreán 2018.

Réigiún	Tíortha	Méid (€)
DCI na hÁise	Vítneam	11,240
DCI na hAfraice Theas	An Afraic Theas	2,730
DCI Mheiriceá Laidinigh	An Chólóim	6,180
EDF (ACP)	Botswana	11,560
Deontas Iomlán		31,710

Tionscadal Uimh. 2016-1-IE02-KA107-000478 (2016-2018)

Maoiníodh dhá shoghluaisteacht mhic léinn isteach faoin tionscadal seo. Chaith na mic léinn seimeastar an duine ag CIT le linn na bliana acadúla 2017-2018, sa Scoil Ghnó. Bhí 4 shoghluaisteacht foirne isteach i mBealtaine 2017 agus 3 shoghluaisteacht foirne isteach i mí na Samhna 2017. Thug an Dr Pío Fenton, comhordaitheoir an tionscadail, cuairt ar Danang i mí na Samhna 2017, agus thug beirt chomhghleacaí as an Scoil Ghnó cuairt ar Ollscoil Eacnamaíochta de chuid Ollscoil Danang i Meitheamh 2017.

Tionscadal Chreidiúna Soghluaisteachta Erasmus (KA107) le hOllscoil Maryland

Shínigh CIT comhaontú malartaithe Erasmus le hOllscoil Maryland chun malartuithe dáimhe acadúla a éascú idir an dá institiúid faoin tionscadal Chreidiúna Soghluaisteachta Erasmus, a bhaineann le braisle fiontair (V-LINC). D'óstaigh an Dr John Hobbs cuairt an Ollaimh Scott Dempwolf as Ollscoil Maryland in 2017. Baineann obair an Ollaimh Dempwolf in Maryland le líonraí nuálaíochta a shamhaltú, braisliú agus anailís eiceacórais.

Comhaontuithe Déthaobhacha nua Erasmus a Síníodh in 2017-2018

Síníodh Comhaontuithe Déthaobhacha leis na hinstiúidí seo a leanas:

- Fondazione ONLUS Scuola di Musica di Fiesole, San Domenico de Fiesole, An Iodáil
- Ollscoil Eacnamaíochta, Izmir, An Tuirc
- Central St Martin's College of Art, Londain
- Ollscoil Cheoil agus Taibh-Ealaíon, Vín
- Ollscoil Alicante
- Universidad de Girona
- Conservatorio di Musica Santa Cecilia, an Róimh
- Escola Superior Náutica Infante D. Henrique, Liospóin
- Universidad del País Vasco



Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann



5. Acmhainní Daonna

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 5.1 Tuarascáil ar Acmhainní Daonna
- 5.2 Líon na Foirne
- 5.3 Éachtaí Foirne

5.1 Tuarascáil ar Acmhainní Daonna

Líon na mBall Foirne

Don bhliain acadúil 2017/2018, ba é líon na bhfostaithe san Institiúid ná 1,416, arbh ionann é sin agus 1070.27 Coibhéisí Lánaimseartha (CLA). Ba í an Fhoireann Acadúil an chatagóir ba mhó a raibh 58% d'fhostaithe ann, 60% CLA.

Baineadh na figiúirí go léir a thaispeántar sa roinn seo as Tuairisceáin Ráithiúla na hEarnála Poiblí mar a bhí ar 31 Nollaig 2017.

Baill foirne a chuaigh ar scor

D'éirigh na baill foirne seo a leanas as seirbhís le linn na bliana:


Dr Noel Barry, Ceann Gnóthaí Acadúla, Scoil Staidéar Iarchéime
 Esther Browne, Glantóir, Oifig Foirgneamh & Eastát
 Margaret Buckley, Oifigeach Cléireachais, Riarachán
 Denis F Coveney, Léachtóir Sinsearach 1, Roinn Foirgníochta
 Breda Fogarty, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, Roinn Bainistíochta & Fiontair
 Gabriel Frost, Oifigeach Cléireachais, Riarachán
 Ed Kuczaj, Léachtóir, CEDC CIT
 Philip Mealy, Oifigeach Teicniúil, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
 Geraldine McCarthy, Leas-Oifigeach Foirne, Roinn Turasóireachta & Fáilteachais
 An Dr Mary McCarthy, Léachtóir, Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha
 Brian McGrath, Léachtóir Sinsearach 3, Scoil Ghnó
 John Murphy, Oifigeach Teicniúil Sinsearach, Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta
 Barbara O'Callaghan, Léachtóir Cúnta Pro-Rata, Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach
 Jerome O'Driscoll, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaí
 Michael O'Keefe, Léachtóir, Roinn Foirgníochta
 Michael G O'Riordan, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
 Seán O'Riordan, Oifigeach Teicniúil Sinsearach, Oifig Foirgneamh & Eastát
 Jennifer O'Sullivan, Oifigeach Teicniúil, CEDC CIT
 Catherine Walsh, Léachtóir Cúnta Pro-Rata agus Comhairleoir Mic Léinn, Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach
 Jim Walsh, Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta Feidhmeach

5.2 Líon na Foirne

Líon Iomlán na mBall Foirne

	CLA	Líon
Buan	901.22	969.00
Sealadach	<u>169.05</u>	<u>447.00</u>
IOMLÁN	1,070.27	1,416.00


Líon Iomlán na mBall Foirne (Coibhéisí Lánaimseartha)



Foireann de réir Catagóire

	CLA	Líon
Bainistíocht	11.2	12
Acadúil	640.27	819
Riarachán & Leabharlann	168.43	182
Teicneoir	90.97	95
Tacaíocht	44.24	57
Seirbhísí Mic Léinn	38.39	161
Taighdeoirí	76.77	90
	1070.27	1416.00


Foireann de réir Catagóire (Coibhéisí Lánaimseartha)



Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana (Coibhéisí Lánaimseartha)

	14/15	15/16	16/17	17/18
Bainistíocht	10.00	10.00	10.00	11.2
Acadúil	586.05	582.63	609.03	640.27
Riarachán & Leabharlann	158.74	164.33	165.47	168.43
Teicneoir	84.42	86.22	86.87	90.97
Tacaíocht	47.45	46.09	44.00	44.24
Seirbhísí Mic Léinn	31.38	31.46	35.18	38.39
Taighdeoirí	81.01	75.44	72.98	76.77
Total	999.05	996.17	1023.53	1070.27

Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana (Coibhéisí Lánaimseartha)



5.3 Éachtaí Foirne

Cuireadh comhgháirdeas in iúl dóibh seo a leanas:

- Marèse Bermingham, Ceann Oifig Rannpháirtíochta Mic Léinn, agus d'fhoireann AnSEO a ghnóthaigh an Duais Rannpháirtíochta Mic Léinn agus Cumarsáide ag na Gradaim Oideachais bhliantúla, agus do Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha a ghnóthaigh an Duais don Straitéis Tionchair Ghairmbheatha.
- Comhgháirdeas freisin do Roinn na Foghlama Teicneolaíocht-Fheabhsaithe a cuireadh ar an ngearrliosta sa chatagóir Eispéaras Foghlama is Fearr ar Líne.
- An tOllamh Margaret Linihan, CIT agus an Dr Corina Sheerin, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath a fuair duais don pháipéar is fearr as a dtaighde ar easpa dul chun cinn na mban in Earnáil Bhainistíochta Infheistíochta na hÉireann ag comhdháil bhliantúil Acadamh Bainistíochta na Breataine a tionóladh in Ollscoil Warwick, RA.
- Gach duine in CIT faoi mhaoirseacht Deirdre Creedon, Oifigeach Rochtana, a raibh baint acu le Tríú Comhdháil idirnáisiúnta UNESCO ar Chathracha Foghlama i Meán Fómhair 2017. Ba í Corcaigh an chéad chathair Eorpach a d'óstaigh an chomhdháil dhomhanda mhórchlúiteach seo. Thug toscairí cuairt ar CNMÉ ar an tríú lá den chomhdháil. D'fhág 500+ tosaicire as 95+ tír tar éis go ndeachaigh CIT i gcion go mór orthu.
- Mary Hegarty, ball foirne de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT, a fuair Gradam Alumni na Ceolscoile ag searmanas Duaiseanna na Scoile ar 20 Deireadh Fómhair 2017.
- Conor Palliser, ball foirne Cheolscoil Chorcaí, a fuair debut stiúrthóireachta le Concerti Sinfonietti Nua Eabhrac (NYCS) in Halla Carnegie ar 29 Deireadh Fómhair 2017. Chuir an NYCS na buaiteoirí ina gComórtas idirnáisiúnta Shining Star i láthair i gceolchoirm. Comhgháirdeas freisin leis na múinteoirí i gCeolscoil Chorcaí Mary Beattie, Ruxandra Petcu-Colan, Christopher Marwood agus Antony Neal agus a gcuid mac léinn Ellen Jansson (Pianó), Kevin Jansson (Pianó & Bheidhlín), Zoe Nagle (Cello) agus Mark McCarthy (Trombón) a roghnaíodh le taibhiú in Halla Carnegie.
- Foireann Sárluaimh Choláiste Náisiúnta na Mara faoi cheannas Cheann Seirbhísí CNMÉ, Jim Byrne, a fuair faomhadh ó Chumann Luamhaireachta Príobháideach (PYA) le bheith ina soláthróirí oiliúna creidiúnaithe ag GUEST. Déanfaidh an creidiúnú seo na cláir atá ag CNMÉ a chomhlánú le haghaidh criú deice agus innill go dtí Cáilíocht Máistir. Tá CNMÉ ar cheann anois den 20+ soláthróir atá creidiúnaithe ag GUEST ar fud an domhain.
- An Dr Ted Scully, an Dr Alejandro Arbelaez agus an Dr Diarmuid Grimes a d'eagraigh i gcomhpháirtíocht le Intel ceardlann faoin topaic: "Machine Learning and Deep Learning" ar 2 Samhain 2017. Roghnaigh Intel CIT mar an t-aon ionad in Éirinn chun an cheardlann a riaradh agus is cuid dá dturas, Intleacht Shaorga na hEorpa, é. Is mór an t-aitheantas a thugann sé do chumas gach ball foirne a bhí bainteach.
- Ghlac na hollúna seo a leanas páirt i sraith léachtaí mar chuid de Shraith Léachtaí Ollúnachta:
 - Thug an tOllamh Noel Barry, Ceann Staidéir Acadúil, léacht ar "Optimal use of Forces and Military Theory in Irish History".
 - Thug an tOllamh Aidan Coffey, Léachtóir Sinsearach, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha, léacht ar "How to kill bad bugs: Exploration of novel biological strategies for microbial pathogen biocontrol".
 - Thug an tOllamh Dirk Pesch, Ceann Lárionad NIMBUS, léacht ar "The world in your pocket – the impact of mobile wireless technologies on our life".
 - Thug an tOllamh Jim O'Mahony, Léachtóir i Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha & an tAonad Teagaisc agus Foghlama, léacht ar "Diseases and Health in a modern world".
 - Thug an tOllamh Margaret Linehan, Ceann Scoil na nDaonnachtaí, léacht ar "Female Leadership: Persistence of the Glass Ceiling".
 - Thug an tOllamh Irene Sheridan, Ceann an Champais Leathnaithe, léacht ar "The Role of a University".
 - Thug an tOllamh Roy Sleator, Léachtóir Sinsearach i Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, léacht ar "Following my gut feelings".
 - Thug an tOllamh Seán F. O'Leary, Léachtóir Sinsearach, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Bithleighis agus Déantúsaíochta, léacht ar "Innovative Product Laboratories Development – Engineering an Under-graduate multi-disciplinary Student Innovation Eco-system".
 - Thug an tOllamh Hugh McGlynn, Ceann na Scoile Eolaíochta & Faisnéisíochta léacht ar "Evolution of STEM education".

- Lárionad NIMBUS a fuair an Gradam in Innealtóireacht d’Aireagán na Bliana (innealtóireacht, ICT agus Eolaíochtaí Fisiceacha) ag Gradaim PERDYLUCEY Aireagán na Bliana i Samhain 2017 dá dtionscadal WatNOS. Rinne an tionscadal WatNOS córas nuálach d’optamú costais fhuinnimh a fhorbairt agus a dheimhniú don earnáil uisce.
- Brian McGrath, an Dr Pio Fenton, Maurice Murphy, Conor Kelleher agus foireann iomlán na foirne léachtóireachta san MSc i gCleachtas Margaíochta as a bheith gearrliostaithe don chúrsa Máistir Eolaíochta i gCleachtas Margaíochta sa Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta le haghaidh Ghradaim Ardoideachais Gradireland 2018. Cuireadh ar an ngearrliosta é sa chatagóir Cúrsa Iarchéime na Bliana i nGnó, Airgeadas agus Bainistíocht. Aitheantas é seo d’ obair mhór, tiomantas agus tiomnú na foirne ar an gclár iarchéime an-rathúil seo.
- An Dr Sharon Lawton, Oifigeach Tionscadal Eolaíochta, agus David Hodge Uas., Riarthóir Tionscadal, ar éirigh lena n-iarratas ar mhaoiniú chuig Chlár Discover 2017 dechuid FEÉ agus a fuair €300,000 ó FEÉ mar chuid de chlár méadaithe Róbataice Náisiúnta VEX €665,000.
- An tOllamh Irene Sheridan, Ceann Campais Leathnaithe CIT, arna ceapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna do Bhord Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Ba aitheantas mór don Ollamh Sheridan é sin agus don obair a dhéanann sí i gCampas Leathnaithe CIT agus ar mhaithe le CIT.
- Ghnóthaigh CIT gradam foriomlán d’fhiontraíocht mhic léinn ag na chéad Ghradaim Náisiúnta le haghaidh Sármhaitheas Disiplíneach i bhFoghlaim, Teagasc agus Measúnú (DELTA) a d’óstaigh an Fóram Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.
- An Dr Sebastian Schultz, taighdeoir iardhochtúireachta sa Lárionad d’Ard-Fhótónaic agus Anailís Próisis (CAPPA) a bhí ina phríomhbhall d’fhoireann taighdeoirí a chuidigh le húrghuascailt fótónaice a bhfuil an acmhainn inti le haghaidh luasanna idirlín atá níos tapúla go mór. Tá sonraí a gcuid teicneolaíochta foilsithe san iris idirnáisiúnta Nature Photonics.
- Bronnadh gradam DELTA ar thionscnamh ACE de chuid CIT (Luathú Fiontraíochta Campais). Bronntar na gradaim ar thionscadail a léiríonn tiomantas as an ngnách do sheirbhísí teagasc agus foghlama ina ndisciplíní agus in ullmhú céimithe i gcomhair shaol an tsaothair. Cuimsíonn grúpa ACE ranna acadúla as na ceithre champas, taighde, Lárionad Hincks don tSármhaitheas i bhFiontraíocht, an Oifig Nuálaíochta agus Fiontair, Lárionad Goir Rubicon, Aontas na Mac Léinn agus intéirínigh fiontair mhic léinn.
- An Dr Alex Krok, Comhalta Taighde CIT, a fuair deontas Charlemont ó Acadamh Ríoga na hÉireann. Tá Alex ag déanamh taighde ar Mhúnlú Púdair le haghaidh Táibléadú Cógaisíochta i gcomhar leis an Dr Sandra Lenihan agus an Dr Keith Byran.
- An Dr Niall Smith, Ceann Taighde, a ainmníodh chun bheith ina bhall den Choiste Stiúrtha d’fhorbairt chéad Straitéis Spáis na hÉireann don Fhiontar faoi Chathaoirleacht an Aire John Halligan.
- An Dr Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha, ar bheith tofa ina Rúnaí Oinigh le Cumann Tráchtála Chorcaí ar feadh bliana agus na bliana deiridh.
- An tOllamh Irene Sheridan, Ceann Campais Leathnaithe, agus Daithí Fallon, Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla & Déantúsaíochta Bithleighis, ar glacadh le páipéar uathu lena chur i láthair ag Comhdháil Idirghníomhaíochta Ollscoile-Tionscail dar teideal ‘University – Industry Collaboration: Where to next?’, iniúchadh ar leithead agus doimhneacht na deise do chomhoibriú, méid an chomhoibríthe a léiríodh trí chleachtadh mapála agus na chéad torthaí ón staidéar UBC san Eoraip.

Ar na baill foirne ar bronnadh céimeanna orthu bhí

- An Dr Lisa Bolger, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr Sheila Butler, Dochtúireacht Chleachtóra
- David Hayes, Máistir Ealaíon i gCeol
- An Dr Brenda Lynch, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr Heather Madden, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr JP McCarthy, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr Justin McGuinness, Dochtúir le Fealsúnacht
- Siún Milne, Máistir Ealaíon i gCeol
- Monica Moisuc, Máistir Eolaíochta i nGnó
- An Dr Jane O’Keeffe, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr Mai O’Leary, Dochtúir le Fealsúnacht
- Caroline O’Reilly, Céim Máistir i dTeagasc agus Foghlaim in Ardoideachas (MATLHE)
- Philip O’Reilly, Máistir Eolaíochta i Straitéis Margaíochta Dígití

Ceapacháin Nua

Deimhníodh na baill foirne seo a leanas le haghaidh ceapacháin le linn na bliana acadúla 2017/18

- Christina Ahern, Oifigeach Cléireachais, Seirbhísí Mic Léinn
- Therese Ahern, Leabharlannaí Córas, Leabharlann
- Elizabeth Barrett, Oifigeach Cléireachais, Acmhainní Daonna
- Eamonn Buggy, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
- Jim Burns, Oifigeach Teicniúil, Seirbhísí T.F.
- Caroline Conlon, Léachtóir, Roinn Eagrúcháin & Forbartha Gairmiúla
- Roisín Clancy, Oifigeach Foirne Cúnta, Roinn Turasóireachta & Fáilteachais
- Dolores Crowley, Oifigeach Teicniúil Sinsearach, Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta
- Kyra Dunne, Oifigeach Teicniúil Sinsearach, Oifig Rúnaí/Rialóir Airgeadais
- Maria Durban Soteras, Oifigeach Cléireachais, Campas Leathnaithe
- An Dr Anna Dynan, Léachtóir Cúnta, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
- Evan Finegan, Léachtóir Cúnta, Roinn Ailtireachta
- Emma Fitton, Oifigeach Foirne, Oifig Airgeadais
- Nelius Flynn, Léachtóir Cúnta Pro Rata, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
- Timothy Forde, Teicneoir, CNMÉ
- Joanne Gallagher, Oifigeach Foirne Sinsearach, Oifig Airgeadais
- Cormac Gebruers, Ceann CNMÉ
- Ciara Glasheen Artem, Léachtóir Grád Gairme, CSC CIT
- Nicola Griffin, Oifigeach Foirne, Oifig Gnóthaí Seachtracha
- An Dr Diarmuid Grimes, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochta Ríomhaire
- Síle Hammond, Oifigeach Cléireachais, Riarachán
- Ian Heffernan, Léachtóir CNMÉ
- Seán Hegarty, Cúntóir Leabharlainne 1/Cúntóir Leabharlainne 2, CSC CIT
- Janice Hegener, Oifigeach Teicniúil Sinsearach, Oifig Foirgneamh & Eastát
- Sarah Hickey, Altra Coláiste, Seirbhísí Mic Léinn
- Irene Hogan, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéar Spóirt, Áineasa & Luath-Óige
- John Kelleher, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
- Agnes Looney, Oifigeach Cléireachais/Oifigeach Foirne Cúnta, Seirbhísí Mic Léinn
- Diana McSweeney, Oifigeach Cléireachais CEDC CIT
- Triona McSweeney, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochta
- Conor Moynihan, Léachtóir Cúnta, CNMÉ
- Grace Murphy, Oifigeach Cléireachais, Oifig Airgeadais
- Maria Nugent, Comhairleoir Gairmeacha, Seirbhísí Mic Léinn
- Elaine O'Brien, Léachtóir Cúnta, Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta
- Martin O'Brien, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta
- An Dr Barry O'Connor, Uachtarán
- Gerard O'Donovan, Léachtóir Sinsearach SL3, Dámh Ghnó & Daonnachtaí
- Denise O'Leary, Oifigeach Riaracháin, Oifig Airgeadais
- Conor O'Neill, Oifigeach Teicniúil, Oifig Foirgneamh & Eastát
- Pat Sexton, Oifigeach Foirne, Oifig Airgeadais
- Jessica Sheahan, Oifigeach Cléireachais, Riarachán
- Joanna Shuks, Teicneoir, Seirbhísí T.F.
- An Dr David Stynes, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochta Ríomhaire
- Adrian Vaughan, Cúntóir Leabharlainne 1, Leabharlann
- An Dr Brendan Walsh, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta



Ceolscoil Chorcaí CIT

6. Tuarascáil Airgeadais

Institiuid Teicneolaíochta Chorcaí

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2017/18

6.2 Cuntais Iniúchta 2017/18

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2017/18

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2017 go dtí 31 Lúnasa 2018. Léiríonn na torthaí barrachas oibriúcháin comhdhlúite de €7.7m. Seasann sé sin do staid fheabhsaithe airgeadais. (2017: €4.3m).

Ioncam

Tháinig méadú ar ioncam de díreach faoi 9% ó €127m go €138.5m le linn na tréimhse agus tháinig méadú ar gach ceannteideal cés moite d'ioncam ó ús, a bhí laghdaithe go himeallach, rud a léiríonn timpeallacht ráta úis an-íseal. Tháinig méadú ar an ioncam ó tháillí teagaisc de €1.27m (3.5%) go €36.8m. Tháinig méadú ar dheontais stáit de €7.1m (17%) go €48.5m. Tháinig méadú ar Dheontais agus Conarthaí Taighde de díreach os cionn €2m (17%). Tháinig méadú ar líon na mac léinn cóibhéiseach lánaimseartha de 3.8% ó 9,443 go 9,802 le linn na tréimhse.

Caiteachas

Tháinig méadú ar chaiteachas reatha comhdhlúite na hInstitiúide de 6% ó €123m go €130.8m. Gan costais sochair scoir de €24.6m a chur san áireamh, ba é an caiteachas ná €106m, atá aicmithe mar seo a leanas: costais foirne 70%; costais oibriúcháin eile 24% agus dímhéas 6%.

Tháinig méadú ar bhille pá na hInstitiúide de €5.6m (8%) go €74.4m, rud a léiríonn méadú i soláthar foirne i measc tosca eile. Tháinig méadú ar mheánlíon na mball foirne cóibhéiseach lánaimseartha ó 1,023 in 2017 go 1,134 in 2018. Tháinig méadú ar chostais oibriúcháin eile de €1.77m (7%).

Gan costais sochair scoir a chur san áireamh, tá próifíl an chaiteachais mar seo a leanas: costais ranna acadúla agus gníomhaíochtaí taighde €74.6m (70%), costais áitreabh €7.8m (7%) agus costais riaracháin agus seirbhísí tacaíochta €16.7m (16%) agus seirbhísí mic léinn €7.1m (7%).

Taighde & Forbairt

Tháinig méadú ar an ioncam ó Dheontais agus Conarthaí Taighde ó €12.3m go €14.2m. Is ceart fáilte a chur roimhe seo de bhrí go mbíonn an chuid is mó den chistiú T&F bunaithe ar rath i gcláir chistithe iomaíocha Stáit agus AE, a mbaineann nádúr timthriallach leo. Tá próifíl an chaiteachais le haghaidh Deontas Taighde difriúil leis an gcuid eile den Institiúid agus costas foirne agus neamh-foirne roinnte go cothrom beagnach.

Cúlchistí

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018, ba iad cúlchistí na hInstitiúide (gan Deontais Chaipitil larchurtha san áireamh) ná €17.6m, a bhfuil €12.6m de ina chúlchistí srianta le haghaidh tionscadal caipitil.

6.2 Cuntais Iniúchta 2017/18

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam Cuimsitheach

Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe sna Chúlchistí agus sa Chuntas Caipitil

Ráiteas Institiúide amháin maidir le hAthruithe sna Chúlchistí agus sa Chuntas Caipitil

Ráiteas Comhdhlúite agus Institiúide maidir leis an Staid Airgeadais

Ráiteas Comhdhlúite maidir le Shreafaí Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchóireachta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach.
- Aon athrú tábhachtach ar chaighdeáin chuntasáíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas.
Cathaoirleach
3 Deireadh Fómhair 2019



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
3 Deireadh Fómhair 2019

6.2.2 Ráiteas ar Rialú Inmheánach

1. Freagracht as an gCóras ar Rialú Inmheánach

Admhaíonn an Bord Rialaithe a bhfreagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais agus go gcuirtear próisis agus gnáthaimh ar bun chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach.

2. Rátháíocht Réasúnta

Ní féidir leis an gcóras ach rátháíocht réasúnta agus ní glanrátháíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

3. Athbhreithniú ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh (an Bord Rialaithe agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca)

Dearbhaímid go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord Rialaithe athbhreithniú ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh d'fhonn a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse.

4. Na Príomhghnáthaimh Rialaithe

(i) Timpeallacht Chuí Rialaithe:

Tá cúram déanta ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir.
- Gnáthaimh agus rialuithe a fhorbairt a dhéantar a athbhreithniú go rialta, atá doiciméadaithe, curtha i bhfeidhm agus cothrom le dáta.
- Gnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta agus iad a chosaint (Coiste Iniúchóireachta/Coiste Airgeadais/Coiste Forbartha Straitéisí).
- Cáipéis Treoirilínte Dea-Chleachtais a ghlacadh a chuimsíonn téarmaí soiléire tagartha le haghaidh Choistí an Bhord Rialaithe.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

(ii) Rioscaí Gnó:

Tá próisis forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Samhail Ghníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis a fhorbairt chun cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá ann a shainaithint chun a gcuid oibríochtaí a bhainistiú go héifeachtach.
- Polasaí Bainistithe Riosca a ghlacadh.
- Príomhrioscaí, úinéirí riosca agus na rialuithe chun na rioscaí sin a mhaolú a shainaithint.
- Spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a fhorbairt agus tuairiscíú ar na torthaí atá bainte amach.
- Cur i bhfeidhm Crea Rialaithe Inmheánaigh.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord Rialaithe a athbhreithniú agus a chomhaontú.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a chuid coistí ar na tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a chuireann in iúl an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas.
- Treoirilínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sonraithe go soiléir.

(iii) Córais Faisnéise:

Tá roinnt Córais Bainistíochta Faisnéise curtha i bhfeidhm ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí d'fhonn bealach a chur ar fáil chun torthaí iarbhir a chur i gcomparáid le spriocanna agus réamhaisnéisí. Cuimsíonn na córais sin:

- Bainistíocht Airgeadais – Agresso
- Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Párolla – CoreHR
- Costais Taistil – CoreHR
- Riarachán Mic Léinn – Banner
- Cionroinnt Acmhainne – Akari
- Socrú Amchláir – Syllabus

(iv) Impleachtaí Airgeadais a Bhaineann le Mór-rioscaí Gnó:

Baineann Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí úsáid as raon gníomhaíochtaí chun acmhainneacht gníomhaíochta challaoisí a laghdú. Cuimsíonn creat polasaí rialaithe inmheánaigh polasaithe scríofa agus gnáthaimh a éilíonn go mbeadh idirbheartanna údaraithe i gceart agus a sholáthraíonn d'idirtheighilteanna dóthanacha dualgas.

(v) Monatóireacht ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh:

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ag brath ar obair Fheidhmeannas agus Bhainistíocht na hInstitiúide a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe inmheánaigh, ar an gCoiste Riosca agus Iniúchóireachta, ar an Iniúchóir Inmheánach, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí atá foinisithe allamuigh, atá de réir Téarmaí Tagartha Iniúchóireachta Inmheánaí agus atá faofa ag an mBord Rialaithe agus ag an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

5. Athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh

Faomhann an Coiste Iniúchóireachta Plean Iniúchóireachta Inmheánaí go bliantúil. Cuireann an plean san áireamh réimsí riosca féideartha a sainithníodh i gcleachtadh measúnaithe riosca a rinneadh leis an mbainistíocht i dtús an timthrialla pleanála reatha. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar na tascanna a rinneadh. Déanann na tuairiscí sin easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh a aibhsiú agus na bearta ceartaitheacha a mholtar le déanamh áit is gá. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairiscí rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaítear.

Deimhnímid go ndearna an Coiste Iniúchóireachta de réir Alt 5.2.1 de théarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, mar atá faofa ag an mBord Rialaithe, athbhreithniú ar thuairiscí ar na Rialuithe Inmheánacha agus ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018 a athbhreithniú ag a gcruinniú ar 17 Deireadh Fómhair 2018 agus thug siad tuairisc don Bhord Rialaithe ar 6 Nollaig 2018.

6. Laigí ar Rialú Inmheánach. Nochtadh sonraí maidir le cásanna inar tharla sárúithe i rialú

Ní raibh laigí ar bith i rialú inmheánach a raibh mar thoradh orthu cailteanais, teagmhais nó neamhchinnteachtaí ábhartha a d'éiligh nochtadh sna ráitis airgeadais


7. Cur síos ar an ngníomhaíocht a ghlacadh chun laigí a cheartú

Ní raibh laigí ar bith i rialú inmheánach a raibh mar thoradh orthu cailteanais, teagmhais nó neamhchinnteachtaí ábhartha a d'éiligh nochtadh sna ráitis airgeadais.

Ghlac an Bord Rialaithe le Cód Rialachais THEA d'Institiúidí Teicneolaíochta 2018 ar 12 Aibreán 2018 agus tá siad ag obair chun comhlíontacht leis an gCód seo a bhaint amach faoi 31 Lúnasa 2019. Breaclíníonn an cód saincheanglais nochtaithe airgeadais atá léirithe sna ráitis airgeadais seachas ceanglais thuairiscithe a bhaineann le luach saothair, a nochtar sonraí iomlána fúthu i Nóta 9 de na cuntais.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe


Bob Savage Uas.
Cathaoirleach
3 Deireadh Fómhair 2019



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
3 Deireadh Fómhair 2019

6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018 iniúchta agam de réir fhorálacha na nAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas Institiúide amháin ar athruithe i gcúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas comhdhlúite agus Institiúide ar an riocht airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, ar a n-áirítear achoimre ar athruithe suntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus riocht airgeadais an Ghrúpa agus na hInstitiúide mar a bhí ar 31 Lúnasa 2018 agus ar ioncam agus ar caiteachas an Ghrúpa agus na hInstitiúide don bhliain dar críoch sin de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús leis an Tuairim

Rinne mé mo iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (ISAanna) mar atá fógraite ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta. Ta cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Institiúid agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a chur ar fáil do *mo thuairim*.

Tuairisc ar an fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an Institiúid faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sí sin an ráiteas ar fhreagrachtaí na hInstitiúide agus an ráiteas ar rialú inmheanach.

Tá cur síos arna freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt i dtaca le faisnéis dá leithéid, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím trí eisceacht, san aguisín don tuairisc seo.

Níl aon cheo le tuairisc agam maidir leis na cúrsaí sin

Seamus McCarthy

**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
9 Deireadh Fómhair 2019**

Aguisín le Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí bhaill an Bhord Rialaithe

Tá freagracht ar na baill maidir le

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi na hAchtanna Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais sin léargas cruinn agus cóir de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil sé iomchuí bunús cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- an bhfuil a leithéid de rialú inmheánach a chinntíonn siad a bheith riachtanach le haghaidh ullmhú na ráiteas airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé an i ngeall ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir na nAchtanna Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 agus tuairisc orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, is é an aidhm a bhíonn agam ráthaíocht réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha i ngeall ar chalaos nó earráid. Is ardleibhéal ráthaíochta í ráthaíocht réasúnta, ach ní ráthaíocht í go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAanna i gcónaí an míshonrú nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt as calaos nó earráid ach ní mheastar iad a bheith ábhartha ach amháin, ina n-aonar nó go comhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil go n-imreoidís tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí agus iad bunaithe ar na ráitis airgeadais sin.

Mar chuid den iniúchadh de réir na nISAanna, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh na hiniúcháireachta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Sainiúim agus measúnaim na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cibé acu i ngeall ar chalaos nó earráid; dearaim agus déanaim gnáthaimh iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus aimsím fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a chur ar fáil le haghaidh mo thuairime. Is airde an baol nach mbraithfear míshonrú ábhartha i ngeall ar chalaos ná i ngeall ar earráid, de bhrí go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sáráitheacht ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Aimsím tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann go hábhartha leis an iniúchadh d'fhonn gnáthaimh iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní ar mhaithe le tuairisc a nochtadh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán agus na nochtaí gaolmhara.
- Conclúidím ar oiriúnacht bhonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta atá aimsithe, cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar chumas na hInstitiúide chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má mheasaim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a dhíriú i mo thuairisc ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil nochtaí dá leithéid leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta atá faighte suas go dtí dáta mo thuairisce. Ach d'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí sa todhchaí a bheith ina gcúis le nach leanfadh an Institiúid ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, ar a n-áirítear na nochtaí, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbheartanna bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd a bhfuil an rialachas mar chúram orthu maidir le, i measc ábhar eile, raon beartaithe agus tráthúlacht na hiniúcháireachta agus na gcinntí suntasacha iniúcháireachta, ar a n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith i rialú inmheánach a shainiúim le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní luaim cineál conclúide ráthaíochta ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na hISAanna an fhaisnéis eile a chuirtear ar fáil a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fhaightear le linn na hiniúcháireachta, nó má tá an chuma air ar aon slí eile a bheith míshonraithe go hábhartha. Má chonclúidím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míshonrú ábhartha na faisnéise eile sin ann, tá orm an fhírce sin a thuairisciú.

Tuairiscíú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh maidir leis na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus a n-oibríocht. Tuairiscím má tá ábhair ábhartha a bhaineann leis an gcaoi inar láimhseáladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn na hiniúcháireachta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nach raibh idirbheartanna de réir na n-údarás a rialaíonn iad. Tuairiscím trí eisceacht freisin, de réir mo thuairime,

- mura bhfuair an fhaisnéis agus na mínte go léir a bhí riachtanach do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach chun ligean do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta go héasca agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis an taifid chuntasaíochta.


6.2.4 Ráiteas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018

	Nóta	Comhdhlúite 31/08/18 €000's	Institiúid 31/08/18 €000's	Comhdhlúite 31/08/17 €000's	Institiúid 31/08/17 €000's
Ioncam					
Deontas Stáit	3	48,462	48,462	41,348	41,348
Táillí Teagaisc & Cion Tairbhe Mic Léinn	4	36,775	36,775	35,502	35,502
Deontais agus Conarthaí Taighde	5	14,116	13,218	12,045	11,142
Maoiniú Tacaíochta Mic Léinn	7	639	639	549	549
Ioncam Eile	8	8,083	4,437	7,857	4,033
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	19	5,745	5,719	5,628	5,597
Ioncam ó Ús		24	17	28	19
Costais Iarchurtha Pinsin	26	24,652	24,652	24,404	24,404
Ioncam Iomlán		138,496	133,919	127,361	122,594
Caiteachas					
Costais Foirne	9	74,358	72,455	68,709	66,783
Costais Sochair Scoir	26	24,652	24,652	24,404	24,404
Costais Oibriúcháin Eile	10	25,807	23,368	24,042	21,391
Dímheas	13	5,979	5,786	5,890	5,693
Caiteachas Iomlán		130,796	126,261	123,045	118,271
Barrachas roimh ghnóthachain/(cailteanais) eile agus sciar den bharrachas/(easnamh) i gcomhfhiontar & comhpháirtithe					
		7,700	7,658	4,316	4,323
Sciar den Bharrachas Oibriúcháin i gcomhfhiontar					
	5	30	30	215	215
Barrachas roimh Cháin Cánachas					
		7,730 (2)	7,688 -	4,531 (6)	4,538 -
Barrachas roimh ghnóthachain agus cailteanas eile					
		7,728	7,688	4,525	4,538
(Cailteanais)/gnóthachain ó thaithí ar oibleagóidí sochair scoir	26	5,211	5,211	-	-
Laghú ar dhliteanais pinsin ag eascairt as daoine ag dul ar scoir sa bhliain	26	12,511	12,511		
Athruithe ar thiomhdí atá mar bhun leis an luach ar oibleagáidí sochair scoir faoi láthair	26	(658)	(658)	10,474	10,474
Gnóthachain/(cailteanais) iomlána achtúireacha don bhliain		17,064	17,064	10,474	10,474
Coigeartú ar chistiú sochar scoir iarchurtha		(17,064)	(17,064)	(10,474)	(10,474)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	12	7,728	7,688	4,525	4,538

Baineann na míreanna ioncaim go léir le gníomhaíochtaí leantacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na Nótaí 1 – 27.
Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas.
Cathaoirleach
3 Deireadh Fómhair 2019



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
3 Deireadh Fómhair 2019

6.2.5 Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe i gCúlchistí agus Cuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018

	Nóta 19	Nóta 20		Cúlchiste Caipitil Student Services Co Ltd €000's	Cúlchistí Ioncaim €000's	Iomlán €000's
	Deontais Chaipitil Iarchurtha €000's	Cúlchiste Caipitil Forbartha €000's	Cúlchiste Srianta €000's			
Iarmhéid Tosaigh ar 1 Meán Fómhair 2016	101,548	4,812	9	321	446	107,136
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	-	4,525	4,525
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,625)					(5,625)
Suim scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(3)					(3)
Deontais Taighde & Conartha cionroinnte do Chaipiteal	111					111
Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal	1,968	-	-	-	-	1,968
Tacaíocht Mhic Leinn cionroinnte do Chaipiteal	15	-	-	-	-	15
Aistriú go CDR	-	2,987	-	-	(2,987)	
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	(225)	-	-	225	-
Aistriú ó CDR go DCG	219	(219)	-	-	-	-
Aistriú ó CDR go Cúlchistí Ioncaim	-	(122)	-	-	122	-
Gluaiseacht don tréimhse	(3,315)	2,421	-	-	1,885	991
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2017	98,233	7,233	9	321	2,331	108,127
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	-	7,728	7,728
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,709)					(5,709)
Suim scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(36)					(36)
Deontais Taighde & Chonartha cionroinnte do Chaipiteal	378					378
Deontas Stáit cionroinnte do Chaipiteal	2,944	-	-	-	-	2,944
Tacaíocht Mhic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	(7)					(7)
Táillí Teagaisc agus Cion Tairbhe Mic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	9					9
Aistriú go CDR	-	5,136	(2)	-	(5,136)	(2)
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	(36)	-	-	36	-
Aistriú ó CDR go DCG	19	(19)	-	-	-	-
Aistriú ó CDR go Cúlchistí Ioncaim	-	(6)	-	-	6	-
Gluaiseacht don tréimhse	(2,402)	5,075	(2)	-	2,634	5,305
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2018	95,831	12,308	7	321	4,965	113,432

ar lean.


6.2.5 Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe i gCúlchistí agus Cuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018 *ar lean*

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 27.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas
Cathaoirleach
3 Deireadh Fómhair 2019



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
3 Deireadh Fómhair 2019

6.2.6 Ráiteas Institiúide amháin maidir le hAthruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018

	Nóta 19 Deontais Chaipitil Iarchurtha €000's	Nóta 20 Cúlchiste Caipitil Forbartha €000's	Cúlchiste Srianta €000's	Cúlchistí Ioncaim €000's	Iomlán €000's
Iarmhéid Tosaigh ar 1 Meán Fómhair 2016	101,483	4,812	9	(854)	105,450
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	4,435	4,435
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,594)	-	-	-	(5,594)
Suim scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(3)	-	-	-	(3)
Deontais Taighde & Conartha cionroinnte do Chaipiteal	80	-	-	-	80
Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal	1,968	-	-	-	1,968
Tacaíocht Mhic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	15	-	-	-	15
Aistriú go CDR	-	2,987	-	(2,987)	-
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	(225)	-	225	-
Aistriú ó CDR go DCG	219	(219)	-	-	-
Aistriú ó CDR go Cúlchistí Ioncaim	-	(122)	-	122	-
Gluaiseacht don tréimhse	(3,315)	2,421	-	1,795	901
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2017	98,168	7,233	9	941	106,351
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	7,688	7,688
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	(5,683)	-	-	-	(5,683)
Suim scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(36)	-	-	-	(36)
Deontais Taighde & Chonartha cionroinnte do Chaipiteal	359	-	-	-	359
Deontas Stáit cionroinnte do Chaipiteal	2,944	-	-	-	2,944
Tacaíocht Mhic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	(7)	-	-	-	(7)
Táillí Teagaisc agus Cion Tairbhe Mic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	9	-	-	-	9
Aistriú go CDR	-	5,136	(2)	(5,136)	(2)
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	(36)	-	36	-
Aistriú ó CDR go DCG	19	(19)	-	-	-
Aistriú ó CDR go Cúlchistí Ioncaim	-	(6)	-	6	-
Gluaiseacht don tréimhse	(2,395)	5,075	(2)	2,594	5,272
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2018	95,773	12,308	7	3,535	111,623

ar lean


6.2.6 Ráiteas Institiúide amháin maidir le hAthruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018 *ar lean*

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 27.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



**Bob Savage Uas
Cathaoirleach
3 Deireadh Fómhair 2019**




**An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
3 Deireadh Fómhair 2019**

6.2.7 Ráiteas Comhdhlúite agus Institiúide faoin Staid Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018


Nóta	Comhdhlúite 31/08/18 €000's	Institiúid 31/08/18 €000's	Comhdhlúite 31/08/17 €000's	Institiúid 31/08/17 €000's
Sócmhainní Seasta				
Maoin, gléasra & trealamh	13	96,950	96,495	99,518
Infheistíochtaí	14	212	50	217
		97,162	96,545	99,735
Sócmhainní Reatha				
Fardal		89	-	92
Infháltais	15	8,001	8,018	7,085
Airgead agus Coibhéisí Airgid	16	27,913	26,467	21,946
		36,003	34,485	29,123
Lúide Suimeanna Iníoctha; Suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain				
	17	(19,733)	(19,407)	(20,731)
Glandliteanais Reatha				
		16,270	15,078	8,392
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha				
		113,432	111,623	108,127
Suimeanna Iníoctha; Suimeanna dlite i ndiaidh 1 bhliain				
Soláthairtí in aghaidh Dliteanas & Muirear	17	-	-	-
Sochair Scoir				
Oibleagáidí sochar scoir	26	366,755	366,755	355,107
Sócmhainn cistithe iarchurtha sochair scoir		(366,755)	(366,755)	(355,107)
Glansócmhainní Iomlána				
		113,432	111,623	108,127
Deontais Chaipitil Iarchurtha				
	19	95,831	95,773	98,233
Cúlchiste Caipitil Forbartha				
Cúlchiste Caipitil – Student Services Co Ltd	20	12,308	12,308	7,233
Cúlchiste Srianta		321	-	321
		7	7	9
		12,636	12,315	7,563
Cúlchistí Neamhshrianta				
Cúlchiste Ioncaim & Caiteachais		4,965	3,535	2,331
		4,965	3,535	2,331
Iomlán				
		113,432	111,623	108,127

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 27.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas
Cathaoirleach
3 Deireadh Fómhair 2019



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
3 Deireadh Fómhair 2019

6.2.8 Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabha Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018


	Bliain dar críoch 31/08/18 €000's	Bliain dar críoch 31/08/17 €000's
Sreabhadh glan airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	7,728	4,525
Dímheasar shócmhainní seasta	5,979	5,890
Amúchadh deontas chaipitil iarchurtha (Méadú)/ Laghdú ar Stoc	(5,709)	(5,628)
(Laghdú)/Méadú ar Infháiltas	3	19
(Laghdú)/Méadú ar Shuimeanna Iníochta	(916)	(2,158)
(Laghdú)/Méadú ar Infheistíochtaí	(998)	6,095
Laghdú/(Méadú) ar Infheistíochtaí	5	(1)
Brabach/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	36	3
Ioncam ó Infheistíochtaí	(215)	(215)
Ioncam ó Ús	(24)	(28)
Cistí Stáit cionroinnte do chaipiteal	3,324	2,094
Suim scaoilte ó CDR	(36)	-
(Laghdú)/Méadú ar Chúlchiste Srianata	(2)	-
Insreabhadh Glan Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin	9,175	10,596
Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta íocaíochtaí chun maoin, gléasra & trealamh a fháil	(3,447)	(2,824)
Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta	(3,447)	(2,824)
Sreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais		
Ioncam ó Infheistíocht	215	215
Ús Faighte	24	28
Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais	239	243
Glanmhéadú/(Laghdú) ar choibhéisí airgid sa bhliain	5,967	8,015
Airgead & Coibhéisí Airgid ar 1 Meán Fómhair	21,946	13,931
Airgead & Cóibhéisí Airgid ar 31 Lúnasa	27,913	21,946

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 27.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage Uas
Cathaoirleach
3 Deireadh Fómhair 2019



An Dr Barry O'Connor
Uachtarán
3 Deireadh Fómhair 2019

6.2.9 Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1. Polasaithe Suntasacha Cuntasaíochta

Tá achoimre thíos ar na polasaithe cuntasaíochta a meastar a bheith ábhartha do na ráitis airgeadais. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go seasta ar feadh na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Is iad príomhchuspóirí na hInstitiúide ná oideachas tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chur ar fáil.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcomhghnás stairiúil costais, de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) atá eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, agus fógartha le haghaidh úsáide in Éirinn ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus de réir riachtanais an Údarás um Ard-Oideachas.

Is é an Euro airgeadra feidhmeach FRS 102 Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí de bhrí gurb é sin airgeadra na timpeallachta príomha geilleagair ina bhfeidhmíonn an Institiúid. Cuirtear na ráitis chomhdhlúite airgeadais i láthair in Euro freisin. Cuimsítear beartanna eachtracha de réir na bpolasaithe atá leagtha amach thíos.

b) Bunús an Chomhdhlúthaithe

Comhdhlúthaíonn na ráitis airgeadais Grúpa na ráitis airgeadais Institiúide agus a cuid gníomhaíochtaí fochuideachta a rinneadh go dtí 31 Lúnasa 2018.

Comhdhlúthaítear torthaí fochuideachtaí a fuarthas nó a díoladh do na tréimhsí ó nó go dtí an dáta nuair a athraíodh an smacht.

Déantar coigeartuithe, de réir mar is gá, ar ráitis airgeadais fhochuideachtaí chun na polasaithe cuntasaíochta a úsáidtear a bheith ar aon dul leo siúd a úsáideann an Grúpa. Fágтар gach beart, iarmhéid, ioncam agus costas idirghrúpa as an áireamh nuair a dhéantar comhdhlúthú.

c) Gnóthas Leantach

Tá an Bord Rialaithe sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an Institiúid chun freastal ar a cuid oibleagáidí de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann siad de bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta a ghlacadh agus na ráitis bhliantúla airgeadais á n-ullmhú acu.

d) Maoin, Gléasra agus Trealamh

(i) Talamh agus Foirgnimh

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas nó luacháil, glan ar dhímheas agus soláthar ar bith in aghaidh lagaithe. Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, cés moite de mhaoine agus talamh ruílse, de réir rátaí atá ríofa chun costas nó luacháil, lúide an luach iarmharach measta, gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn dronlíne thar a shaol inúsáidte measta, mar seo a leanas:

Foirgnimh ruílse

30 – 50 bliain

Seasann an luach iarmharach don méid measta a gheofaí ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairte a bhaint as, má bhí an tsócmhainn san aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saoil inúsáidte.

(ii) Trealamh

Ó 1 Meán Fómhair 2009, díscríobhtar trealamh a mbaineann costas de níos lú ná €3,000 in aghaidh na míre aonair leis don chuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain na fála. Áit a mbíonn míreanna aonair trealaimh a ceannaíodh faoin teorainn chaipitlithe (€3,000) agus a bhfuil an sonrasc iomlán ceannaigh os cionn na teorann, déantar na míreanna sin a chaipitliú ina n-aonar ar an ngnáthshlí. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ar a gcostas. Déantar trealamh caipitlithe a dhímheas ar bhonn dronlíne thar a shaol geilleagair inúsáidte mar seo a leanas:

Daingneáin & Feistithe agus Seomraí Réamhdhéanta san Áireamh Carrchlóis	5 – 10 mbliana
Trealamh Ríomhaire	20 bliain
Gléasra & Innealra	3 bliana
Trealamh	10 mbliana
Feithiclí Mótair	5 bliana

Déantar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar shaol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta eile go léir.

Déantar dímheas ar shócmhainní an Students Services Company Limited thar 2-5 bliana – dronlíne.

e) Gnóthais Chomhfhiontair

Tugtar cuntas i ráitis airgeadais na hInstitiúide ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhlacha agus úsáid á baint as modh an chothromais. Aithnítear infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair i dtosach ar phraghas an bhirt (costais bhirt san áireamh) agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar na hInstitiúide den bhrabach nó den chaillteanas agus ioncam cuimsitheach eile an ghnóthais chomhlaigh a léiriú. Tugtar cuntas ar cháilmheas a eascraíonn as fáil ghnóthas comhlach de réir an pholasaí atá leagtha amach thuas. Cuimsítear iarmhéid cáilmheasa neamhamúchta i luach tugtha anonn na hinfeistíochta i ngnóthais chomhfhiontair.

Tugtar cuntas i ráitis airgeadais na hInstitiúide ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair ar a gcostas lúide bearnú.

f) Fardal

Luaitear fardal ar an gcostas is lú agus meastar costas díola lúide costais díolta, rud atá coibhéiseach le glanluach infhaighte. Ríomhtar costas agus úsáid á baint as modh an FIFO (is túisce isteach is túisce amach). Déantar soláthar le haghaidh míreanna mallghluaisteacha nó lochtacha de réir mar is iomchuí. Baineann stoc a thaispeántar sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais le hearraí atá ar díol in Cosmos Education Limited agus do stoc intomhalta in Student Services Company Limited.

g) Lagú Sócmhainní

Déantar measúnú ar shócmhainní, seachas iad siúd a thomhaistear ag luach cóir, le haghaidh táscairí lagaithe. Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú, aithnítear an cailteanas lagaithe i mbrabach nó cailteanas a bhfuil cur síos air thíos.

Sócmhainní Airgeadais

I gcás sócmhainní airgeadais atá luaite ar chostas amúchta, is é an méid lagaithe ná an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus an luach faoi láthair ar shreafa airgid measta sa toadhchá, lascainithe ag céad ghlanráta úis na sócmhainne airgeadais.

I gcás sócmhainní airgeadais atá luaite ag costas lúide lagú, is é an cailteanas lagaithe ná an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an méid a gheobhfaí ar an tsócmhainn dá ndíolfaí í ar an dáta tuairiscithe.

Áit a bhfuil táscairí ar laghdú i gcaillteanas lagaithe, agus gur féidir baint a aimsiú le himeacht a tharla i ndiaidh gur aithníodh an lagú, déantar an réamhchailteanas lagaithe a thástáil chun freaschur a aimsiú. Déantar cailteanas lagaithe a fhreaschur ar shócmhainn airgeadais lagaithe aonair a mhéid nach mbíonn mar thoradh ar an luach athbhreithnithe in-aisghabhála suim ghlanluacha athbhreithnithe níos airde ná an tsuim ghlanluacha mura n-aithneofaí lagú.

h) Cánachas

a. Cáin Chorparáideach

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Institiúid faoi dhliteanas cáin chorparáideach ná cáin ioncaim a íoc ar cheann ar bith dá cuid gníomhaíochtaí carthanachta. Tá sí cláraithe le haghaidh cáin bheisluacha, ach de bhrí go bhfuil soláthar an oideachais ina ghníomhaíocht dhíolmhaithe nó nach gearrtar cáin aschuir níl sí in ann cáin aschuir a fháil ar ais ar fhorhóir a cuid ceannachán. Baineann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Institiúid leis an eangach CBL agus íocann an Institiúid cáin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin leis na húdaráis Ioncaim.

b. Cánachas Iarchurtha

I bhfochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanachta acu agus a bhfuil dliteanas cánach orthu dá bhrí sin, aithnítear cánachas iarchurtha i dtaca le difríochtaí uainithe a thionscnaíonn ach nach bhfuil freaschurtha ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais. Déantar soláthar ag na rátaí a mbítear ag súil leo a bheith i bhfeidhm nuair a fhreaschuirtear na difríochtaí uainithe. Is ionann difríochtaí uainithe agus difríochtaí idir brabús inchánach agus torthaí mar a luaitear iad sna ráitis airgeadais a d'fhéadfadh eascairt as gnóthachain agus cailteanas a chuimsiú i mbrabach inchánach i ndifríocht thréimhse idir iad sin ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Áirítear glansócmhainn chánach iarchurtha mar mhéid in-aisghabhála agus, dá bhrí sin, ní aithnítear í ach amháin nuair, agus ar bhonn gach fianaise atá ar fáil, gur féidir í a áireamh go bhfuil sí níos dóchúla ná a mhalairt a bheith ina brabach cánach oiriúnach ónar féidir freaschur sa todhchaí na mbonndifríochtaí uainithe a bhaint as.

i) Aitheantas Ioncaim

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad. Caitear le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

Ioncam ó Tháillí

Tugtar cuntas ar ioncam ó tháillí ar bhonn fabhráithe.

Deontais Taighde agus Conarthaí

Déantar ioncam ó Dheontais Thaighde a mheaitseáil le caiteachas agus bíonn sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Tá na haicmí is coitianta de na bearta dá leithéid leagtha amach thíos:

a. Tabhartais Neamhshrianta

Cuimsíonn tabhartais neamhshrianta suimeanna a thugtar don Institiúid trí mheán airgid nó sócmhainne gan srian ar bith maidir le conas ba chóir úsáid a bhaint as an tabhartas. Déantar tabhartais dá leithéid a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ar theacht i dteidlíocht don ioncam.

b. Tabhartais le Srianta

Déantar tabhartais le srianta a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas ar theacht i dteidlíocht don ioncam. Coinnítear an t-ioncam srianta a fhaightear i gcúlchiste srianta go sealadach go dtí go dtabhaítear an caiteachas de réir na srianta.

c. Deontais Taighde le Coinníollacha a bhaineann le Feidhmíocht

Aithnítear ioncam ó dheontais le coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a chomhlíontar na coinníollacha a bhaineann leis an bhfeidhmíocht. Coinnítear deontais le coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht nach bhfuil comhlíonta mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha. Déantar an t-ioncam a thaifeadadh ansin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

d. Eile

Déantar ioncam ó dheontais taighde eile a mheaitseáil le caiteachas agus cuimsítear é in ioncam na bliana ina dtabhaítear an caiteachas a bhaineann leis.

Mion-Oibreacha Caipitil

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile.

I ngach cás aithnítear maoiniú mionoibreacha caipitil sa tréimhse ina bhfaightear é.

Ioncam ó Thaiscí Gearrthéarmach

Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ina dtuilltear.

j) Sochair Fostaí

a. Sochair Scoir

Bronntar teidlíochtaí pinsin bhall foirne a earcaíodh roimh Eanáir 2013 faoi scéim sochair shainnithe a bunaíodh faoi Scéim Aoisliúntas na hEarnála Oideachais 2015. Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar A Úsáidtear agus dá bhrí sin coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá maoiniú.

Oibríonn an Institiúid Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (“an Scéim Aonair”), ar scéim pinsin sochair shainnithe í le haghaidh seirbhíseach poiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 de réir Acht Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Cuireann an Institiúid ar aghaidh go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe (RCPA) asbhaintí a dhéantar ó fhostaithe faoin Scéim Aonair.

Léiríonn na costais pinsin a ghearrtar ar chaiteachas sa bhliain na sochair atá tuillte ag fhostaithe reatha le linn na bliana agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a gcoinnítear iad (i) i dtaca le Scéim

Aoisiúntais na hEarnála Oideachais 2015 ag an Institiúid agus (ii) i dtaca leis an Scéim Aonair, seoltar iad chuig an RCPA. Aithnítear suim atá comhfhreagrach le costas pinsin mar ioncam a mhéid a bhfuil sé in-aisghabhála. Léirítear gnóthachain agus caiteachais achtúireacha ar dhliteanas scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ag an Institiúid ón Údarás Ard-Oideachais.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanas a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na hInstitiúide maidir le baill foirne reatha amháin agus cistiú gaolmhar ar bith. Aithnítear na costais a bhaineann le sochair pinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Ní chuirtear san áireamh dliteanas pinsin maidir le hiarfhostaithe a bhfuil pinsin á bhfáil acu de bhrí go ngearrtar íocaíochtaí pinsin don chuntas iomchuí de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Léirítear an laghdú ar dhliteanas a eascraíonn as baill a théann ar scor le linn na bliana mar ghnóthachan ó thaithí. Déantar dliteanas na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

Ní cuid de scéim na hEarnála Poiblí lucht foirne fochuideachta agus oibríonn gach cuideachta a scéim phríobháideach féin.

b. Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amháin pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana sna Suimeanna Iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ní bhaineann fabhrú in aghaidh pá saoire leis an bhfoireann acadúil ag deireadh na bliana i ngeall ar nádúr a gcuid conarthaí.

k) Airgeadraí Eachtracha

Déantar bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an bhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta atá ainmnithe a thaifeadadh in airgeadraí eachtracha ar dháta an Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag na ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin.

l) Léasanna

Déantar sócmhainní faoi léasanna airgeadais, conarthaí fruilcheannaigh agus socruithe dá leithéid a thugann cearta agus oibleagáidí cosúil leo siúd a bhaineann le sócmhainní faoi úinéireacht a chaipitliú mar shócmhainní seasta inláimhsithe ag luach cóir na sócmhainní ar léas (nó, más lú, luach reatha na n-íos-íocaíochtaí léasa mar a chinntear ag tús an léasa) agus atá dímhheasta thar an gceann is giorra de na téarmaí léasa agus a saoil inúsáidte. Déantar na heilimintí caipitil d'oibleagáidí léasa sa todhchaí a thaifeadadh mar dhliteanas, agus cuirtear mar mhuiressa na heilimintí úis don chuntas brabúis agus cailteanas thar thréimhse na léasanna chun ráta tairiseach tréimhsiúil úis a chur ar fáil ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

Cuirtear de mhuiressa cíos faoi léasanna atá ag feidhmiú ar bhonn dronlíne thar théarma an léasa, fiú mura ndéantar íocaíochtaí ar bhonn dá leithéid. Leatar sochair atá faighte agus infhaighte mar dhreasacht chun léas oibríocháin a shíniú ar an gcaoi chéanna ar bhonn dronlíne thar thréimhse an léasa.

m) Cuntas Caipitil Iarchurtha

Is éard atá sa Chuntas Caipitil Iarchurtha ná luach neamhamúchta na gcistí carntha atá cionroinnte do shócmhainní seasta

n) Cúlchistí

Cúlchiste Caipitil Forbartha

Is éard atá sa Chúlchiste Caipitil Forbartha ná cistí atá curtha ar leataobh ag an Institiúid chun críocha sainithe caipitil forbartha. Eascraíonn cistí dá leithéid as Táillí Clárúcháin Mhic Léinn, brontanais chaipitil neamhstáit, táillí saoráide bainc agus aistrithe ó Chúlchistí Ioncaim, a bhfuil réamhchead sa dara cás ón Údarás um Ard-Oideachas ina leith, maraon le hús bainc atá tuillte ar an airgead sin. Déanfar cistí dá leithéid a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Caipitil Forbartha ar choinníoll go bhfuil na tionscail shainithe lena bhfuil siad tiomanta ag teacht le Plean Caipitil Forbartha na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastachán ar na costais.

2. Breithiúnais Chriticiúla Chuntasáíochta agus Príomhfhoinsí Meastacháin

Agus polasaithe cuntasáíochta na hInstitiúide á gcur i bhfeidhm, a bhfuil cur síos orthu i Nóta 1, éilítear ar an mBord Rialaithe breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh i dtaobh suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas nach léir go héasca ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus tosca eile a meastar a bheith ábhartha. D'fhéadfadh torthaí iarbhair a bheith difriúil leis na meastacháin seo.

Déantar na meastacháin agus na toimhdí bunúsacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar na meastacháin chuntasáíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú mura mbaineann an t-athbhreithniú

ach leis an tréimhse sin, nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus tréimhsí sa todhchaí má bhaineann an t-athbhreithniú le tréimhsí reatha agus tréimhsí sa todhchaí araon.

Breithiúnais Chriticiúla i gCur i bhFeidhm Pholasaithe Cuntasaíochta na hInstitiúide

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla, seachas iad sin a mbíonn meastacháin i gceist leo (a ndéantar déileáil ar leithligh leo thíos), a rinne an Bord Rialaithe sa phróiseas a bhaineann le polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide a chur i bhfeidhm agus a imríonn an éifeacht is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

a) Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá ina mbunús leis an luacháil achtúireach faoina n-aithnítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais a chinntiú (gan rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil luacha saothair sa todhchaí agus rátaí básmhaireachta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar thosca eacnamaíochta reatha, agus le haghaidh athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Féadfaidh siad seo a leanas cur isteach ar na toibhdí trí

(i) An ráta lascaine, athruithe sa ráta ar thoradh bhannaí corparáideacha d'ardcháilíocht

(ii) Leibhéil luach saothair sa todhchaí, cúinsí margadh saothair sa todhchaí.

b) Pá Saoire

Déantar an fabhrú pá saoire a ríomh agus tagairt do na laethanta saoire atá amuigh ag deireadh na bliana. Ní bhíonn gá ag an bhfoireann acadúil le fabhrú ag deireadh na bliana i ngeall ar nádúr a gconartha.

c) Maoin, Gléasra agus Treallamh

Ríomhtar dímheas bunaithe ar mheastacháin agus ar thoibhdí ar shaolré ionchais agus luach iarmharach ionchais na sócmhainne.

3. Deontais Stáit

	Cionroinnte do Chaiteachas Athfhillteach €000's	Cionroinnte do Chaiteachas Caipitil €000's	2018 Iomlán €000's	2017 Iomlán €000's
Caiteachas Athfhillteach – ÚAO	48,262	2,244	50,506	42,416
Deontas Caipitil – ÚAO	200	700	900	900
Iomlán 2018	48,462	2,944	51,406	43,316
Iomlán 2017	41,348	1,968	43,316	

4. Táillí Teagaisc agus Cion Tairbhe Mic Léinn

	2018				2017			
	Mic Léinn CLA	Stát-Mhaoinithe	Neamh Stát-Mhaoinithe	Iomlán	Mic Léinn CLA	Stát-Mhaoinithe	Neamh Stát-Mhaoinithe	Iomlán
	€000's	€000's	€000's	€000's	€000's	€000's	€000's	€000's
Táillí íoctha ag an Stat	44	5,621	-	5,621	6,853	5,330	-	5,330
Táillí Neamh-AE	27	22	986	1,008	77	-	519	519
Táillí íoctha ag mic léinn nó ar son mac léinn	13	500	1,270	1,770	908	636	1,656	2,292
Táillí Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Táillí Eile	18	194	5,314	5,508	1,605	85	4,921	5,006
Cion tairbhe Mic Léinn agus táillí athscrúdaithe san áireamh		10,594	12,283	22,877	-	10,711	11,644	22,355
	9,802	16,931	19,853	36,784	9,443	16,762	18,740	35,502
Míreanna caipitil gearrtha ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil				(9)				-
		16,931	19,853	36,775		16,762	18,740	35,502
Aistriú go Cúlchiste Caipitil Forbartha				(4,828)				(1,876)
Líon na Mac Léinn/Glanioncam Táille	9,802	16,931	19,853	31,947	9,443	16,762	18,740	33,626

D'íoc an tÚdarás Ardoideachais táillí teagaisc sa bhliain de €5.016m ar tháillí agus €605k ar Springboard/Scileanna TFC, a bhí páirtchistithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach. D'íoc SUSI táillí cion tairbhe mic léinn sa bhliain de €9.872m in 2018 (€10.108m in 2017).

Luaitear líon na mac léinn mar chóibhéisí lánaimseartha bunaithe ar chreidmheasanna cláraithe.

Gearradh míreanna caipitil de €9k (2017 €0k) in aghaidh Foghlaim ar Feadh an tSaoil.

5. Deontais Taighde agus Conarthaí

	2018 Iomlán €000's	2017 Iomlán €000's
Ioncam		
Stát ÚAO	315	382
Stát Eile	6,927	6,239
Eile	7,272	5,535
Díbhinn	30	215
Cionroinnte do Chaipiteal	(398)	(111)
	14,146	12,260
Caiteachas		
Costais Pá	6,729	6,239
Costais Neamh-Phá	6,447	5,466
Dímheas Neamh-Stát	87	66
	13,263	11,771
Glanioncam	883	489
Aistriú go CDR	(99)	-
Aistriú ó CDR – Sócmhainn Neamh-Stat	5	-
Aistriú ó CDR go Caiteachas	36	225
Barrachas don bhliain	825	714

San áireamh san Ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí tá suim de €1.201m i dtaca le haisghabháil forchostais. Seasann an t-iarhméid do chostais dhíreacha a aisghabhadh d'obair taighde a rinneadh. D'íoc an tÚAO deontais i leith Taighde & Forbartha de €722k in 2018 (583k in 2017).

6. Análís ar Ioncam Díorthaithe ón Stát

Ainm an Deontóra	Iarchur Feidh 01/09/17 €000's	Deontas faighte €000's	Iarchur CL 31/08/18 €000's	I&E 2018 €000's
Nóta 3 – Deontas Stáit				
ÚAO	2,143	49,878	(615)	51,406
Cionroinnte do Chaiteachas Caipitil	-	-	-	(2,944)
Ioncam ón Stat	2,143	49,878	(615)	48,462
Nóta 4 – Táillí Teagaisc agus Ciontairbhe Mic Léinn				
ÚAO	-	5,621	-	5,621
Fáilte Éireann	-	304	-	304
Stát – Eile	-	1,134	-	1,134
SUSI	-	9,872	-	9,872
Táillí Teagaisc agus Cion Tairbhe Mic Léinn	-	16,931	-	16,931

6. **Analís ar Ioncam Díorthaithe ón Stát** (*ar lean.*)

Ainm an Deontóra	Iarchur Feidh 01/09/17 €000's	Deontas faighte €000's	Iarchur CL 31/08/18 €000's	I&E 2018 €000's
Nóta 5 - Deontais Taighde & Conarthaí				
Bord Iascaigh Mhara	(4)	21	(5)	12
Comhairle Chathair Chorcaí	-	34	5	39
Comhairle Chontae Chorcaí	(20)	84	41	105
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	-	32	(29)	3
Gárda Cóstá na hÉireann	17	7	-	24
Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí	-	8	-	8
An Roinn Talmhaíochta & Bia	323	239	(47)	515
An Roinn Cosanta	-	-	(2)	(2)
An Roinn Oideachais & Scileanna	(20)	111	35	126
Fiontar Éireann	460	3,092	(539)	3,013
Gníomhaireacht Chosanta Comhshaoil	332	862	(217)	977
Bord Soláthair Leictreachais	101	-	(68)	33
Fáilte Éireann	-	-	-	-
An tÚdarás um Ard-Oideachas	33	722	(440)	315
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	5	-	-	5
Comhairle Taighde na hÉireann	70	152	(74)	148
Léargas	3	41	(19)	25
Institiúid na Mara	21	-	23	44
Coláiste Ollscoile Chorcaí	(13)	276	(190)	73
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	5	-	-	5
An Fóram Náisiúnta Teagaisc & Foghlama	11	4	5	20
An Lárionad Barr Feabhas i dTeagasc & Foghlaim				
Matamaitice & Eolaíochta	18	8	(22)	4
Oifig na nOibreacha Poiblí	-	5	-	5
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	1	10	6	17
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	20	-	(17)	3
Fuinneamh Inmharthana na hÉireann	(49)	172	59	182
Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann	239	1,633	(569)	1,303
Teagasc	(26)	232	8	214
Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta	(21)	24	-	3
Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath	(27)	32	-	5
Ollscoil Luimnigh	(27)	109	25	107
Institiúidí Teicneolaíochta – Eile	(95)	-	6	(89)
Tyndall	22	-	(22)	-
Deontais Taighde & Conarthaí	1,379	7,910	(2,047)	7,242

6. **Analís ar Ioncam Díorthaithe ón Stát (ar lean.)**

Ainm an Deontóra	Iarchur Feidh 01/09/17 €000's	Deontas faighte €000's	Iarchur CL 31/08/18 €000's	I&E 2018 €000's
Nóta 7 - Cistiú Tacaíochta Mic Léinn				
ÚAO	71	647	(86)	632
Cionrointew do Chaiteachas Caipitil	-	-	-	(7)
Cistiú Tacaíochta Mac Léinn	71	647	(86)	625
Nóta 8 - Ioncam Eile				
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	-	215	-	215
Fáilte Éireann	-	9	-	9
Ioncam Eile	-	224	-	224

7. **Cistiú Tacaíochta Mic Léinn**

	2018		2017	
	Míchumais €000's	Cúnamh Mic Léinn €000's	Iomlán €000's	Iomlán €000's
Iarmhéid ar 1 Meán Fómhair	1	70	71	86
Fáltais				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	235	412	647	549
Suimeanna Feidhmithe				
Costais Pá	85	-	85	79
Costais Neamh-Phá	141	413	554	470
Caiteachas Iomlán	226	413	639	549
Trealamh	7	-	7	(15)
Iarmhéid ar 31 Lúnasa	17	69	86	71

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas cistiú ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus páirtmhaoiníonn an Ciste Sóisialta Eoropach é.

8. **Ioncam Eile**

	2018 Iomlán €000's	2017 Iomlán €000's Athluaite
Asbhaintí aoisliúntais coinnithe	3,695	3,572
Stát Eile	224	14
Cíos ar Shaoráidí	45	5
Ioncam Ilghnéitheach	573	442
Student Services Company Limited	3,546	3,824
	8,083	7,857
Aistriú go CDR	(200)	(133)
Glan-Aschur	7,883	7,724

Gintear an t-ioncam ó Student Services Company Limited CIT trí mionmhargadh, bistro, siopa agus seirbhísí ceaintín a chur ar fáil do na mic léinn agus don fhoireann.

9. Costais Foirne

Is é meánlíon na ndaoine (ar a n-áirítear sealbhóirí sinsearacha poist) a bhí fostaithe ag an Institiúid le linn na bliana, luaite mar chóibhéis lánaimseartha:

	2018 Líon na bhFostaithe	2017 Líon na bhFostaithe
Teagasc agus taighde	737	682
Teicniúil	135	131
Príomhriarachán agus seirbhísí	262	210
	<u>1,134</u>	<u>1,023</u>

	2018 €000's	2017 €000's
Tuarastail agus pá	66,640	61,388
Costais Leasa Sóisialta	5,816	5,395
Fochuideachtaí	1,902	1,926
	<u>74,358</u>	<u>68,709</u>

Éilíonn Cód Rialachais THEA d'Institiúidí Teicneolaíochta 2018 go ndéanfaí miondealú ar thuarastail agus pá idir bunphá, ragobair agus liúntais don fhoireann uile. Ní nochtar an fhaisnéis sin i Ráitis Airgeadais 2018.

Luach Saothair Príomh-Bhainistíochta

Le haghaidh críoch an nóta seo, cuimsíonn na príomhphearsanra bainistíochta san Institiúid an tUachtarán, baill den Bhord Feidhmeanaigh agus baill an Bhoird Rialaithe.

	2018			2017		
	WTE	Tuarastal €000's	Liúntais €000's	WTE	Tuarastal €000's	Liúntais €000's
Baill an Bhoird Rialaithe	-	-	17	-	-	19
Bord Feidhmeanaigh	8	888	-	8	826	-
	<u>8</u>	<u>888</u>	<u>17</u>	<u>8</u>	<u>826</u>	<u>19</u>

Sochair iarfhostaíochta na príomhfhoirne bainistíochta

Is baill de scéim na hInstitiúide iad seachtar ball bainistíochta den fhoireann fheidhmeanaigh. Is socrú pinsin sochair shainithe an tuarastail dheiridh í an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do rialacháin reatha "eiseamláire" scéim na hearnála poiblí amháin.

Tuarastal agus sochair an Uachtaráin

	2018			2017		
	CLA	Tuarastal €000's	Ragobair/ Liúntais €000's	CLA	Tuarastal €000's	Ragobair/ Liúntais €000's
Uachtarán	<u>1</u>	<u>152</u>	<u>-</u>	<u>1</u>	<u>68</u>	<u>-</u>

Is ball den scéim pinsin é an tUachtarán. Is socrú pinsin sochair shainithe an tuarastail dheiridh í an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí atá sainithe trí thagairt do rialacháin reatha "eiseamláire" scéim na hearnála poiblí amháin.

Íocaíochtaí Foircinn

Níor íocadh íocaíochtaí foircinn le baill foirne ar bith de chuid na hInstitiúide.

Na Baill Foirne is Airde Tuarastal

Ghlac an Institiúid luach tosaigh de €60,000 chun na baill foirne is airde tuarastal a shainaitheint. Tá luach saothair na foirne, i mbandaí de €10,000 agus €60,000 á úsáid mar luach tosaigh, mar seo a leanas:

Bandaí Tuarastail	Comhdhlúite	Institiúid	Comhdhlúite
	Bliain dar Críoch 31	Amháin Bliain dar Críoch 31	Bliain dar Críoch 31
	Lúnasa 2018	Lúnasa 2018	Lúnasa 2017
60,000 - 70,000	132	130	132
70,001 - 80,000	137	136	126
80,001 - 90,000	188	188	160
90,001 - 100,000	37	37	36
100,001 - 110,000	12	12	3
110,001 - 120,000	2	2	-
120,001 - 130,000	-	-	-
130,001 - 140,000	-	-	-
140,001 - 150,000	-	-	-
150,001 - 160,000	1	1	-
> 160,000	-	-	-
Móriomlán	<u>509</u>	<u>506</u>	<u>457</u>

Ba é an figiúr foriomlán le haghaidh ranníocaíocht pinsin an fhostóra sa bhliain ná €135k (€117k in 2017).

10. Costais Oibriúcháin

	2018			2017	
	Costais Pá €000's	Dímheas €000's	Costais Oibriúcháin Eile €000's	Iomlán €000's	Iomlán €000's
Ranna Acadúla	52,784	1,072	5,206	59,062	54,516
Seirbhísí Acadúla	2,272	444	960	3,676	3,576
Saoráidí	1,452	1,221	5,103	7,776	7,429
Príomhriarachán	8,102	1,484	3,482	13,068	12,134
Oideachas Ginearálta	409	-	380	789	758
Seirbhísí do Mhic Léinn	2,525	286	3,626	6,437	6,614
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn	85	-	555	640	549
Deontais Taighde & Conartha	6,749	1,472	6,495	14,716	13,065
Caiteachas Iomlán	74,378	5,979	25,807	106,164	98,641
Iomlán 2017	68,709	5,890	24,042	98,641	

Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile

	Comhdhlúite 2018 €000's	Comhdhlúite 2017 €000's Athluaite
Ábhair & Tomhaltáin Eile	5,072	4,792
Ábhair Leabharlainne	272	233
Costais Ríomhaire	1,008	1,236
Oideachas Ginearálta	2,392	2,256
Seirbhísí do Mhic Léinn	948	855
Comhpháirtithe Tionscadail	885	956
Trealamh	1,779	1,026
Costais Foirgneamh	6,240	5,579
Taisteal & Cothú	1,946	1,805
Fáilteachas	158	212
Costais Pearsanra	1,214	1,244
Táillí Gairmiúla	1,322	1,286
Luach Saothair Iniúchára	33	35
Costais Dí	363	58
Cumarsáid	249	207
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	585	631
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	520	570
Árachas	445	374
Gluaisteacht I Soláthar in aghaidh Drochfhiach	(40)	501
Costais Airgeadais	231	118
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne	-	2
Eile	185	66
	<u>25,807</u>	<u>24,042</u>

Baineann an t-athlua in 2017 le hathruithe i ngrúpaí cuntais, go háirithe grúpaí na bhfochuideachtaí a thabhairt ar aon dul le CIT.

Cuimsíonn Costais Oibriúcháin Eile

Luach Saothair Iniúchára	2018 €000's	2017 €000's
Iniúcháireacht na hInstitiúide ag an ARCC	33	35
Seirbhísí Iniúcháireachta curtha ar fáil ag 3ú Páirtí	52	23
Iniúchadh Seachtrach ar Fochuideachtaí	16	15
Iniúchadh Inmheánach ar Fochuideachtaí curtha ar fáil ag 3ú Páirtí	21	9
	<u>122</u>	<u>82</u>

Taisteal & Cothú	2018	2017
	€000's	€000's
Taisteal: Baile	1,127	1,011
Taisteal: Idirnáisiúnta	819	794
	<u>1,946</u>	<u>1,805</u>

Fáilteachas	2018	2017
	€000's	€000's
Fáilteachas: Imeachtaí Foirne	22	8
Fáilteachas: Imeachtaí Mic Léinn	67	66
Fáilteachas: Seachtrach Eile	69	138
	<u>158</u>	<u>212</u>

Costais Dí	2018	2017
	€000's	€000's
Costais Dí: Táillí Gairmiúla	348	58
Costais Dí: Socruithe	15	-
	<u>363</u>	<u>58</u>

Táillí Gairmiúla	2018	2017
	€000's	€000's
Táillí Gairmiúla: TF	170	83
Táillí Gairmiúla: Comhairle Chánach & Airgeadais	96	225
Táillí Gairmiúla: Caidreamh Poiblí/Margaíocht	65	71
Táillí Gairmiúla: Innealtóireacht	392	401
Táillí Gairmiúla: Eile	599	506
	<u>1322</u>	<u>1286</u>

11. Cánachas

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a cuid fochuideachtaí go léir, cés moite den Lárionad Nuálaíochta DAC CIT, díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach faoi ordú stádas carthanachta.

Tá dliteanas de €2k ar Lárionad Nuálaíochta DAC CIT do Cháin Chorparáideach don bhliain.

12. Toradh Airgeadais don Bhliain

Tá an barrachas don bhliain ar oibríochtaí leantacha comhdhéanta mar seo a leanas:

	2018	2017
	€000's	€000's
Barachas Institiúide don bhliain	7,688	4,431
Barrachas ginte ag fochuideachtaí agus fiontair eile.	40	94
	<u>7,728</u>	<u>4,525</u>

13. Maoin, Gléasra agus Trealamh Comhdhlúite

	Talamh & Foirgnimh €000's	Daingneáin & Feistí €000's	Trealamh Ríomhaire €000's	Gléasra & Innealra €000's	Troscán & Trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
Costas							
Ar 1 Meán Fómhair 2017	147,889	10,934	12,349	6,521	19,232	362	197,287
Breiseanna sa Bhliain	310	191	1,095	1,471	380	-	3,447
Diúscairtí sa Bhliain	(965)	(2,532)	(1,748)	(27)	(2,582)	-	(7,854)
Ar 31 Lúnasa 2018	147,234	8,593	11,696	7,965	17,030	362	192,880
Dímheas							
Ar 1 Meán Fómhair 2017	53,814	9,696	11,328	4,695	17,885	351	97,769
Muirear don Bhliain	3,705	468	641	454	706	5	5,979
Díothaithe de bharr Diúscairte	(965)	(2,531)	(1,696)	(27)	(2,599)	-	(7,818)
Ar 31 Lúnasa 2018	56,554	7,633	10,273	5,122	15,992	356	95,930
Glanluach de Réir Leabhar							
Ar 31 Lúnasa 2018	90,680	960	1,423	2,843	1,038	6	96,950
Ar 1 Meán Fómhair 2017	94,075	1,238	1,021	1,826	1,347	11	99,518

Bhí €4.299m de cheangaltais léasa ann ar 31 Lúnasa 2018 (2017 - €563k).

Coinníonn agus cothaíonn an Institiúid foirgneamh stairiúil ina bhfuil Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as le haghaidh críocha oibríochtúla, cuirtear síos air mar shócmhainn sheasta, seachas mar shócmhainn oidhreacht.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Físealaíne le feabhas a chur ar an timpeallacht teagaisc ach ní mheastar é sin a bheith ina shócmhainn oidhreacht.

13. Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean.) – i dtaca leis an mbliain roimhe sin Comhdhluite

	Talamh & Foirgnimh €000's	Daingneáin & Feistí €000's	Trealamh Ríomhaire €000's	Gléasra & Innealra €000's	Troscán & Trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
Costas							
Ar 1 Meán Fómhair 2016	146,487	10,880	12,601	6,633	19,691	383	196,675
Breiseanna sa bhliain	1,402	86	806	29	501	-	2,824
Diúscairtí sa bhliain	-	(32)	(1,058)	(141)	(960)	(21)	(2,212)
Ar 31 Lúnasa 2017	147,889	10,934	12,349	6,521	19,232	362	197,287
Dímheas							
Ar 1 Meán Fómhair 2016	50,200	9,245	11,894	4,297	18,088	364	94,088
Muirear don Bhliain	3,614	483	496	539	750	8	5,890
Díothaithe de bharr Diúscairtí	-	(32)	(1,062)	(141)	(953)	(21)	(2,209)
Ar 31 Lúnasa 2017	53,814	9,696	11,328	4,695	17,885	351	97,769
Glanluach de Réir Leabhar							
Ar 31 Lúnasa 2017	94,075	1,238	1,021	1,826	1,347	11	99,518
Ar 1 Meán Fómhair 2016	96,287	1,635	707	2,336	1,603	19	102,587

Bhí cheangaltais léasa ann de €563k (2016 - €559k) ar 31 Lúnasa 2017.

Coinníonn agus cothaíonn an Institiúid foirgneamh stairiúil ina bhfuil Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as le haghaidh críocha oibríochtúla, cuirtear síos air mar shócmhainn sheasta, seachas mar shócmhainn oidhreachtá.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Físealaíne le feabhas a chur ar an timpeallacht teagaisc ach ní mheastar é sin a bheith ina shócmhainn oidhreachtá.

**13. Property, Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean.)
Institiúid Amháin**

	Talamh & Foirgnimh €000's	Daingneáin & Feistí €000's	Trealamh Ríomhaire €000's	Gléasra & Innealra €000's	Troscán & Trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
Costas							
Ar 1 Meán Fómhair 2017	147,884	9,383	12,179	6,520	18,981	363	195,310
Breiseanna sa bhliain	310	149	1,091	380	1,456	-	3,386
Diúscairtí sa bhliain	(965)	(2,532)	(1,748)	(27)	(2,582)	-	(7,854)
Ar 31 Lúnasa 2018	147,229	7,000	11,522	6,873	17,855	363	190,842
Dímheas							
Ar 1 Meán Fómhair 2017	53,813	8,673	11,249	4,694	17,598	352	96,379
Muirear don Bhliain	3,705	299	622	454	701	5	5,786
Díothaithe de bharr Diúscairtí	(965)	(2,531)	(1,696)	(27)	(2,599)	-	(7,818)
Ar 31 Lúnasa 2018	56,553	6,441	10,175	5,121	15,700	357	94,347
Glanluach de réir Leabhar							
Ar 31 Lúnasa 2018	90,676	559	1,347	1,752	2,155	6	96,495
Ar 1 Meán Fómhair 2017	94,071	710	930	1,826	1,383	11	98,931

Bhí cheangaltais léasa ann de €4.299m (2017 - €563k) ar 31 Lúnasa 2018.

Coinníonn agus cothaíonn an Institiúid foirgneamh stairiúil ina bhfuil Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as le haghaidh críocha oibríochtúla, cuirtear síos air mar shócmhainn sheasta, seachas mar shócmhainn oidhreacht.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Físealaíne le feabhas a chur ar an timpeallacht teagaisc ach ní mheastar é sin a bheith ina shócmhainn oidhreacht.

13. Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean.) i dtaca leis an mbliain roimhe sin Institiúid Amháin

	Talamh & Foirgnimh €000's	Daingneáin & Feistí €000's	Trealamh Ríomhaire €000's	Gléasra & Innealra €000's	Troscán & Trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
Costas							
Ar 1 Meán Fómhair 2016	146,482	9,329	12,464	6,632	19,551	384	194,842
Breiseanna sa bhliain	1,402	86	774	29	380	-	2,671
Diúscairtí sa bhliain	-	(32)	(1,059)	(141)	(950)	(21)	(2,203)
Ar 31 Lúnasa 2017	147,884	9,383	12,179	6,520	18,981	363	195,310
Dímheas							
Ar 1 Meán Fómhair 2016	50,199	8,224	11,827	4,296	17,975	365	92,886
Muirear don Bhliain	3,614	481	484	539	567	8	5,693
Díothaithe de bharr Diúscairtí	-	(32)	(1,062)	(141)	(944)	(21)	(2,200)
Ar 31 Lúnasa 2017	53,813	8,673	11,249	4,694	17,598	352	96,379
Glanluach de réir Leabhar							
Ar 31 Lúnasa 2017	94,071	710	930	1,826	1,383	11	98,931
Ar 1 Meán Fómhair 2016	96,283	1,105	637	2,336	1,576	19	101,956

Bhí cheangaltais léasa ann de €563k (2016 - €559k) ar 31 Lúnasa 2017.

Coinníonn agus cothaíonn an Institiúid foirgneamh stairiúil ina bhfuil Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as le haghaidh críocha oibríochtúla, cuirtear síos air mar shócmhainn sheasta, seachas mar shócmhainn oidhreachtá.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Físealaíne le feabhas a chur ar an timpeallacht teagaisc ach ní mheastar é sin a bheith ina shócmhainn oidhreachtá.

14. Foghnóthais agus Infheistíochtaí

Tá leas ag an Institiúid sna foghnóthais agus comhfhiontair seo a leanas:

Foghnóthais

Rinne an Institiúid CIT Student Services Company a chorprú in 1994 le haghaidh seirbhísí siopa agus ceaintín a chur ar fáil do na mic léinn. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í gan scairchaipiteal.

	2018 €000's	2017 €000's
Brabús don bhliain airgeadais	18	62
Glansócmhainní	814	1,356

Bunaíodh CIT Innovation Centre DAC, t/a The Rubicon i Lúnasa 2004 agus is é an lárionad goir ar an gcampas don Institiúid é. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an chuideachta.

	2018 €000's	2017 €000's
Brabús don bhliain airgeadais	5	44
Glansócmhainní	96	91

Bhunaigh an Institiúid CIT Foundation Limited in Iúil 2007 chun cistí a thiomsú agus tabhartais a fháil. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í gan scairchaipiteal. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an chuideachta.

	2018 €000's	2017 €000's
Brabús/(Caillteanas) don bhliain airgeadais	(6)	(8)
Glansócmhainní	304	311

Bhunaigh an Institiúid Cosmos Education Limited in Eanáir 2008 chun seirbhísí oideachasúla, taighde agus oiliúna a sheachadadh trí thaispeántas eolaíochta, oideachasúil agus cultúrtha a oibriú i Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe, Corcaigh. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í gan scairchaipiteal. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an chuideachta.

	2018 €000's	2017 €000's
Brabús/(Caillteanas) don bhliain airgeadais	8	(7)
Glansócmhainní	7	(1)

Bhunaigh an Institiúid CIT Infinite DAC i Nollaig 2015 chun leasanna CIT a bhainistiú i mbinse tástála cothrománach Idiríon na nEarraí ar a dtugtar INFINITE. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an fochuideachta. Ní dhearna an chuideachta trádáil sa tréimhse airgeadais.

Bhunaigh an Institiúid CIT Consortium Projects DAC i Lúnasa 2017 chun ligean do CIT cur isteach ar chistiú faoin gCiste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh, ciste a bhainistíonn Fiontar Éireann. Ní dhearna an chuideachta trádáil sa tréimhse airgeadais. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an chuideachta.

Comhfhiontair

Bunaíodh GAC Training and Solutions Limited (GTSS) i bhFeabhra 2010 agus oiliúint tráchtála mar ghnó aici sna réimsí muirí ola, gáis, ceimiceáin agus tráchtearraí trádáilte. Cuimsíonn infheistíocht CIT 25,000 scair agus is ionann é sin agus 50% de scairsheilbh le GAC Shipping UK Limited ar leo an scairsheilbh eile de 50%.

Bunaíodh Seftec NMCI Offshore Training Limited (SNO) i bhFeabhra 2010 agus é mar ghnó aici cúrsaí agus sainchomhairleoirleacht a chur ar fáil do thionscal san fharraige amuigh agus muirí in Éirinn agus thar lear araon. Cuimsíonn infheistíocht GMIT 25,000 scair agus is ionann é sin agus 50% den scairsheilbh agus is le SEFTec Global Training Ireland Limited an scairsheilbh eile de 50%.

Tá scairsheilbh mhionlaigh ag an Institiúid i roinnt cuideachtaí campais. Is é luach tugtha anonn na n-infheistíochtaí sin i ráitis airgeadais na hInstitiúide ná €275.02, atá comhdhéanta mar seo a leanas:

Scairsheilbh de 10% in nSilico – Bogearraí Bithfhaisnéisíochta - €153.84

Scairsheilbh de 4.41% in Aventamed – Feistí Leighis - €120.00

Scairsheilbh de 9.52% in AudioSourcRE – Clos-Bhogearraí - €1.18

Infheistíochtaí

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2018 €000's	2017 €000's	2018 €000's	2017 €000's
Tá na hinfeistíochtaí atá á gcoinneáil mar seo a leanas:				
Ar 1 Meán Fómhair	217	216	50	50
Diúscairt	-	-	-	-
Gluaiseacht infheistíochtaí	(5)	1	-	-
Ar 31 Lúnasa	212	217	50	50

15. Infháltais

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2018 €000's	2017 €000's	2018 €000's	2017 €000's
Infháltais Trádála	1,061	1,226	955	749
Deontais Taighde agus Conarthaí Infhála	3,041	3,044	2,955	2,969
Deontais Stáit Infhála	1,250	500	1,250	500
Táillí Acadúla Infhála	2,202	1,797	2,202	1,797
Réamhíocaíochtaí	305	452	305	452
Infháltais Eile	393	159	351	104
Díothú Infháltais Inter Co	(251)	(93)	-	-
	8,001	7,085	8,018	6,571

16. Airgead agus Coibheisi Airgid

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2018 €000's	2017 €000's	2018 €000's	2017 €000's
Airgead sa bhanc ar a n-áirítear iarmhéideanna atá coinnithe ar thaisce gearrthéarmach	20,913	16,946	19,467	16,188
Taisce fadtéarmach	7,000	5,000	7,000	5,000
	27,913	21,946	26,467	21,188

17. Suimeanna Iníochta: Dlíte laistigh d'aon bhliain amháin

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2018 €000's	2017 €000's	2018 €000's	2017 €000's
Suimeanna Iníochta Trádála	246	138	167	71
Deontais Taighde agus Conarthaí Réamhíochta	7,715	6,777	7,351	6,568
Táillí Teagaisc Réamhíochta	1,872	1,595	1,872	1,595
Deontais Stáit réamhíochta	159	1,942	159	1,942
Fabhruithe	6,782	6,985	6,697	8,170
Léasanna (Nóta 18)	3	3	3	3
Cáin agus Leas Sóisialta Eile Réamhíochta	2,128	1,873	2,079	1,810
Suimeanna Eile Iníochta Roimhré	1,079	1,511	1,079	230
Díothú Suimeanna Iníochta Idir Co	(251)	(93)	-	-
Iomlán na gCreidiúnaithe	19,733	20,731	19,407	20,389

18. Ceangaltais Léasa

	Talamh & Foirgnimh	Talamh & Foirgnimh	Eile	Eile
	2018 €000's	2017 €000's	2018 €000's	2017 €000's
Léasanna Oibriúcháin				
Is mar seo a leanas atá íos-íocaíochtaí iomlána don todhchaí faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe:				
Laistigh de 1 bhliain	467	225	3	3
Idir 2 & 5 bliaina	1,772	338	-	-
Léas Airgeadais				
Níos Mó ná 5 Bliana	2,060	-	-	-
Ceangaltais Iomlána	4,299	563	3	3

Chuaigh an Institiúid isteach i léas 3 bliana, saor ó ús, chun an Balla Dóiteáin TF a bhí aici a athsholáthar. Téann an léas in éag i Meán Fómhair 2018.

Tá cúig réadmhaoin ar léas ag an Institiúid, a n-éagfaidh ceann amháin díobh ar 30 Samhain 2021 agus an ceann eile ar 31 Lúnasa 2028.

19. Deontais Chaipitil Iarchurtha

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2018 €000's	2017 €000's	2018 €000's	2017 €000's
Ar 1 Meán Fómhair Iarmhéid Tosaigh	98,233	101,548	98,168	101,483
Airgead faighte sa bhliain				
Cionroinnte ón deontas athfhillteach Stáit	2,244	1,388	2,244	1,388
Deontas Stáit do Mhionoiibreacha Caipitil RO&S	700	580	700	580
Deontais Taighde & Conarthaí	378	111	359	80
Táillí Teagaisc – Féinmhaoinithe	9	-	9	-
Tacaíocht do Mhic Léinn	(7)	15	(7)	15
Cistithe ó Chúlchiste Caipitil Forbartha	19	219	19	219
Iomlán	3,343	2,313	3,324	2,282

19. Deontais Chaipitil Iarchurtha ar lean

	2018 €000's	2017 €000's	2018 €000's	2017 €000's
Amúchta d'Ioncam agus Caiteachas sa bhliain				
Amúchta ag teacht le dímheas	(5,683)	(5,594)	(5,683)	(5,594)
Sócmhainní Seasta Fochuideachta – dímheas	(26)	(31)	-	-
Suim scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(36)	(3)	(36)	(3)
Iomlán	(5,745)	(5,628)	(5,719)	(5,597)
Ar 31 Lúnasa				
Iarmhéid Deiridh	95,831	98,233	95,773	98,168

20. Cúlchiste Caipitil Forbartha

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2018 €000's	2017 €000's	2018 €000's	2017 €000's
Iarmhéid Tosaigh	7,233	4,812	7,233	4,812
Ús Tuillte	9	11	9	11
Aistriú ó Fhorbairt Mic Léinn	4,828	1,876	4,828	1,009
Aistriú ó Ioncam Eile	200	133	200	1,000
Aistriú ó Dheontas Athfhillteach	-	967	-	967
Aistriú ó Dheontas Taighde & Conarthaí	99	-	99	-
Aistriú go Caiteachas	(36)	(225)	(36)	(225)
Tionscadail Chaipitil - Stát	(19)	(219)	(19)	(219)
Tionscadail Chaipitil – Neamh-Stát	(6)	(122)	(6)	(122)
Iarmhéid Deiridh	12,308	7,233	12,308	7,233

Cúlchiste Caipitil - Student Services Co Ltd

Fuarthas na cistí seo roimhe seo tar éis gur dúnadh iontaobhais. Tá an cúlchiste seo ainmnithe le haghaidh forbairtí caipitil sa todhchaí ar mhaithe le leas na mac léinn.

Cúlchiste Srianata

Baineann na cistí seo le bronntanas a fuair CIT lena úsáid chun duaiseanna scoláireachta a chur ar fáil i réimse an Oideachais Ealaíne.

21. Ceangaltais Chaipitil

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2018 €000's	2017 €000's	2018 €000's	2017 €000's
Conradh déanta ach gan bheith curtha ar fáil	-	-	-	-
Údaraithe ach gan conradh déanta	4,734	3,564	4,734	3,564
	4,734	3,564	4,734	3,564

22. Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsa gnó féadfaidh an Institiúid socruithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó ina bhfuil leas eile acu. Tá nósanna imeachta glactha ag an Institiúid de réir Chód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus chomhlíon an Institiúid na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

23. Dlíteanais Theagmhasacha

Ní raibh dlíteanais theagmhasacha ar bith ann ar 31 Lúnasa 2018.

24. Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Níor tharla imeachtaí suntasacha ar bith ó dháta an chlár comhardaithe a bhféadfadh impleachtaí a bheith ag baint leo maidir leis na ráitis airgeadais sin.

25. Cumasc atá beartaithe le IT THRÁ LÍ

Faoi láthair tá CIT agus IT Thrá Lí i mbun próisis le chéile chun bheith ina n-ollscoil teicneolaíochta. Tá dhá sprioc againne, comhpháirtithe Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan: ar an gcéad dul síos, cumasc chun institiúid aontaithe aonair a dhéanamh le misean/fís shoiléir agus idirdhealaithe agus, sa dara cás, a bheith ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta mar aon lena gcuireann an teideal sin in iúl i dtéarmaí a bheith nuálach, fiontraíoch agus softwair do riachtanais na bpáirtithe leasmhara eárnálacha.

Ar 12 Feabhra 2019, rinne Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus IT Thrá Lí aighneacht i gcomhair ainmniú Ollscoile Teicneolaíche de réir Alt 29 d'Acht Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018 don Aire Oideachais agus Scileanna. Chuir an tAire an t-iaratas chuig an ÚAO agus QQI agus d'iarr ar an dá eagraíocht ainmnithigh a chur ar fáil le haghaidh painéil chomhairligh. Cheap an tÚAO comhairleoirí chun iniúchadh a dhéanamh ar na sonraí critéir agus eisíodh tuairisc air don phainéal comhairleach idirnáisiúnta roimh a gcuairt ar an dá institiúid i mBealtaine 2019.

Tá na comhpháirtithe OTM ag fanacht le cinneadh ón Aire a bheidh bunaithe ar Athbhreithniú an Phainéil Idirnáisiúnta. Is é atá pleanáilte ná ainmniú a fháil agus Ollscoil Theicneolaíoch na Mumhan a bheith cruthaithe faoi Eanáir 2020.

Is iad na costais a bhaineann leis an tionscadal seo atá cuimsithe sna cuntais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018 ná €477k.

26. Costais a Bhaineann le Sochar Scoir

(i) Soláthar Foirne

Tugadh cuntas ar na hoibleagáidí sochair scoir den chéad uair i ráitis airgeadais 2016/2017. Thug an t-achtúire meastachán ar an staid thosaigh ar 1 Meán Fómhair 2016, bunaithe ar chúinsí margaidh ag an am sin.

(ii) Cur Síos ar an Scéim

Scéim na hInstitiúide

Is socrú sochar sainithe an tuarastail dheiridh í an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do rialacháin reatha "eiseamláire" scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim (aon ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í an Ghnáthaois Scoir ná an 65ú lá breithe, agus tá teidliocht ag baill réamh-2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. Tagann méadú ar phinsin in íocaíocht (agus iarchur) de ghnáth ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí. Coinníonn an Institiúid asbhaintí ó bhaill foirne.

An Scéim Aonair

Is baill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí iad iontrálaithe nua foirne atá fostaithe ag an Institiúid i ndiaidh Eanáir 2013 de réir Achtanna Pinsean na hEarnála Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Aistrítear asbhaintí ó thuarastail fhoirne faoin Scéim Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe ar bhonn míosúil de réir an achta.

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin ghairme do sheirbhísigh phoiblí nua-iontrálaithe ó 1 Eanáir 2013. Is scéim sochair shainithe í, le sochair scoir bunaithe ar mheánphá gairme. Gineann an scéim creidiúintí pinsin agus creidiúintí cnapshuime pinsin do gach ball den scéim. Fabhraíonn na creidiúintí airgid seo, ar a dtugtar "méideanna intagartha", mar chéatadán pá ar bhonn leanúnach. Déantar athluacháil go bliantúil ar na méideanna intagartha a fhabhraítear gach bliain go dtí an dul ar scor, ar aon dul le méaduithe ar bhoilsciú

(Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is é atá sa phinsean bliantúil a bhronntar ar dhul ar scor ná iomlán carnach méideanna intagartha phinsin bhall na scéime, agus, ar an gcaoi chéanna, is é atá sa chnapshuim scoir ná iomlán méideanna intagartha chnapshuim bhall na scéime.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochtáí FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach ag achtúire cáilithe neamhspleach agus riachtanais an FRS á gcur san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dliteanais na scéime ar 31 Lúnasa 2018. Ar dul ar scor dóibh, íocann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte pinsin na mball ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna agus muirearaítear na híocaíochtaí do chuntas leithghabhála na Roinne. Dá bhrí sin, eisiatar ón luacháil iarfhostaithe de chuid na hInstitiúide a bhfuil pinsean á fháil acu. Léirítear an laghdú ar an dliteanas a eascraíonn as bail a chuaigh ar scor le linn na bliana mar ghnóthachan ó thaithí agus sainaitnítear ar leithligh é sa réiteach dliteanais.

Ba iad na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun na codanna den chostas sochair shainithe a ríomh don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018 mar seo a leanas:

	31 Lúnasa 2018	31 Lúnasa 2017
An ráta lascaine	2.00%	2.15%
An ráta boilscithe	1.85%	1.75%
Méaduithe tuarastail	3.10%	3.25%
Méaduithe pinsin	2.60%	2.75%

Ligeann an bonn básmhairachta d'feabhsuithe in ionchas saoil i gcaitheamh ama a bheith curtha san áireamh ionas go mbraithefidh ionchas saoil ar dhul ar scor ar an mbliain ina mbaineann ball aois scoir amach (Aois 65). Tá líon na mball sa Scéim agus líon na mbásanna róbheag chun anailís a dhéanamh agus meastacháin bhríocha sain-Scéime ar na leibhéil bhásmhairachta sa todhchaí. Is é an t-ionchas saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí básmhairachta a úsáideadh chun dliteanais pinsin a chinneadh ná:

	31 Lúnasa 2018 Bliana	31 Lúnasa 2017 Bliana
Fireannach aois 65	21.1 bliana	21.1 bliana
Baineannach aois 65	23.8 bliana	23.8 bliana

(iii) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a mhuirearaítear don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	31 Lúnasa 2018 €000's	31 Lúnasa 2017 €000's
Costas reatha seirbhíse	20,853	21,533
Ús ar dliteanais na scéime sochair scoir	7,859	6,445
Ranníochaíochtaí fostaí/(sochair íochta)	<u>(4,060)</u>	<u>(3,574)</u>
	24,652	24,404

(iv) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	31 Lúnasa 2018	31 Lúnasa 2017
	€000's	€000's
Glanoibleagáidí sochair scoir ar 1 Meán Fómhair	355,107	337,603
Glanchoistais Seirbhíse Reatha	16,793	17,959
Ranníocaíochtaí Fostaí	4,060	3,574
Costais úis	7,859	6,445
Sochair íoctha sa tréimhse	-	-
Laghdú ar dhliteanas pinsin ag eascairt as an líon a chuaigh ar scor sa bhliain	(12,511)	-
Cailteanas/(gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanas	(5,211)	-
Athruithe ar thiomhdí achtúireacha	658	(10,474)
Glanoibleagáidí sochair scoir ar 31 Lúnasa	<u>366,755</u>	<u>355,107</u>
Scartha idir:		
SPSPS	3,445	2,300
ESS	363,310	352,807

(v) Sócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir

Tá an Institiúid forordaithe in I.R. Uimh. 581 de 2012 mar údaras ábhartha do chríocha na Scéime Aonair. Is é tuairim na hInstitiúide (de réir Alt 44 d'Acht 2012) go mbeadh dliteanas ar bith i dtaca leis an Scéim Aonair fritháirithe ag sócmhainn chóibhéiseach maidir le cistiú stáit sa todhchaí.

Aithníonn an Institiúid suimeanna atá dlite ón Stát as an dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir a bhaineann le Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015 ar bhonn an tacar toimhdí a bhfuil cur síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am atá caite. Cuimsíonn na himeachtaí sin an bonn reachtúil le bunú na scéime sochair scoir, agus an polasaí agus cleachtas atá anois i bhfeidhm maidir le cistiú pinsean seirbhíse poiblí ar a n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an Institiúid nach leanfaidh an polasaí cistithe sin de shuimeanna dá leithéid a íoc ag teacht le cleachtas reatha.

Ba é an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochar scoir a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach mar seo a leanas:

	31 Lúnasa 2018	31 Lúnasa 2017
	€000's	€000's
Cistiú in-aisghabhála maidir le scor na bliana reatha		
Costais sochair	24,652	24,404
Sochair íoctha sa bhliain	-	-
	<u>24,652</u>	<u>24,404</u>

Ba é méid na ndlitéanas cistithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir mar a bhí ar 31 Lúnasa 2018 ná €366,755,000.

(vi) Stair oibleagáidí sochair scoir

	2018	2017
	€000's	€000's
Oibleagáidí sochair shainithe	366,755	355,107
Cailteanas/(gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanas na scéime sochair shainithe	5,211	-

27. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 3 Deireadh Fómhair 2019.



Láiríonad Taighde Nimbus, Campas Bhaile An Easpaig

7. Faisnéis Eile

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí
- 7.2 Forbairt Campais
- 7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí
- 7.4 Pointí Teagmhála

7.1 Nuacht & Imeachtaí

1. Sheol an tUachtarán Straitéis CIT do Rannpháirtíocht Sheachtrach go foirmiúil ar 5 Meán Fómhair 2017. Is é atá mar fhís don straitéis ná CIT a bheith ina heagraíocht atá comhoibritheach, sofhreagrach agus onnghníomhach.
2. Óstaíodh an Clárú agus Tráthnóna Oscailte do na Cláir Oideachais Leantaigh (Cúrsaí Deireadh Seachtaine agus Tráthnóna) ó 5 – 7 Meán Fómhair 2017. Is réimsí iad an tOideachas Leantach agus Forbairt Leantach Gairmiúil atá ríthábhachtach agus ag fás do CIT den soláthar iomlán oideachais, agus tá foghlaimoirí ar feadh an tsoil ina ndlúthchuid den Institiúid.
3. Ó 8 – 30 Meán Fómhair 2017, d'óstaigh Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT Taispeántas 'Aimsigh Thú Féin' ag Dánlann Ché Wandesford. Bhí an taispeántas seo d'oibreacha suiteála d'fhuaim agus fíís Ilchainéil i struchtúr leabaithe mar chuid d'Fuaimeanna Oíche Cultúrtha ag Féile Chuain Shábháilte Chorcaí – Ailtireacht sa Chathair á Ceiliúradh.
4. Lean Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta dá sraith rathúil Taispeántas Taistil Innealtóireachta, Eolaíochta agus Teicneolaíochta. Chuir an tsraith mhéadaithe eolas ar fáil do mhic léinn faoin raon leathan féidearthachtaí atá ar fáil ag CIT.
5. Óstaíodh Doublethink, taispeántas le céimithe úra de chuid Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT mar thoradh ar an Duais Rannpháirtíochta Mic Léinn i Lárionad Taispeántais James Barry ó 11 – 26 Meán Fómhair 2017. Ar na céimithe bhí Enid Conway, Leah Corbett, Isabel English agus Wilhelmina van der Bent. D'aibhsigh na saothair na contrárthachtaí atá sa tsochaí agus an teannas idir an aimsir atá caite is gá a admháil mar aon le dúil san athrú.
6. Bhí Lá Spóirt agus Cumann CIT ar siúl ar 13 agus 14 Meán Fómhair 2017 i Lárionad na Mac Léinn, Campas Bhaile an Easpaig. Léirigh breis is 40 cumann agus 30 club a bhféadfaidís a thairiscint dá mbaill mhic léinn. Mar shamplaí de na cumainn cuimsítear Ceol, Drámaíocht, Origami, Damhsa agus cuid mhaith eile, ar a n-áirítear grúpaí atá bunaithe ar Champas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Ceolscoil Chorcaí CIT. Bhí clubanna spóirt amhail CLG, Rugbaí, Sacar, Lúthchleasaíocht, Snámh, spóirt éagsúla bunaithe ar Ealaíona Comhraic agus Raicéid agus cuid mhaith eile ar taispeáint freisin.
7. Shínigh Uachtaráin UCC agus CIT araon Comhaontú Cuibhreannais ar 14 Meán Fómhair 2017 i dtaca le Comhchláir Máistir.
8. Tugadh cuireadh do mhic léinn de chuid Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT in Ealaín Fheidhmeach Chomhaimseartha (Ceirmeacht, Gloine, Teicstíil) chun taispeántas a thabhairt i nDánlann Acadamh Vilnius sa Lituáin ar 18 Meán Fómhair 2017. Is é a bhí sa taispeántas seo ná an tríú léiriú agus an léiriú deiridh den tionscadal comhoibritheach an-rathúil idir mic léinn Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, Coláiste Ealaíne Tartu na hEastóine agus Acadamh Ealaíon Vilnius sa Lituáin. Rinne an taispeántas an turas ó Dhánlann Ché Wandesford CIT go dtí Dánlann Noorus in Tartu in Aibreán 2017.
9. Thug Uachtarán Choláiste Endicott, Beverly, Massachusetts, SAM agus comhghleacaithe cuairt ar CIT ar 20 Meán Fómhair 2017. Bhí mar aidhm lena gcuairt clár Cuairte Mic Léinn agus Conairí Iarchéime in Eolaíocht agus Innealtóireacht, Gnó, Ealaín & Dearadh, agus Ceol a phlé.
10. D'óstaigh Service rePublic, comhfhiontar le Comhairle Chontae Chorcaí (CCC) agus CIT, mórchomhdháil ar Dhearadh Seirbhíse idirnáisiúnta in Ionad Saoire Oileán Fóta, Corcaigh, ar 26 Meán Fómhair 2017. Mheall an t-imeacht 400 toscaire beagnach. Is iad CCC agus CIT a d'eagraigh é i gcomhar leis an Service Design Network (SDW) a dhéanann ionadaíocht don phobal domhanda dearadh seirbhíse go hidirnáisiúnta.
11. Bhí an tAonach Gairmeacha Beatha agus Infhostaitheachta arna óstú ag Seirbhís Gairmeacha Beatha CIT ar siúl ar 26 Meán Fómhair 2017.
12. Cuireadh CIT ar an ngearrliosta mar chraobhiomaitheoir le haghaidh Duaiseanna Thionscal na Cógaisíochta 2017 sa Chatagóir Oideachas agus Oiliúint i ngeall ar a Teastas i bPróiseáil Bhithchógaíochta ar 2 Deireadh Fómhair 2017. Agus é arna sheachadadh ag an Roinn Innealtóireachta Próisís, Fuinnimh agus Iompair thar aon bhliain acadúil, tá an cháilíocht bronnta ar 80 gairmí go dtí seo.

13. Ar 3 Deireadh Fómhair 2017, chuir an Roinn Turasóireachta agus Fáilteachais fáilte roimh Ambasadóir na Fraince chuig Éirinn, a Shoilse Stéphane Crouzat Uas. In éineacht leis an Uasal Crouzat bhí an Comhairleoir nua Cultúrtha, Frédérique Tarride Uas., mar aon le Thierry Lagnau Uas., Stiúrthóir Alliance Francaise de Dublin agus Délégué Général den Foundation Alliance Francaise. Bhí an chuairt mar chuid de chomhoibriú fada Líonra na Fraince-Éireann um Ealaíona, Fáilteachas agus Turasóireacht (FICAHT). Is líonra é seo a thugann le chéile lucht gairmiúil agus acadúiligh sna hEalaíona Cócaireachta, Fáilteachais agus Turasóireachta ón bhFrainc agus as Éirinn.
14. Reáchtáladh an tImeacht Muirí agus Lá Oscailte bliantúil le haghaidh scoileanna i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 26 Deireadh Fómhair 2017. Chuir ionadaithe ó chuideachtaí loingseoireachta idirnáisiúnta agus eagraíochtaí muirí eolas ar fáil faoi shlite beatha sa tionscal muirí.
15. Reáchtáladh an tAifreann Cuimhneacháin bliantúil le haghaidh na foirne agus na mac léinn ar 3 Samhain 2017.
16. D’óstaigh AnSEO – Oifig Rannpháirtíochta na Mac Léinn, i gcomhar le Lárionad na hEorpa Thuaidh do Thacaíocht Staidéir Piara-chuidithe (PASS) 8ú Comhdháil Bhliantúil Cheannaire PASS Pal ó 3 – 5 Samhain 2017 ag Campas Bhaile an Easpaig. Thug an chomhdháil Ceannairí PASS/Pal as Éirinn, an RA, an Ghearmáin agus an tSualainn le chéile.
17. Seoladh an Clár náisiúnta Rannpháirtíochta Mic Léinn (NSTEP) in CIT ar 13 Samhain 2017. Is tionscnamh comhoibritheach é an (NSTEP) atá á fhorbairt ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI), an tÚAO agus QQI i gcomhairle le Student Partnerships in Quality Scotland (SPARQS).
18. Síníodh Meamram Tuisceana le POF na Seirbhíse Oideachais Leantaigh agus Scileanna (SOLAS) mar an Soláthraí Comhordaithe, agus CIT mar an Soláthraí Comhoibritheach le haghaidh sheachadadh Pasanna Oiliúna Printíseachta Ceirde *Off-the-Job*. Síníodh an Meamram ar 15 Samhain 2017.
19. Reáchtáladh Tráthnóna Faisnéise na Mac Léinn Lánfhasta do mhic léinn ionchasacha lánfhasta fochéime lánaimseartha ar 16 Samhain 2017 ag Campas Bhaile an Easpaig. Chuir an fhaisnéis a cuireadh ar fáil Réamheolas ar CIT agus Tacaíochtaí Táille agus Airgeadais.
20. Tionóladh Lá Oscailte bliantúil CIT ó 17 – 18 Samhain 2017 ag Campas Bhaile an Easpaig. Bhí ionadaíocht ann freisin ó Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT, Ceolscoil Chorcaí CIT agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann. Deis iontach a bhí sa Lá Oscailte le haghaidh mac léinn ionchasach agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí chun an raon leathan cúrsaí agus saoráidí a shampláil. Thairg CIT 76 rogha cúrsa LOI don iontráil in 2018.
21. Ar 23 Samhain 2017, sheol CIT a céad Straitéis Fiontraíochta riamh agus bhí sí ar cheann de na chéad Institiúidí Ardoideachais sa tír a d’fhoilsigh straitéis fheadh-eagraíochta a bhí dírithe ar an bhfiontraíocht. Ba í 2017 an 20ú bliain den chlár fiontraíochta in CIT.
22. Reáchtáladh Lá Faisnéise do Treoirchomhairleoirí ar 7 Nollaig 2017. Chuir an lá seo deis ar fáil le bheith rannpháirteach i bhfóram oscailte agus ceisteanna nó aiseolas ar bith a d’fhéadfadh a bheith acu maidir lena n-idirghníomhaíocht le CIT a chur in iúl.
23. Ar 14 Nollaig 2017, d’oscail Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Tony Fitzgerald an mol nua lárchathrach ag 46 Sráid an Chapail Bhuí. Agus é mar chuid de Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT, cuirfidh sé cóiríocht ar fáil don Roinn Ealaíon i Sláinte agus Oideachas agus cuirfidh cóiríocht ar fáil d’fhoireann agus mic léinn ón MA: Ealaín agus Próiseas. Bronnadh duais ar CIT sa Chatagóir Oidhreacht agus Caomhnú 2018 as athchóiriú 46 Sráid an Chapail Bhuí.
24. Rinne Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT ceiliúradh ar 10 mbliana mar lárionad duaiseora eolaíochta agus fionnachtana ar 14 Nollaig 2017. Ó 2007 i leith, chuaigh breis is milliún duine den uile aois in éineacht le foireann RCCD CIT ar thaiscéalaíochtaí eolaíochta agus teicneolaíochta comhaimseartha trí mheán an téama réalteolaíocht agus spás.
25. Óstaíodh Seisiún Faisnéise LOI do Mhic Léinn Lánfhasta ar 9 Eanáir 2018. Cuireadh eolas ar fáil maidir le próiseas iarratais an LOI agus na tacaíochtaí airgeadais, ar a n-áirítear Deontas an Mhic Léinn agus an Liúntas Filleadh ar an Oideachas, a thabhairt do mhic léinn ionchasacha lánfhasta.
26. Seoladh clár nua gearr páirtaimseartha tráthnóna, Teastas i Margáí Caipitil, d’fhonn tacú le fás na seirbhísí airgeadais agus tionscal na gcistí i réigiún Chorcaí. Cuireadh tús leis an gclár ar 29 Eanáir 2018 agus seachadadh é le linn aon seimeastar acadúil amháin (Eanáir – Bealtaine).
27. Ar 15 Eanáir 2018, d’óstaigh Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta agus Sibhialta agus Lean Construction Éireann seimineár ar ‘Thinking Lean Construction: The Need and Opportunities for All’. Thug an tOllamh Glenn Ballard, Ollscoil California, Berkeley, an príomhthéasc.

28. D'óstaigh CIT i gcomhpháirtíocht le DELL Comórtas Róbataice VEX le linn sheachtain an 15 Eanáir 2018. Is éard a bhí i gceist leis ná craobhchomórtas réigiúnacha le haghaidh chomórtas VEX (Bunscoil) agus an craobhchomórtas EDR VEX (Iarbunscoil). Bhí an chraobh do chomórtas VEX ar siúl in CIT ar 1 Márta 2018. Is clár é VEX a chuireann STEM chun cinn agus a bhfuil breis is milliún rannpháirtí ann ar fud an domhain. Tháinig fás suntasach ar an gcomórtas seo le blianta beaga agus rinne breis is 600 mac léinn freastal in aghaidh an lae i mbliana.
29. D'óstaigh Uachtarán CIT, an Dr Barry O'Connor, fáiltiú ar 15 Eanáir 2018 chun aitheantas a thabhairt d'obair mhór na mball foirne go dtí seo agus chun seoladh an chláir I WISH 2018 a fhógairt. Aithníodh an obair ollmhór a bhí déanta ag bunaitheoirí I WISH, Ruth Buckley, Caroline O'Driscoll agus Gilian Keating. Faoi cheannaireacht Mary Moloney agus Norma Welch, cuireann CIT deis ar fáil dá cuid cailíní I WISH chun gach cineál innealtóireachta, eolaíochta agus teicneolaíochta a iniúchadh trí thurgnaimh theagmhálacha, cuairteanna ar láthair, léachtaí agus grúpghníomhaíochtaí.
30. Fuair CIT an phríomhdhuais agus an acaláid 'Gnó Chorcaí na Bliana – Duais Mhórchatagóire 2017' ag searmanas Duaiseanna Ghnó Chorcaí na Bliana de chuid Chumann Gnó Chorcaí (CBA) ag Páirc Uí Chaoimh ar 19 Eanáir 2018. De réir Chumann Gnó Chorcaí, bhí an bua ag CIT i ngeall ar na buntáistí eacnamaíochta, mar aon leis na gnéithe ollmhóra sóisialta agus cultúrtha a thugann sí don réigiún.
31. D'óstaigh Lárionad Taighde NIMBUS, i gcomhar le SteriTrack ócáid "Beyond the Internet of Things – How to harness the next wave of digital technology and investment" ag Páirc Uí Chaoimh, Corcaigh ar 22 Eanáir 2018.
32. Ar 23 Eanáir 2018, d'fhógair Rory Lankford, Leas-Uachtarán agus Bainisteoir Ginearálta McKesson Corcaigh, scoláireacht nua le bheith bronnta ar mhac léinn baineann ar chlár céime i Roinn na hEolaíochta Ríomhaire ag CIT, Scoláireacht Iontrála McKesson.
33. Óstaíodh ócáid chun Lá Náisiúnta Chultúr na hUngáire a cheiliúradh i Lárionad Gala Nexus na Mac Léinn ar 27 Eanáir 2018. Bhí an tArd-Mhéara agus Ambasadóir na hUngáire i láthair.
34. Rinneadh Suirbhé ar Thorthaí Chéimithe 2017 in earrach 2018. Léirigh na torthaí cuid mhaith torthaí dearfacha do CIT agus a cuid céimithe i bhfostaíocht íoctha nó i mbun breis-staidéir (51% i bhfostaíocht íoctha agus 45% i mbun breis-staidéir).
35. Ar 13 Feabhra 2018, d'fhógair Roinn na hEolaíochta Ríomhaire seoladh MSc nua lánaimseartha in Intleacht Shaorga (IS). Déanfaidh ábhar an chláir raon cuimsitheach topaicí a sheachadadh a bhaineann go dlúth le staidéar an IS. Cuimsíonn siad sin meaisínfhoghlaim, domhainfhoghlaim, próiseáil teanga nádúrtha, optamú, próiseáil aimhrialachta agus próiseáil mórshonraí, gan ach beagán a lua.
36. Reáchtáladh an tAonach Iarchéime bliantúil i gCampas Bhaile an Easpaig ar 20 Feabhra 2018 agus rinne beagnach 1,500 mac léinn na bliana deiridh agus mic léinn eile freastal air.
37. Bhí seachtain RAG Aontas na Mac Léinn ar siúl le linn sheachtain 23 Feabhra 2018.
38. Nochtadh plaic chun Rory Gallagher a chomóradh san Atrium Thiar ar Champas Bhaile an Easpaig ar 1 Márta 2018. Thug Rory a cheolchoirm dheiridh in Éirinn san Atrium Thiar ar 18 Samhain 1993 mar phríomhthabheoir ag céad Fest Ealaíon Chorcaí.
39. D'óstaigh an Coiste Carthanachta, fochoiste de Choiste Sóisialta CIT, Strictly CIT in Óstán Rochestown Park ar 9 Márta 2018. Óíche thar barr a bhí ann agus bailíodh €32,561 le haghaidh Lárionad Cúram Ailse Chorcaí.
40. D'fhógair CDK go raibh siad ag dul i gcomhpháirtíocht le CIT ar 11 Aibreán 2018, trí cheadúnais úsáideora a chur ar fáil dá Autodrive Dealer Management System (DMS) ar mhaithe lena úsáid ag mic léinn ar an BSc sa chlár Teicneolaíocht agus Bainistíocht Gluaisteáin.
41. D'oscail Simon Coveney Uas., Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, SciFest 2018 in CIT ar 20 Aibreán 2018. Chuir an ócáid 130 tionscadal ar taispeáint ó 330 mac léinn dara leibhéal, ón 1ú Bliain go dtí an 5ú Bliain, as 29 scoil ó gach aird de Chathair agus Contae Chorcaí.
42. Bhí 'FilmCraftCork', an chéad fhéile idirnáisiúnta scannáin in Éirinn ag mic léinn ar siúl in Amharclann Rory Gallagher, Campas Bhaile an Easpaig ar 26 Aibreán 2018. Thaispeáin slua maith mac léinn as Éirinn agus go hidirnáisiúnta raon clár faisnéise agus beochainteanna. Ba iad a d'eagraigh an fhéile ná mic léinn ar an MA i gCaidreamh Poiblí mar aon le Meáin Nua agus CIT.
43. Ar 28 Aibreán 2018, d'óstaigh CIT Comhdháil Náisiúnta OMEP Éireann i gcomhar le OMEP Éireann. Ba é téama na comhdhála 'Enquiring Minds – Celebrating Creativity and Curiosity in Early Childhood'. Ba iad an tOllamh Sylvia Chard

(Project Approach) agus Lyndsey Hellyn agus Stephanie Bennett (Bunaitheoirí 'The Curiosity Approach') na príomhchainteoirí. Is eagraíocht neamhbhrabúsach neamhrialtasach idirnáisiúnta é OMEP a dhéanann cúram de gach gné den Oideachas agus Cúram Luath-Óige.

44. Ar 2 Bealtaine 2018, i gcomhpháirtíocht le Teagasc agus Bord Bia sheol CIT uirlis tacaíochta um chinneadh fuinnimh déiríochta. Taispeánadh an uirlis ag seimineár a bhí dírithe ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn in earnáil an fhuinnimh déiríochta. Bhí idir fheirmeoirí, thaighdeoirí, lucht gairmiúil thionscal na déiríochta agus mhic léinn i láthair.
45. Sheinn Banna Don Baker agus Rob Strong i gceolchoirm ar 4 Bealtaine 2018 in Amharclann Rory Gallagher, Campas Bhaile an Easpaig.
46. D'óstaigh CIT 80 mac léinn idirbhliana mar chuid den chlár Engineering Your Future 2018 a bhí ar siúl i mBealtaine. Is clár teagmhálach seachtaine é seo atá ceaptha chun léargas praiticiúil bríoch a thabhairt do mhic léinn ar an innealtóireacht ag an tréimh leibhéal agus mar shlí bheatha.
47. Sheol an Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach scoláireacht i gcuimhne ar an ngníomhaí IMPACT, Tom Bogue nach maireann, ar 14 Bealtaine 2018. Bhunaigh an ceardchumann Fórsa 'Scoláireacht Táillí Iarchéime Tom Bogue' de €6,000 i gcuimhne ar Tom chun a thiomantas don oideachas agus dul chun cinn sóisialta a léiriú. Ghlac Uachtarán CIT, an Dr Barry O'Connor, an duais ar son na hInstitiúide.
48. Chuir an Roinn Mínealaíne & Ealaíne Feidhmí de chuid Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT a dTaispeántas Céime 2018 SEE SAW i láthair ó 1 – 9 Meitheamh arna oscailt ag Mary Cremin, coimeádaí Pailliún na hÉireann do Biennale na Veinése 2019.
49. Rinneadh CIT a roghnú agus a fhógairt mar an institiúid óstach le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta Eispéaras Céad Bhliana na hEorpa – EFYE 2019 atá le bheith ar siúl in CIT ó 17 – 19 Meitheamh 2019. Beidh sé sin ar an gcéad uair a mbeidh comhdháil EFYE ar siúl in Éirinn.
50. Seoladh clár nua, Baitsiléir Ealaíon (Onór) i nGnó Idirnáisiúnta mar aon le Staidéar Eitlíochta agus is é an chéad cheann dá leithéid san Eoraip. Tá an clár dírithe go sonrach orthu siúd ar píolótaí oilte iad i dtionscal na heitlíochta. Agus é á sheachadadh ar líne, tá an clár bunaithe ar an oiliúint agus forbairt mhór a dtugann píolótaí fúthu agus nascann leis an eolas agus scileanna leathana gnó.
51. Thionól an Roinn Eagrúcháin & Forbartha Gairmiúla Tráthnóna Faisnéise don chúrsa Máistir Múinte i Riarachán Gnó (Straitéis) ar 14 Lúnasa 2018. Rinne mic léinn reatha cur síos gairid ar na buntáistí d'fhorbairt phearsanta agus ghairme a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an gclár MBA.
52. Bhí Night Vision, taispeántas obair Líníochta, Péintéireachta, Ceirmeachta, Teicstílí agus Grianghrafadóireachta le mic léinn a chuir i gcrích cúrsaí páirtaimseartha ag Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT in 2018, ar siúl sa Dánlann ag Uimh. 46 Sráid an Chapaill Bhuí.
53. Shínigh an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha ar son CIT agus Uachtarán IT Thrá Lí Meamram Tuisceana idir IT Thrá Lí agus CIT ar 17 Lúnasa 2018 maidir le Ciste Forbartha Eacnamaíochta Réigiúnaí Fhiontar Éireann.
54. Shínigh an bheirt Uachtarán Meamram Tuisceana idir Institiúid Teicneolaíochta New Jersey agus CIT ar 1 Meitheamh 2018 maidir le comhoibriú acadúil agus oideachasúil.
55. Síníodh Meamram Tuisceana idir Scoil na nAmharcealaíon Nua Eabhrac agus CIT ar 29 Meitheamh 2018 i dtaca le comhoibriú i gcur chun cinn gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus gairmiúla.
56. Ar 11 Iúil 2018, síníodh Meamram Tuisceana idir Coiste Spóirt Chathair Chorcaí (CCSC) agus CIT i dtaca le freagrachtaí an dá pháirtí d'fhonn go leanfadh ócáid Spóirt Chathair Chorcaí ag na caighdeáin arda atá bunaithe trí mheán na saoráidí a chuirtear ar fáil ag CIT agus eagrú na hócáide trí mheán an CCSC. Shínigh Uachtarán CIT agus Uachtarán CCSC an Meamram.
57. Tionóladh 66ú Spóirt Chathair Chorcaí ar 18 Iúil i dtailte CIT agus ba é sin an chéad uair le 12 bhliain gur craoladh an t-imeacht ar theilifís bheo, a raibh mar thoradh air an chéad chraoladh ar lúthchleasaíocht riamh ag TG4.
58. Thug Spásaire ESA Paolo Nespoli cuairt ar Chorcaigh ar 23 Iúil 2018 chun bratacha Chorcaí agus CIT, a thaistil go dtí an Stáisiún Idirnáisiúnta Spáis, mar chuid d'Ollscoil Idirnáisiúnta Spáis SSP17 a bhí óstaithe ag CIT i samhradh 2017 a thabhairt ar ais go foirmiúil. Iompraíodh na bratacha san SIS le linn Fheachtas 52/53 a seoladh ar an Soyuz MS-05 ar 27 Iúil 2017 ag Baikonur, Kazakhstan, agus a tháinig ar ais ar an Domhan ar 14 Nollaig 2017 tar éis 139 lá i spás.

Rinneadh an tAistriú Oifigiúil in Halla Curtis, Ceolscoil Chorcaí CIT agus thug an Spásaire Nespoli Léacht Poiblí ina dhiaidh dar teideal "In Space for Earth".

59. Ghlac baill foirne acadúla ag CIT agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann páirt mar shainfhinnéithe creidiúnacha i dturgnamh eolaíochta a rinne SEA-Tech atá bunaithe i gCorcaigh agus a bhí faoi cheannas grúpa finnéithe creidiúnacha comhdhéanta de lucht gairmiúil muirí agus taighdeoirí agus é le bheith curtha i leabhair na gcuriarrachtaí. Ba é ba aidhm leis an turgnamh ná curiarracht dhomhanda a shocrú do tharchur leathanbhanda muirí gan líonra satailíte ná cille agus úsáid á baint as córas cumarsáide muirí SeaFi gan sreang. Tá fianaise ar an bhfad curiarrachta seo á cur chuig Guinness World Records Book.

7.2 Forbairt Champais

1. Arena CIT



Cur Síos

Tá foirgneamh ilchuspóireach Arena CIT le húsáid i gcomhair trí fheidhm, mar atá: spóirt agus folláine; ealaíona agus cultúr; acadúil/oideachas. Is achar 3,500mcr atá beartaithe san foirgneamh a chuimsíonn halla spóirt 8 gcúirt; giomnásiam iomlán cardamheáchana; saoráidí athraithe; agus roinnt seomraí ilchuspóireacha/tionscadail.

Stádas an Tionscadail

Tá cead pleanála, Teastas Sábháilteachta Dóiteáin agus Teastas Rochtana Míchumais faighte. Tá an tionscadal ar feitheamh faoi láthair.

2. Lárionad Acmhainní Foghlama LRC



Cur Síos

Is foirgneamh neamhspleách é de 6,750mcr é an foirgneamh atá beartaithe a chuimsíonn seomraí léachta, seomraí seimineáir, caifé foghlama, achair staidéir agus oifigí, atá suite laistiar de Phríomhfhoirgneamh 1974.

Stádas an Tionscadail

Faomhadh an tionscadal le bheith cuimsithe i gCuach 1 den CPP 3ú leibhéal i nDeireadh Fómhair 2017. Ina dhiaidh sin, réachtáladh roinnt ceardlanna leis an ÚAO/ROS/NDFÁ agus CIT. Ceapadh an fhoireann dearaidh i mBealtaine 2018 agus cuireadh tús le comhairliúchán na foirne dearaidh i Meitheamh 2018. Beartaítear cur isteach ar Chead Pleanála go luath in 2019.

3. Athchóiriú Fhoirgneamh Melbourne – Pas 8



Cur Síos

Pas 8 (J104 go J107) chun cóiríocht a chur ar fáil d'oifig fhoireann earcaíochta acmhainní daonna, roinnt seomraí agallaimh agus seomra feithimh ar a n-áirítear athchóiriú ar an achar forhalla iontrála.

Stádas an Tionscadail

Cuireadh an tionscadal i gcrích i Meitheamh 2018.

4. Tionscadail Éagsúla don Phríomhfhoirgneamh



Cur Síos

Tionscadal Píolótach Aerála Bloc B.

Uasghráduithe éagsúla ar sheomraí ranga.

Móroibreacha meicniúla uasghrádaithe chun cuid mhór den dáiliúchán inmheánach uisce a athsholáthar agus na píopaí téimh a atreorú ó bheith faoin talamh go dtí os cionn na talún.

Stádas an Tionscadail

Tionscadal Píolótach Bloc B: Curtha i gcrích in Iúil 2018. Uasghráduithe seomraí ranga: Curtha i gcrích le linn shamhradh 2018. Oibreacha Meicniúla Uasghrádaithe: Indéantacht agus dearadh curtha i gcrích.

5. Athbhreithniú agus Uasghrádú ar Mháistirphlean an Champais



Cur Síos

Ceapadh Ailtirí Reddy chun athbhreithniú a dhéanamh ar an máistirphlean agus na roghanna straitéiseacha atá ar fáil d'fhorbairt fhisiciúil na hInstitiúide a mhapáil amach do na 10 mbliana seo chugainn ar a n-áirítear athbhreithniú ar an bplean páirceála agus comaitéara.

Stádas an Tionscadail

Ceapadh Ailtirí Reddy i Márta 2017 agus tá siad ag oibriú tríd an bplean le páirtithe leasmhara CIT.

6. CEDC CIT – Ceardlann/ Achar Stórála



Cur Síos

Tá gá le hathchóiriú suntasach a dhéanamh ar na ceardlanna agus seideanna stórála i CEDC CIT. Tá uasghrádú forleathan leictreach agus athchóiriú ginearálta beartaithe ar bhonn céimnithe chun na hachair sin a bheith de réir na gcaighdeán is ceart.

Stádas an Tionscadail

Tá Pas 2 curtha i gcrích le linn shamhradh 2018. Chuimsigh an obair sin oibreacha uasghrádaithe leictreacha.

Tá Pas 3 beartaithe do shamhradh 2019 agus cuimsíonn sé sin uasghráduithe aerála agus téimh mar aon le seideanna stórála a athshoiláthar.

7. Oibreacha ar Éadan Bhloc G



Cur Síos

Shainaithin tuarascáil iniúchta a rinneadh ar an bhfoirgneamh roinnt fadhbanna san éadan agus an dóchúlacht go dtarlódh lobhadh sna baill struchtúrtha ar an gcéad urlár. Moladh go ndéanfaí oibreacha feabhais chun gach caolach sraithadhmaid amadóra ingearaigh ag altanna cumhdaithe a athsholáthar le próifílí miotail phúdarbhraithe agus an t-adhmad go léir a bhí buailte ag an lobhadh a athsholáthar agus cóireáil a dhéanamh ar an gcuid eile go léir den adhmad.

Stádas an Tionscadail

An obair curtha i gcrích le linn shamhradh 2018.

8. Deisiúcháin ar Dhíon Rubicon




Cur Síos

I ngeall ar fhadhbanna leanúnacha le sceití ón díon i Lárionad Rubicon, rinneadh tuarascáil a mhol oibreacha feabhais. Cuimsithe san obair bhí athlíneáil gáitéar, líonach mullaigh a athsholáthar, caidhpeanna dúnpholl agus suiteach creimithe a athsholáthar agus obair ghinearálta deisiúcháin.

Stádas an Tionscadail

An obair curtha i gcrích le linn shamhradh 2018.

9. Uasghrádú ar Cheardlann Leictreachais Bhloc B



Cur Síos

Tionscadal sábháilteachta a bhí ann a raibh i gceist leis landairí a shuiteáil i gceardlanna A104 agus A106 na bPrintíseach Leictreachais chun tacaíochtaí a thabhairt do na cláir dáiliúcháin leictreachais. Roimhe sin suiteáladh agus aistríodh ar ais na cláir sin roimh agus tar éis gach rang. Tá cóiríocht sna ceardlanna do 32 printíseach i ngach rang. Tá achar de thart ar 120mcr sna seomraí.

Stádas an Tionscadail

An obair curtha i gcrích le linn shamhradh 2018.

7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí

I Meán Fómhair 2017, d'éirigh Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta na hInstitiúide, Seán O'Riordan, as a phost. Fógraíodh an ról agus tugadh faoi phróiseas agallaimh. Chuaigh Janice Hegener Uas. i mbun an phoist in Eanáir 2018. Rinneadh athbhreithniú ar Ráiteas Sábháilteachta CIT. Cheadaigh an tUachtaran an cháipéis athbhreithnithe i bhFómhar 2018.

Leanadh den obair in 2018 ar roinnt gnéithe de Chórais Bhainistithe Sábháilteachta CIT agus go háirithe ar na réimsí Bainistiú Conraitheora agus Córais Ceadaithe Oibre. Rinneadh athbhreithniú ar Ghnáthaimh Fhreagartha Éigeandála na hInstitiúide go háirithe i dtaca le fadhbanna a d'éascair as teagmhas sneachta Fheabhra/Márta 2018.

Rinneadh Taighde Margaidh féachaint an gcuideadh Córas Bainistithe Sábháilteachta néalbhunaithe le bainistiú sábháilteachta laistigh den Institiúid. Bhuail páirtithe leasmhara CIT soláthróirí seirbhísí chun a gcuid earraí a bhreithniú. Ta tuilleadh oibre ar siúl sa réimse sin. Rinneadh Measúnú Riosca Legionella agus eisíodh tuairisc mheasúnaithe riosca d'Fhoirgnimh & Eastáit. Rinneadh measúnaithe riosca freisin ar láithreacha Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ag Sráid an Chapail Bhúí agus Lána Sober agus eisíodh tuairiscí.

Tharla dhá thimpiste thromchúiseacha – ceann i gColáiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus ceann i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann. Rinneadh imscrúduithe iomlána agus modheolaíocht athbhreithnithe le haghaidh imscrúdaithe timpiste á húsáid. D'éiligh na teagmhais sin idirghníomhú leanúnach le hárachóirí na hInstitiúide mar thoradh ar na teagmhais.

Fuair na Ranna Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil agus Seirbhísí TF tacaíocht chun tabhairt faoi mheasúnuithe ar Threalamh Scáileáin Taispeána Stáisiún Oibre.

Oiliúint Sábháilteachta

Cuireadh Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta mar seo a leanas:

- Oiliúint i Sábháilteacht Dóiteáin i gcomhair bhaill foirne Saotharlainne agus Ceardlainne
- Oiliúint i gcomhair bhaill foirne feighlí maidir leis na gnáthaimh fhreagartha ar rabhadh dóiteáin
- Oiliúint Tiománaí Forcardaitheora i gcomhair bhaill foirne i gColáiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Foirgnimh & Eastáit
- Oiliúint i Láimhseáil Láimhe i gcomhair bhaill foirne i gCaisleán na Carraige Duibhe agus Roinn na Forbartha Straitéise
- Oiliúint Chéad Fhreagróra i gcomhair bhaill foirne i Riarachán, sa Leabharlann agus Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhair bhaill foirne agus mac léinn céad bhliana i dTurasóireacht & Fáilteachas.

Tionscadail Sláinte agus Sábháilteachta

Cuireadh an t-uasghrádú ar thionscadal stórais sheachtracha na gceimiceán chun cinn i mbliana.

Timpistí/Teagmhais CIT ó Mheán Fómhair 2017 – Lúnasa 2018

Timpistí/Teagmhais CIT ó Mheán Fómhair 2017 – Lúnasa 2018						
Mí	Timpistí	Mionbhosca Garchabhrach (Áirithe le Timpistí)	Timpistí Intuairiscithe don HSA	Teagmhais (teagmhais leighis/neasteagmhais)	D'fhéadfadh bheith Inbhagrach don Bheatha	Glaonna ERT
Meán Fómhair	9	6	0	3	0	3
Deireadh Fómhair	14	7	0	10	1	11
Samhain	6	0	1	6	0	6
Nollaig	3	2	0	3	0	4
Eanáir	0	0	0	3	0	2
Feabhra	4	0	2	1	0	1
Márta	5	3	0	5	0	5
Aibreán	4	3	0	5	0	5
Bealtaine	2	2	0	1	0	1
Meitheamh	1	1	0	0	0	0
Iúil	1	1	0	0	0	0
Lúnasa	0	0	0	0	0	0
Iomlán	49	25	3	37	1	38

Tuairiscíodh 49 timpiste ar fad, ar rangáíodh 25 díobh mar Bhosca Garchabhrach. Cuireadh cóireáil ar na miontimpistí sin ar an láthair gan gá le gníomh ar bith eile, i.e. cóireáil steiriúil curtha ar chréacht nó Watergel curtha ar mhiondó. Tuairiscíodh 37 teagmhas eile freisin. Is éard a bhí iontu go príomha teagmhais leighis nó neasteagmhais nuair nár tharla aon ghortú.

Léiríonn an líon iomlán de 86 timpiste agus teagmhas laghdú suntasach ar an líon de 134 do 2016/17.

Coiste Sábháilteachta CIT

Rinneadh sceidealú ag idirlinnte rialta ar chruinnithe Coiste Sábháilteachta ar feadh na tréimhse.

7.4 Pointí Teagmhála

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: www.cit.ie

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

Seoladh

Baile an Easpaig, Corcaigh

Teileafón

+353 21 432 6100

CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

Seoladh

Cé na hAontachta, Corcaigh

Teileafón

+353 21 480 7300/310

Facs

+353 21 454 7617

Gréasán: <https://csm.cit.ie>

COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

Seoladh

Sráid Sharman Crawford, Corcaigh

Teileafón

+353 21 433 5200

Facs

+ 353 21 433 5201

Gréasán: <https://crawford.cit.ie>

COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN

Seoladh

Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí

Teileafón

+353 21 497 0600

Facs

+353 21 497 0601

Gréasán: www.nmci.ie



Foilsithe ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire
@ Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Meitheamh 2020

Arna tháirgeadh ag baill foirne Oifig an Uachtaráin

Nóta:

Rinneadh gach dícheall a chinntiú go bhfuil an t-eolas anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid le dliteanas ar bith as earráid ar bith atá ann.

E&OE

Aistritheoir
Niall Ó Murchadha

